Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Slándáil Fuinnimh in Éirinn suas go 2030

## An Pacáiste Slándála Fuinnimh

**Samhain 2023**

Arna ullmhú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
**www.decc.gov.ie**

# Clár Ábhar


Brollach ón Aire iii

Achoimre: Cé na réimsí inar féidir le hÉirinn feabhas a chur ar a feidhmíocht? 1

Rannán 1: Cad atá ag teastáil agus cén fáth? 4

- An Comhthéacs Beartais Náisiúnta 5
- An Comhthéacs Beartais Eorpach 8
- Rioscaí Slándála Fuinnimh d'Éirinn 9
- Anailís ar Shlándáil Fuinnimh 12

Rannán 2: Cad a athróidh anois? 19

- Cur Chuige Straitéiseach 20
- Réimsí Gnímh 20
- Éileamh Laghdaithe Freagrúil 22
- Córas atá faoi Threoir ag Foinsí Fuinnimh In-athnuaite 32
- Córais Níos Athléimní 41
- Rialachas Láidir Riosca 59
- Na Chéad Chéimeanna Eile 71

Aguisíní

- Aguisín 1: Slándáil Fuinnimh in Éirinn suas go 2030: Iarscríbhinn Gníomhartha 73
- Aguisín 2: Mór-Ráitis Bheartais 2015-2023 76
- Aguisín 3: Liosta Iarscríbhinní 80

# Brollach ón Aire

Tá Éire ar an gconair i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030 agus i dtreo a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2050. Sa todhchaí, is le fuinneamh in-athnuaite a fhreastalófar ar fhormhór ár riachtanas fuinnimh agus beidh fuinneamh in-athnuaite mar bhonn dár slándáil fuinnimh.

Táimid inár gceannairí domhanda i réimse an fhuinnimh gaoithe ar talamh cheana féin agus is leis an mbrí chéanna a bhímid ag saothrú ár n-uaillmhianta ó thaobh gaoithe amach ón gcósta, grianfhuinnimh, idirnaisc, hidrigine, bithmheatáin agus éifeachtúlachta fuinnimh de. Tríd an uaillmhian sin a chomhlíonadh, cinnteofar nach mbeidh ár gcóras fuinnimh bunaithe ar allmhairí agus gur ar leictreachas in-athnuaite dúchasach a bheidh sé fothaithe.

Le linn an aistrithe seo, rinneamar dul chun cinn suntasach, agus leanaimid le dul chun cinn suntasach a dhéanamh, ar ár slándáil fuinnimh a fheabhsú. Sa **Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide** 2023, leagtar amach conair i dtreo gach earnáil den gheilleagar a dhícharbónú, rud atá mar bhunchloch do sholáthairtí fuinnimh atá inbhuanaithe, slán agus inacmhainne a bhaint amach sa todhchaí. Sa bhliain 2022, le linn freagairt don ghéarchéim fuinnimh tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, tugadh clár gníomhartha isteach go ríthapa faoin **gCreat Náisiúnta Slándála Fuinnimh**. Thug mé dhá phíosa reachtaíochta ar aghaidh chun aghaidh a thabhairt ar ghnóthachain amhantair san earnáil fuinnimh le linn na bliana 2023, agus iad bunaithe ar threoracha ón Aontas Eorpach. Tá na fáltais ón reachtaíocht á n-úsáid chun dul chun tairbhe do thomhaltóirí fuinnimh. Thugamar bearta amhail an scéim Creidmheasanna Leictreachais agus scéimeanna tacaíochta gnó isteach chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do theaghlaigh agus gnólachtaí le linn na géarchéime. I mBuiséad 2024, lean an Rialtas dá chuid tacaíochta a sholáthar trí thrí chreidmheas leictreachais do chustaiméirí baile.

Tá tionscnaimh éagsúla i bhfeidhm agus á bhforbairt chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun solúbthacht éilimh a mhéadú, agus iad ina nithe tábhachtacha eile maidir le córas fuinnimh níos sláine a éascú. Leanadh le borradh a chur faoi fhuinneamh in-athnuaite. Rinneadh an líon is mó nasc riamh sa bhliain 2022 agus reáchtáladh an chéad cheant riamh le haghaidh gaoth amach ón gcósta go rathúil i mbliana. Níos luaithe i mbliana, fuair mé ceadú ón Oireachtas le haghaidh reachtaíocht lena neartaítear an cumas atá againn freagairt d'éigeandáil dhian nó fhada ola. Déanfar amhlaidh tríd an **Acht um Theagmhasacht Éigeandála Ola agus um Fheidhmeanna a bhaineann le Breoslaí Iompair Inathnuaite a Aistriú, 2023**. Leis an **Straitéis Náisiúnta Hidrigine** a foilsíodh i mí Iúil 2023 agus leis an **Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin** (atá á forbairt faoi láthair), cuirfear sinn ar an mbealach ceart i dtreo foinsí nua gáis in-athnuaite dhúchasaigh a fhorbairt in Éirinn. Comhlánófar leo freisin an obair atá ar bun againn chun leanúint le hidirnasc a leathnú chuig an Eoraip, mar atá leagtha amach sa bheartas is déanaí a foilsíodh i mí Iúil 2023.

Is ollmhór atá an méid atá á dhéanamh againn cheana féin chun Éire a dhícharbónú, ach bíonn dúshláin ann i gcónaí maidir leis an dícharbónú sin a bhaint amach go slán agus go tapa. Le linn dúinn aistriú, teastóidh bearta breise uainn chun córas fuinnimh atá athléimneach, iontaofa agus slán a chinntiú.

Rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide athbhreithniú ar ár mbeartais Slándála Fuinnimh thar an dá bhliain seo a chuaigh thart, agus díriú ar leith á leagan aici ar na hearnálacha Leictreachais agus Gáis. Foilsíodh an t-athbhreithniú sin mar chuid den phacáiste slándála fuinnimh. Sa bhliain 2022, d'fhostaigh mé an tUas. Dermot McCarthy, iar-

Ard-Rúnaí ag Roinn an Taoisigh, chun tabhairt faoi **Athbhreithniú Neamhspleách ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais**. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uas. McCarthy as an athbhreithniú mionsonraithe uaidh, lenar rannchuidíodh go díreach leis na gníomhartha atá leagtha amach sa phacáiste. Fuaireamar breis agus 450 freagra ar ár gcomhairliúchán ar **Shlándáil Soláthair Chórais Leictreachais agus Gháis Nádúrtha na hÉireann**. Chuir na freagraí sin go mór leis an obair a rinneadh chun an pacáiste seo a ullmhú, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuir freagra isteach. Tabharfar an t-athbhreithniú sin ar shlándáil an tsoláthair chun críche tar éis don Rialtas breithniú a dhéanamh ar an gcur chuige is fearr i leith Cúltaca Straitéiseach Éigeandála Gáis a sholáthar i gcéad leath na bliana 2024. D'óstáil mé cruinniú mullaigh geallsealbhóirí maidir le 'Neamhspleáchas Fuinnimh' in éineacht leis an Taoiseach agus leis an Tánaiste i mí Iúil, rud lenar áiríodh seisiún ar Shlándáil Fuinnimh. Is é an pacáiste seo ár bhfreagairt do gach ceann de na hionchuir sin. Tá sé dírithe ar leanúint ar aghaidh le dul chun cinn agus gníomhaíocht a dhéanamh. Leis an bpacáiste seo, neartófar cur chuige na hÉireann i leith riosca agus athléimneachta, agus dearcadh comhtháite, sistéamach agus meántéarmach á ghlacadh i leith cén áit agus cén dóigh ar féidir linn tuilleadh a dhéanamh. Ar an tslí sin, rannchuideofar le córas fuinnimh atá níos sláine, níos inbhuanaithe agus níos inacmhainne a bhaint amach d'Éirinn, agus brúfaidh mé cur chun feidhme tapa cuimsitheach an phacáiste chun cinn.

Eamon Ryan TD

*An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide*

# Achoimre

## Cé na réimsí inar féidir le hÉirinn feabhas a chur ar a feidhmíocht?

# Conas is féidir le hÉirinn slándáil fuinnimh a fheabhsú?

Tá an beartas slándála fuinnimh in Éirinn bunaithe ar thrí chuspóir beartais: inbhuanaitheacht; inacmhainneacht; agus slándáil. Buntaca leis na cuspóirí sin is ea an raon leathan tionscnamh beartais atá á gcur chun feidhme faoi láthair, mar atá achoimrithe ar leathanach 5.

Le linn na mblianta 2022 agus 2023, rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide athbhreithniú ar na beartais éagsúla slándála fuinnimh atá i bhfeidhm againn. Áiríodh leis an obair sin cleachtaí ullmhachta, athbhreithniú agus comhairliúchán poiblí fairsing ar líonraí Leictreachais agus Gáis na hÉireann, Athbhreithniú Neamhspleách ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais (Tuarascáil McCarthy), freagairt slándála fuinnimh don ionradh ar an Úcráin tríd an gCreat Náisiúnta Slándála Fuinnimh, anailís beartais ar shlándáil an tsoláthair ola, agus 'Cruinniú Mullaigh maidir le Neamhspleáchas Fuinnimh' a d'óstáil an Rialtas i mí Iúil 2023.

Sa chomhairliúchán agus san anailís sin, tarraingíodh aird ar an ríthábhacht a bhaineann le clár oibre beartais fuinnimh in-athnuaite na hÉireann. Leagadh amach ann freisin na príomhrioscaí straitéiseacha atá roimh Éirinn i gcomhthéacs Eorpach agus Idirnáisiúnta a bhíonn ag athrú, mar atá achoimrithe ar leathanach 7. Tháinig na conclúidí seo a leanas chun cinn i ndáil le slándáil fuinnimh na hÉireann:

1. Beidh fuinneamh na hÉireann amach anseo slán trí aistriú ó chóras fuinnimh atá bunaithe ar ola, ar mhóin, ar ghual agus ar ghás chuig **córas leictreachas-treoraithe** lena n-uasmhéadaítear ár n-acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite agus ár solúbthacht agus tríd an gcóras sin a chomhtháthú isteach i gcórais fuinnimh na hEorpa. Trí bhonneagar eangaí cliste a úsáid, comhtháthófar gáis in-athnuaite, córais téimh/fuaraithe agus córais soghluaisteachta le chéile chun freastal ar na riachtanais fuinnimh atá ag ár saoránaigh. Beidh orainn uasmhéadú a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus bogadh go tapa chuig foirgnimh astaíochtaí nialasacha. Soláthrófar an todhchaí fuinnimh shlán sin trínár spriocanna aeráide, fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh trí na gníomhartha agus na bearta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, rud a nuashonraítear gach bliain.
2. Pleananna cuí maidir lenár soláthairtí leictreachais a dhaingniú is ea na pleananna atá againn don **chóras leictreachais**, ar pleananna iad atá dírithe ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, solúbthacht ó thaobh an éilimh de, cúltaca solúbtha i riocht giniúint nua ghásadhainte, idirnasc agus stóráil a chur leis an gcóras. Ní mór dúinn díriú ar sholáthar agus ní mór dúinn faireachán a dhéanamh ar ár bpleananna agus iad a choigeartú de réir mar a leanaimid ar aghaidh.
3. Cé go bhfuil ár soláthairtí **gáis nádúrtha** agus ár mbonneagar gáis leordhóthanach chun freastal ar ár n-éileamh réamh-mheasta, níl siad sách athléimneach i leith mórchur isteach ar ár n-allmhairí gáis. Tá Éire ina hasluiteach ina leith sin i gcomparáid le tíortha eile den Aontas Eorpach. Chun laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar allmhairí gáis, laghdóimid an t-éileamh ar ghás nádúrtha agus méadóimid an soláthar gáis in-athnuaite dhúchasaigh le himeacht ama. Bunóimid réitigh stórála atá comhoiriúnach le gás in-athnuaite mar riachtanas buan slándála fuinnimh, agus tabharfaimid Cúltaca Straitéiseach Éigeandála Gáis isteach ar bhonn idirthréimhseach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais slándála sa mheántéarma, faoi réir ceadú críochnaitheach a fháil ón Rialtas sa bhliain 2024 don chur chuige is fearr.
4. Tá dóthain cúltaiscí **ola** againn lena n-úsáid le linn éigeandáil soláthair ola agus tá pleananna i bhfeidhm chun iad a dháileadh de réir mar is gá. Ar leithligh uaidh sin, is gá dúinn a chinntiú gur láidir atá na soláthairtí tráchtála a thagann isteach sa Stát agus gurb ann do bhonneagar le haghaidh táirgí scagtha a dháileadh ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Is gá dúinn ár n-éileamh ar ola a laghdú ag an am céanna.

5. Tá dea-**rialachas** ina dhearbhphrionsabal bunúsach ó thaobh slándála fuinnimh de. De réir mar a leanann Éire ar aghaidh lena córas fuinnimh a bhunathrú, teastaíonn uaithi an struchtúr rialachais is fearr is féidir chun soláthar agus bainistíocht láidir riosca a chinntiú agus chun a chinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha i bhfeidhm. Is gá dúinn na sásraí freagartha atá i bhfeidhm faoi láthair a bhreisiú chun aghaidh a thabhairt ar chur isteach ar an soláthar fuinnimh, cuntasacht córais a neartú agus cainéil faisnéise a fheabhsú. Ina theannta sin, cuirfimid ar aghaidh bearta sonracha san earnáil leictreachais a bhfuil mar aidhm leo íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go dtarlóidh an ghéarchéim reatha slándála soláthair arís.
6. Tá ríthábhacht ag baint le **bonneagar criticiúil** a sholáthar maidir le slándáil fuinnimh, agus teastaíonn creat dlíthiúil láidir agus comhlachtaí lánacmhainnithe Stáit ina leith. Ní mór na deiseanna uile atá ann chun soláthar an bhonneagair fuinnimh a bhrostú a thapú.
7. Is ag athrú atá na **rioscaí** atá romhainn maidir lenár bhfuinneamh a dhaingniú. Ní mór dúinn a chinntiú go dtabharfar tús áite do shlándáil fuinnimh, agus go ndéanfar faireachán agus athbhreithniú uirthi, go tráthrialta.

Áirítear leis an bpacáiste seo raon beart chun an cur chuige sin a chur chun feidhme trí thús áite a thabhairt do na nithe seo a leanas:




Cuirfear an Pacáiste chun feidhme suas go dtí an bhliain 2030, agus athbhreithneofar é gach cúig bliana ina dhiaidh sin, ar lena linn a thuairisceofar do Ghrúpa nua Slándála Fuinnimh a bheidh freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh.

# Rannán 1

## Cad atá ag teastáil agus cén fáth?

# An Comhthéacs Beartais Náisiúnta

Tháinig athruithe móra ar bheartas fuinnimh agus aeráide na hÉireann ó foilsíodh an **Páipéar Bán ar Fhuinneamh** sa bhliain 2015, rud inar leagadh amach conair i dtreo Éire a aistriú chuig todhchaí fuinnimh ísealcharbóin faoin mbliain 2030. Leagadh amach sa **Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019** sprioc le haghaidh 70% den ghiniúint leictreachais ar fad a bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2030. Tháinig méadú ar an uaillmhian ó thaobh an aistrithe fuinnimh de tar éis an Rialtas nua a bhunú sa bhliain 2020. Fianaise air sin ba ea **an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021**, chun creat atá ina cheangal dlí agus lena ngabhann spriocanna soiléire agus gealltanais atá socraithe sa dlí a bhunú chun a chinntiú go leabaítear na struchtúir agus na próisis is gá ar bhonn reachtúil chun go mbeimid in ann ár gcuid spriocanna agus oibleagáidí náisiúnta, Aontais Eorpaigh agus idirnáisiúnta maidir leis an aeráid a bhaint amach. Mionsonraíodh ann uasteorainneacha astaíochtaí earnála i ngach earnáil, lenar áiríodh astaíochtaí leictreachais a laghdú faoi 75% nó go trí mhilliún tona de choibhéisí CO2 in aghaidh na bliana faoin mbliain 2030 (i gcomparáid leis an bhfigiúr bonnlíne don bhliain 2018). Sa **Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023**, méadaíodh an uaillmhian ó thaobh foinsí fuinnimh in-athnuaite de trí sprioc a leagan síos chun an sciar den ghiniúint leictreachais ar fad a thagann ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú go 80% faoin mbliain 2030.

San earnáil leictreachais, oibríonn Éire mar chuid den **Mhargadh Leictreachais Aonair**, rud arb é an margadh mórdhíola leictreachais ar an oileán é. Déantar é a riar agus a rialáil i gcomhar le húdaráis in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tar éis an Bhreatimeachta, foráiltear go sainráite d'oibriú leantach an Mhargaidh Leictreachais Aonair sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, lena n-áirítear an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020 agus a idirbheartaíodh idir an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Ríochta Aontaithe. Is é Coiste reachtúil Margaidh Leictreachais Aonair, a chuimsíonn an dá rialálaí fuinnimh agus comhaltaí neamhspleácha, a dhéanann formhaoirseacht ar an Margadh Leictreachais Aonair agus a riarann é, lena n-áirítear an Dearadh Margaidh atá air. Cuireann an Margadh Leictreachais Aonair leasanna tomhaltóirí chun cinn trí iomaíocht mhéadaithe a éascú trí phraghsanna costas-léiritheacha. An tráth céanna, oibríonn sé chun soláthar fuinnimh fadtéarmach atá éagsúil, atá inmharthana agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú.

D'imir ionradh na Rúise ar an Úcráin sa bhliain 2022 tionchar suntasach ar phraghsanna agus soláthairtí fuinnimh ar fud an domhain. D'fhreagair an Rialtas dó sin trí **Chreat Náisiúnta Slándála Fuinnimh** a thabhairt isteach, rud lena gcomhordaítear an obair atá ar bun ar fud na n-earnálacha ola, gáis agus leictreachais. Foilsíodh clár gníomhartha an Chreata Náisiúnta Slándála Fuinnimh i mí Aibreáin 2022, rud ina bhfuil 31 ghníomh. Tá an chuid is mó de na gníomhartha sin curtha i gcrích anois. Tugadh bearta amhail an scéim Creidmheasanna Leictreachais agus scéimeanna tacaíochta gnó isteach chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do theaghlaigh agus gnólachtaí le linn na géarchéime. Leanadh le borradh a chur faoi fhuinneamh in-athnuaite sa tréimhse chéanna. Rinneadh an líon is mó nasc riamh sa bhliain 2022 agus reáchtáladh an chéad cheant riamh le haghaidh gaoth amach ón gcósta go rathúil sa bhliain 2023.

In Éirinn, tugadh dhá phíosa reachtaíochta isteach sa bhliain 2023 chun aghaidh a thabhairt ar ghnóthachain amhantair san earnáil fuinnimh mar fhreagra ar Rialachán 2022/1854 ón Aontas Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar ardphraghsanna fuinnimh. Achtaíodh **an tAcht Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníoc Dlúthpháirtíochta Sealadach),**

**2023**, an 17 Iúil 2023 ar aon dul leis an mbeartas Eorpach. Tá sé mar aidhm leis an Acht sin na brabúis amhantair a ghnóthaigh cuideachtaí breoslaí iontaise sa Stát le linn na mblianta 2022 agus 2023 a ghabháil. Tá an **Bille Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Uasteorainn le hIoncaim Mhargaidh), 2023**, fós ina ábhar don phróiseas reachtach agus é seo á fhoilsiú agus beartaítear leis uasteorainn a chur leis na hioncaim mhargaidh a ghnóthaigh gineadóirí leictreachais in-athnuaite, amhail gineadóirí fuinnimh gaoithe, grianfhuinnimh agus hidrileictreachais, le linn na tréimhse ó mhí na Nollag 2022 go mí an Mheithimh 2023 ar aon dul leis an mbeartas Eorpach. Tá na fáltais ón dá phíosa reachtaíochta sin á ndíriú i dtreo bearta atá ceaptha chun dul chun tairbhe do chustaiméirí leictreachais deiridh.

Tá tionscnaimh éagsúla i bhfeidhm agus á bhforbairt chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun tomhaltas fuinnimh a laghdú, ar nithe tábhachtacha iad maidir le córas fuinnimh níos sláine a éascú. Áirítear leis na tionscnaimh sin **Plean Náisiúnta Iarfheistithe**. I dtús na bliana 2023, tosaíodh reachtaíocht lena neartaítear an cumas atá ag Éirinn freagairt d'éigeandáil dhian nó fhada ola. Leis an **Straitéis Náisiúnta Hidrigine** a foilsíodh i mí Iúil 2023 agus leis an **Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin** atá á forbairt faoi láthair, cuirfear sinn ar an mbealach ceart i dtreo foinse nua gáis in-athnuaite dhúchasaigh a fhorbairt in Éirinn. Comhlánófar leo freisin an obair atá ar bun againn chun leanúint le hidirnasc a leathnú chuig an Eoraip, mar atá leagtha amach sa **Bheartas Idirnaisc** is déanaí a foilsíodh i mí Iúil 2023.




**Fíor 1: An Beartas Fuinnimh agus Aeráide in Éirinn don tréimhse 2015-2023**

# An Comhthéacs Beartais Eorpach

Dearadh margaí gáis agus leictreachais na hÉireann faoi chreat reachtach an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear do mhargaí oscailte iomaíocha.

Tá an tAontas Eorpach ag tabhairt aird ar a neamhshlándáil fuinnimh le blianta fada anuas mar gheall ar an meath ar a tháirgeadh dúchasach ola agus gáis agus mar gheall ar an ardspleáchas atá aige ar allmhairí fuinnimh dá dheasca sin. Sa bhliain 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Rialachán chun slándáil an tsoláthair gáis a neartú tuilleadh (Rialachán 2017/1938)[1], lenar áiríodh prionsabal dlúthpháirtíochta ar faoina bhun nach mór do na Ballstáit cabhrú lena chéile chun soláthar gáis a rathú do na tomhaltóirí is soghonta, fiú amháin sna dálaí is déine ó thaobh soláthar gáis de. Ina theannta sin, mar chuid den **Phacáiste Fuinnimh Ghlain**, leagadh síos le Rialachán 2019/941[2] maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais rialacha le haghaidh comhair idir na Ballstáit chun ullmhú do ghéarchéimeanna leictreachais agus chun iad a bhainistiú agus a chosc.

Rinne an tAontas Eorpach gníomhaíocht chun neamhshlándáil fuinnimh a mhaolú trí fhuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus trí dhul sa tóir ar mhargaí comhtháite Eorpacha gáis. Seoladh **an Comhaontú Glas don Eoraip** i mí na Nollag 2019[3]. Dírítear ann ar roinnt príomhphrionsabal, lena n-áirítear soláthar fuinnimh atá slán agus atá ar fáil ar phraghas réasúnach a chinntiú san Aontas Eorpach, tús áite a thabhairt d'éifeachtúlacht fuinnimh, feidhmíocht fuinnimh ár bhfoirgneamh a fheabhsú, agus forbairt a dhéanamh ar earnáil cumhachta atá bunaithe go príomha ar fhoinsí in-athnuaite. Foilsíodh an pacáiste **'Oiriúnach do 55' ón Aontas Eorpach** ag deireadh na bliana 2021. Tá sé mar aidhm leis astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a laghdú faoi 55% ar a laghad faoin mbliain 2030 i gcomparáid le leibhéil na bliana 1990 agus an tAontas a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2050. Is é atá sa phacáiste sin ón Aontas ná tacar tograí le haghaidh na gníomhartha uile atá ar bun ag an Aontas cheana i réimse na haeráide agus an fhuinnimh a athbhreithniú agus le haghaidh an sprioc atá ag an Aontas maidir leis an sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sa mheascán foriomlán fuinnimh sa bhliain 2030 a mhéadú ó 32% go 40%. Tugadh na caibidlí ar an **Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite** i gcrích agus táthar ag súil leis go ndéanfar sprioc fuinnimh in-athnuaite níos airde a ghlacadh go foirmiúil níos déanaí i mbliana.

I mí Iúil 2021, mhol Coimisiún an Aontais Eorpaigh leagan athbhreithnithe den **Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh** (COM/2021/558). Leis an Treoir athmhúnlaithe, a tháinig i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2023, ceanglaítear ar gach Ballstát a n-éileamh ar Thomhaltas Deiridh Fuinnimh a laghdú go figiúr sonraithe faoin mbliain 2030. Tá tuilleadh samhaltaithe ar siúl faoi láthair chun bonn eolais a chur faoin obair chun straitéis bainistíochta spriocanna a fhorbairt d'Éirinn. Ceanglaítear ar na Ballstáit a ngealltanas agus a gconair coigilte fuinnimh a chur in iúl don Choimisiún sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide.

Ag teacht sna sála ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, mhol an Coimisiún Eorpach an Plean **REPowerEU** i mí na Bealtaine 2022 chun an tAontas Eorpach a dhéanamh neamhspleách ar bhreoslaí iontaise ón Rúis tamall maith roimh an mbliain 2030, agus deireadh á chur leis an spleáchas

[1] RIALACHÁN (AE) 2017/1938 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE - an 25 Deireadh Fómhair 2017 - maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (europa.eu)

[2] RIALACHÁN (AE) 2019/941 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE - an 5 Meitheamh 2019 - maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE (europa.eu)

[3] An Comhaontú Glas don Eoraip a Chur i gCrích (europa.eu)

ar ghás ón Rúis ar dtús.[4] Foilsíodh Rialachán eile (Rialachán 2022/1369)[5] i mí Lúnasa 2022 chun comhordú a dhéanamh ar bhearta maidir le laghdú ar éileamh ar ghás agus cuireadh rialacha chun feidhme leis le haghaidh dul i ngleic le cásanna ina bhfuil diandeacrachtaí ann sa soláthar gáis.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, foilsíodh Rialachán (2022/1854)[6] maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh. Áirítear leis an Rialachán sin bearta a bhfuil mar aidhm leo úsáid leictreachais a laghdú, lena n-áirítear trí uasteorainn shainordaitheach a chur ar ioncaim mhargaidh, agus ar dháileadh ioncam barrachais agus dáileadh ioncam barrachais ó ioncam ó phlódú ar chustaiméirí deiridh leictreachais. Áirítear leis freisin ranníocaíocht dlúthpháirtíochta shealadach shainordaitheach ó chuideachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil gníomhaíochtaí acu in earnálacha an pheitriliam amh, an gháis nádúrtha, an ghuail agus na scaglann chun rannchuidiú le hinacmhainneacht an fhuinnimh do theaghlaigh agus cuideachtaí. Táthar ag súil leis go gcuirfidh an tAontas Eorpach caibidlí ar an bpacáiste gáis uaidh i gcrích go luath, rud lena múnlófar conas a úsáidfear gás de réir mar a aistrímid chuig gáis in-athnuaite a úsáid.

I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach sraith tograí reachtacha a bhfuil mar aidhm leo **Dearadh an Mhargaidh Leictreachais** a athchóiriú. Tháinig na tograí reachtacha sin sna sála ar chomhairliúchán poiblí chun cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí ar luaineacht iomarcach praghsanna, chun tacú leis an rochtain atá ag tomhaltóirí ar fhuinneamh slán ó fhoinsí glana agus chun an margadh a dhéanamh níos athléimní[7]. Chomhaontaigh an Chomhairle cur chuige ginearálta maidir le Dearadh an Mhargaidh Leictreachais ag cruinniú na Comhairle Fuinnimh an 17 Deireadh Fómhair 2023 tar éis idirbheartaíocht fhairsing i measc na mBallstát. Cuireadh tús le hidirbheartaíocht Idirphlé Thrípháirtigh an Aontais Eorpaigh ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais an 19 Deireadh Fómhair 2023. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht an comhad a dhúnadh roimh dheireadh na hUachtaránachta.

Mar aon leis na tograí le haghaidh Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais, d'fhoilsigh an Coimisiún tograí le haghaidh **Rialachán maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh**. Leis na tograí sin, tabharfar cosaint níos láidre ar chúbláil mhargaidh i réimse na trádála fuinnimh agus méadófar muinín agus sláine i ndáil leis an Rialachán maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh an tráth céanna.

## Rioscaí Slándála Fuinnimh d'Éirinn

De réir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh, tá cuid mhór gnéithe ag baint le slándáil fuinnimh: pléann slándáil fhadtéarmach fuinnimh go príomha le hinfheistíochtaí tráthúla chun fuinneamh a sholáthar ar aon dul le forbairtí geilleagracha agus le riachtanais chomhshaoil. Ar an taobh eile, díríonn slándáil ghearrthéarmach fuinnimh ar an gcumas atá ag an gcóras fuinnimh freagairt go pras d'athruithe tobanna sa chothromaíocht idir soláthar agus éileamh.

I gcóras fuinnimh reatha na hÉireann, is ann do roinnt rioscaí maidir lena chinntiú nach mbeidh aon chur isteach ann ar fhoinsí fuinnimh. Athróidh na rioscaí sin de réir mar a aistrímid chuig ár gcóras fuinnimh atá bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Ní fhanfaidh siad mar atá. Is minic is idirghaolmhar a bhíonn na rioscaí a thagann roimh ár slándáil fuinnimh, agus tá siad sin leagtha amach thíos:

---

[4] resource.html (europa.eu) agus resource.html (europa.eu)

[5] Oifig na bhFoilseachán (europa.eu), Rialachán 2022/1369 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás.

[6] Oifig na bhFoilseachán (europa.eu) Rialachán 2022/1854 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh.

[7] Comhairliúchán poiblí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hathchóiriú an mhargaidh leictreachais chun tacú le haistriú fuinnimh atá glan agus inacmhainne, Feabhra 2023 https://www.gov.ie/en/publication/9d196-european-commission-public-consultation-on-reform-of-electricity-market-to-support-a-clean-and-affordable-energy-transition/

## Rioscaí ó Thaobh an tSoláthair de

Is gnách go dtarlaíonn rioscaí ó thaobh an tsoláthair de nuair a chailltear an soláthar ó shaoráidí táirgthe nó bonneagair. D'fhéadfadh cur isteach ar an soláthar teacht as na nithe seo a leanas: (i) rioscaí bonneagair nó teicniúla, amhail briseadh ag saoráidí bonneagair líonra; (ii) rioscaí margaidh amhail allmhairí a bhfuiltear ag súil leo a bheith á n-atreorú chuig margaí eile mar gheall ar eachtraí tobanna agus freagrúlacht praghsanna (lena n-áirítear rioscaí praghsanna, seachas caillteanas soláthairtí fisiciúla); agus (iii) rioscaí geopholaitiúla amhail cásanna nach mbíonn fáil ar phríomhfhoinse soláthair iontu, nó ina dtagann laghdú suntasach ar an bhfáil ar phríomhfhoinse soláthair, mar gheall ar eachtraí geopholaitiúla domhanda agus/nó tubaistí nádúrtha. Tá Éire neamhchosanta ar an riosca sin ós rud é go bhfuil sí ar cheann amháin de na tíortha is mó atá spleách ar allmhairí fuinnimh san Aontas Eorpach agus go bhfuil éagsúlacht theoranta soláthair aici. Ba le hallmhairí a freastalaíodh ar 82% de riachtanais fuinnimh na hÉireann sa bhliain 2022. Ba ó ola allmhairithe a tháinig 48% den fhuinneamh a úsáideadh sa bhliain 2022 agus ba ó ghás nádúrtha a tháinig beagnach 31% de. Ba ó allmhairí trí dhá idirnascaire leis an Ríocht Aontaithe a tháinig 74% de ghás nádúrtha na hÉireann.




**Fíor 2: Spleáchas na hÉireann ar allmhairí breosla iontaise**

## Rioscaí ó Thaobh an Éilimh de

Is féidir le riosca ó thaobh an éilimh de teacht chun cinn nuair a bhíonn féidearthacht ann go dtiocfadh méaduithe tobanna ar an éileamh ar fhuinneamh thar thréimhse ama réasúnta gearr agus nach bhféadfaí freastal ar na méaduithe sin trí mhéaduithe comhfhreagracha ar an soláthar. Is gnách gurb iad teagmhais a bhaineann leis an aimsir, amhail tréimhsí fuara nó tréimhsí gaoithe ísle, nó teaglaim de na teagmhais sin, is cúis le rioscaí ar thaobh an éilimh. Tiocfaidh laghdú ar rioscaí ó thaobh an tsoláthair de in Éirinn de réir mar a mhéadaíonn sí a giniúint fuinnimh in-athnuaite. Tiocfaidh méadú ar rioscaí ó thaobh an éilimh de, áfach, de réir mar a aistrímid ar shiúl ó bhreoslaí iontaise amhail gual agus ola a úsáid agus de réir mar a théann eachtraí aimsire i bhfeidhm ar an bhfáil ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite amhail cumhacht gaoithe agus

grianchumhacht. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú ar spleáchas an chórais leictreachais ar ghás nádúrtha idir an gearrthéarma agus an meántéarma, go háirithe ag amanna gaoithe íseal-luais. Táthar ag súil leis freisin go dtiocfaidh méadú ar an mbuaicéileamh lae ar ghás nádúrtha. Fágann sé sin go leanfaidh an córas leictreachais le brath ar ghás nádúrtha mar fhoinse breosla de réir mar a aistrítear é ina chóras ina dtagann an chuid is mó den fhuinneamh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus de réir mar a chuirtear deireadh le húsáid gáis nádúrtha sa mheántéarma.

## Rioscaí Soláthair

Tá ríthábhacht ag baint leis na spriocanna le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite, le haghaidh sholúbthacht an chórais cumhachta, le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus le haghaidh na hearnála teasa atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ó Éirinn maidir le rioscaí slándála fuinnimh a mhaolú. Trí fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid, laghdaítear rioscaí geopholaitiúla slándála agus laghdaítear an tionchar a imríonn suaití soláthair ar bhreoslaí iontaise. Tá roinnt rioscaí geopholaitiúla ann i slabhra an tsoláthair le haghaidh comhpháirteanna foinsí fuinnimh in-athnuaite, áfach. Tá sé mar aidhm leis **an nGníomh um Thionscal Glan-Nialasach** agus leis **an nGníomh um Mianraí Criticiúla** ón Aontas Eorpach cur i gcoinne na rioscaí sin. Trí spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a bhaint amach, cabhrófar le toilleadh a sholáthar sa chóras leictreachais de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar leictreachas mar thoradh ar leictriú an teasa agus an iompair. Toradh eile a bheidh ar spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a bhaint amach is ea go gcabhrófar le hÉirinn na ceanglais atá uirthi faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chomhlíonadh, rud lena gcuirtear teorainn ar úsáid fuinnimh deiridh. Mura mbaintear spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 amach, beidh sé rídhúshlánach cloí leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. Rinne Éire dea-dhul chun cinn i réimsí áirithe chun spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a bhaint amach, ach ní raibh an dul chun cinn a rinne sí i réimsí eile chomh maith céanna. Cé go bhfuil clár uaillmhianach beart i bhfeidhm, cuirfear slándáil fuinnimh na hÉireann i mbaol mura gcuirtear na bearta uile sin i gcrích.




*Source:* ESB Networks

**Fíor 3: An Meascán Giniúna Leictreachais suas go 2025**

Tá an éiginnteacht maidir le hamlínte le haghaidh cinntí pleanála agus ceadúnúcháin ar cheann amháin de na príomhthosca riosca do thionscadail. Beidh a lán oibrithe oilte ag teastáil chun an bonneagar a theastaíonn a thógáil freisin. De réir mar a aistrímid chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite, ní bheimid chomh spleách céanna ar bhreoslaí iontaise allmhairithe ach teastóidh allmhairí príomhábhar agus príomh-mhianraí uainn. Beidh na rioscaí sin le sárú ag Éirinn ar fud an aistrithe fuinnimh.

## Sabaitéireacht, Ionsaí, agus Rioscaí Cibearshlándála

D'fhéadfadh ionsaí comhordaithe fisiciúil nó cibirionsaí comhordaithe a bheith ina chúis le teip ar chodanna dár gcóras fuinnimh. Léirigh na hionsaithe ar phíblínte gáis Nord Stream go bhfuil bonneagar criticiúil fuinnimh ina thargaid shoiléir d'ionsaithe anois. Ina theannta sin, mar gheall ar dhigitiú na gcóras a úsáidtear chun rialú agus faireachán a dhéanamh ar chórais fuinnimh, tháinig méadú ar mhéid an 'dromchla ionsaithe' le haghaidh cibirionsaithe. Cosúil le tíortha eile, tá Éire faoi réir an riosca sin dá slándáil fuinnimh. Tá an **Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil** á cur chun feidhme ag Éirinn chun a chinntiú go mbreisítear athléimneacht na seirbhísí riachtanacha chun feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a choinneáil ar bun, lena n-áirítear an soláthar fuinnimh. De bhreis air sin, tá Treoir **NIS 2** á cur chun feidhme ag Éirinn chun a chinntiú go mbeidh Éire níos ábalta í féin a chosaint ar chibirionsaithe agus bheith athléimneach ina leith.

## Éifeachtaí Rioscaí an Athraithe Aeráide

Is féidir le héifeachtaí an athraithe aeráide, amhail triomach, tuile agus teocht fhoircneach, difear diúltach a dhéanamh do shlándáil fuinnimh. Bíonn tionchair agus rioscaí an athraithe aeráide ag éirí níos casta i gcónaí. Bíonn sé ag éirí níos deacra na tionchair agus na rioscaí sin a bhainistiú freisin. Cé nach ndearna na heachtraí céanna aimsire foircní a thiteann amach i dtíortha eile a thitim amach in Éirinn go fóill, fágann spleáchas na hÉireann ar allmhairí fuinnimh go bhfuil a rioscaí nasctha lena lán dlínsí eile.

## Rioscaí Infheistíochta

Chun an t-aistriú fuinnimh a dhéanamh, beidh sé riachtanach infheistíocht mhór a dhéanamh sa dóigh a ndéanaimid ár bhfuinneamh a tháirgeadh, a stóráil agus a iompar. Is gnách go mbíonn tionscadail fuinnimh dian ar chaipiteal, agus agaí fada tionscanta ag gabháil leo. Teastaíonn sruth cobhsaí caiteachais ó na cuideachtaí a sholáthraíonn na hinfheistíochtaí sin chun gur féidir leo a dtoilleadh a mhéadú. Teastaíonn beartas comhsheasmhach cobhsaí fuinnimh agus aeráide uathu freisin de réir mar a dhéanaimid an córas fuinnimh a dhícharbónú.

# Anailís ar Shlándáil Fuinnimh

Tá sé shnáithe anailíse mar bhonn agus thaca ag na gníomhartha atá leagtha amach sa phacáiste seo:

- An tAthbhreithniú ar Shlándáil Fuinnimh Líonraí Leictreachais agus Gáis na hÉireann, na staidéir a rinne Cambridge Economic Policy Associates (CEPA) chun tacú leis an anailís sin, agus an bhreis agus 450 freagra comhairliúcháin a fuarthas ina leith.
- An tAthbhreithniú Neamhspleách ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais (Tuarascáil McCarthy).
- An Creat Náisiúnta Slándála Fuinnimh a thabhairt i gcrích.
- Na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide.
- An 'Cruinniú Mullaigh maidir le Neamhspleáchas Fuinnimh: Leas a Bhaint as na Deiseanna d'Éirinn', rud ar óstáil an Rialtas é i mí Iúil 2023.
- Anailís leanúnach beartais ar shlándáil an tsoláthair ola.

**Fíor 4: Ionchuir maidir leis an bPacáiste Slándála Fuinnimh**

Tugadh na hionchuir sin chun críche le linn na mblianta 2022 agus 2023, agus iad thar a bheith idirspleách ar a chéile. Soláthraítear leo bonn don Rialtas chun tabhairt faoi ghníomhaíocht chomhtháite chuimsitheach ar mhaithe le slándáil fuinnimh na hÉireann a neartú. Tá tuarascálacha ábhartha foilsithe ar leithligh ón bPacáiste, agus in éineacht leis, chun gur féidir le geallsealbhóirí gach tuarascáil, agus na conclúidí ar thángthas orthu i ngach ceann díobh, a léamh. Tá achoimre ghearr ar gach ionchur tugtha thíos freisin.

Tar éis gach tuarascáil a chur i gcrích, ghabh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide uirthi féin dul i dteagmháil fhairsing le geallsealbhóirí sa bhliain 2023 chun tacú leis na gníomhartha atá curtha i láthair anseo a fhorbairt. Áiríodh leis sin dul i dteagmháil le Ranna Rialtais ábhartha, leis an rialálaí fuinnimh (CRU), leis na hOibritheoirí Córais Tarchurtha (Líonraí Gáis Éireann agus EirGrid), leis an lucht tionscail, le forbróirí tionscadal, le heagraíochtaí neamhrialtasacha, leis an lucht léinn, leis an gCoimisiún Eorpach, leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh agus le dlínsí comharsanacha.

Ina theannta sin, in Earrach na bliana 2023, rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh athbhreithniú domhain i bpearsa ar bheartais fuinnimh na hÉireann. Cé go bhfuil na fionnachtana agus an tuarascáil uaithi á dtabhairt chun críche ag an nGníomhaireacht faoi láthair, sholáthair sí na dréacht-réamh-mholtaí uaithi díreach tar éis an Athbhreithniúcháin. Tugtar iontu comhairle luachmhar d'Éirinn ó thaobh Slándála Fuinnimh de. Is iad na príomh-réamh-mholtaí uaithi ná gur cheart d'Éirinn na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- An córas pleanála agus toilithe a chuíchóiriú agus a ghiorrú ionas go soláthrófar in am na hinfheistíochtaí a theastaíonn don aistriú fuinnimh.
- Díriú ar chur chun feidhme, go háirithe maidir le bearta i leith foinsí fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh.

- breithniú a dhéanamh ar an rogha atá ann Aonad Snámhach Stórála agus Athghásaithe a úsáid mar shócmhainn stórála straitéisí gáis agus mar chúltaca féideartha le haghaidh fuinneamh in-athnuaite.
- maidir le leictreachas, an líon idirnasc a mhéadú agus athbhreithniú a dhéanamh ar mhéadrachtaí riosca cosúil leis an gcaighdeán iontaofachta.

Tá breithniú á dhéanamh ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cheana féin ar conas roinnt de na réamh-mholtaí sin a chur i bhfeidhm. Cuirfear an t-athbhreithniú ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh i gcrích faoi dheireadh na bliana 2023 agus foilseofar é tamaillín ina dhiaidh sin.

## Achoimre: An tAthbhreithniú ar Shlándáil Soláthair Fuinnimh Chórais Leictreachais agus Gháis na hÉireann

Rinne an Roinn Athbhreithniú ar Shlándáil Soláthair Fuinnimh Chórais Leictreachais agus Gháis na hÉireann. San athbhreithniú sin, díríodh ar an tréimhse go dtí an bhliain 2030 maidir le hais-triú inbhuanaithe chuig fuinneamh in-athnuaite a chinntiú faoin mbliain 2050. Breithníodh san athbhreithniú na rioscaí do sholáthairtí gáis agus do sholáthairtí leictreachais araon, mar aon le bearta éagsúla, lena n-áirítear an gá le toilleadh breise fuinnimh in-athnuaite dhúchasaigh; an gá le fuinneamh a allmhairiú; an gá le stóráil fuinnimh; agus an gá le héagsúlú breoslaí agus le gáis in-athnuaite (amhail hidrigin). Bhí taighde mionsonraithe i gceist leis an athbhreithniú, lenar áiríodh anailís theicniúil ar sheol CEPA í agus comhairliúchán poiblí ar reáchtáil an Roinn é.

Beidh cuid mhór dúshlán le sárú ag Éirinn de réir mar a bhunathraíonn sí a córas fuinnimh chun aistriú chuig todhchaí a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de, agus rinneadh taighde mionsonraithe chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú seo. Bhí trí chéim dhifriúla oibre i gceist leis an anailís theicniúil a bhí ag gabháil leis an gcomhairliúchán, ba iad sin:

- Rioscaí a shainaithint agus a scrúdú.
- Roghanna a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.
- Breithmheas a dhéanamh ar na roghanna sin.

Tá éagsúlacht ann ó thaobh dóchúlachta agus tionchair de maidir leis na rioscaí do shlándáil soláthair fuinnimh na hÉireann. Is féidir na rioscaí sin a mhiondealú bunaithe ar an dóchúlacht go dtarlóidh siad, ar a dhéine a bheidh siad agus ar cá fhad a mhairfidh siad. Rinneadh breithniú ar an dóchúlacht go dtiocfadh na rioscaí féideartha sin chun cinn agus ar conas a d'fhéadfaí na hacmhainní atá ar fáil a úsáid chun na tionchair ar dóigh dóibh a bheith ann ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú.

Fuair an Roinn raon leathan aighneachtaí ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí, agus tá achoimre ar na freagraí tugtha in Iarscríbhinn 3. Rinneadh athbhreithniú agus anailís ar na freagraí comhairliúcháin, inar tugadh léargais thábhachtacha ar roinnt gnéithe, amhail rioscaí, roghanna maolaithe agus bearta beartais. Cuireadh achoimre ardleibhéil ar na freagraí le chéile ansin, agus í foilsithe in éineacht leis an bpacáiste seo. Tar éis na freagraí comhairliúcháin a athbhreithniú, thug CEPA faoi phíosa breise anailíse chun measúnú a dhéanamh ar na cineálacha difriúla cur chuige i leith slándáil an tsoláthair gáis a áirithiú. Seoladh an anailís sin faoi na ceannteidil seo a leanas chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi na moltaí beartais: slándáil; inbhuanaitheacht; agus inacmhainneacht. Is foilsithe ina n-iomláine freisin atá an tuarascáil ar an anailís fhorlíontach sin agus an anailís theicniúil bhunaidh ó CEPA a bhí ag gabháil leis an gcomhairliúchán.

Bhí ról lárnach ag na hionchuir sin agus ag na hanailísí sin maidir leis na gníomhartha atá leagtha amach sa phacáiste seo a fhorbairt, agus cuirfear san áireamh iad sna cinntí ón Rialtas sa todhchaí maidir leis an mbeartas slándála fuinnimh.

## Achoimre: An Creat Náisiúnta Slándála Fuinnimh

Foilsíodh an Creat Náisiúnta Slándála Fuinnimh i mí Aibreáin 2022 mar fhreagairt d'ionradh na Rúise ar an Úcráin agus don tionchar a bhí aige ar phraghsanna fuinnimh agus ar an soláthar fuinnimh. Leis an gCreat, soláthraíodh freagairt uileghabhálach tosaigh aonair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais slándála fuinnimh na hÉireann i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin. Comhordaíodh leis an gCreat an obair ar shlándáil fuinnimh ar fud na hearnála leictreachais, na hearnála gáis agus na hearnála ola. Leagadh amach ann freagairt 'uile-Rialtais' do na dúshláin atá roimh shlándáil fuinnimh agus roimh inacmhainneacht fuinnimh freisin.

Leagadh amach sa Chreat na struchtúir atá i bhfeidhm le haghaidh bainistíocht éigeandála san earnáil fuinnimh agus tugadh isteach leis Grúpa Éigeandála um Shlándáil Fuinnimh chun cabhrú leis an gCreat a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Chomhordaigh an Grúpa Éigeandála sin an fhreagairt ón Roinn don ghéarchéim, agus rinne sé formhaoirseacht ar an bhfreagairt sin, le tacaíocht ó ranna eile agus ó ghníomhaireachtaí Rialtais. Amhail an tríú ráithe den bhliain 2023, tá formhór na ngníomhartha sa Chreat curtha i gcrích nó táthar ar tí iad a chur i gcrích. Tá tuarascáil ar chur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Slándála Fuinnimh foilsithe ina hiomláine in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an bPacáiste Slándála Fuinnimh.

Ag obair dúinn faoi scáth an Chreata Náisiúnta Slándála Fuinnimh, tugadh faoi chlár suntasach gníomhartha le linn na bliana 2022 agus le linn na bliana 2023 go dtí seo chun ár soláthairtí fuinnimh a dhaingniú:

- Stiúir CRU an obair ar an gclár um shlándáil an tsoláthair leictreachais, le tacaíocht ón Roinn, ó EirGrid agus ón lucht tionscail.
- Rinneadh pleananna éigeandála le haghaidh ola, gáis agus leictreachais a sheiceáil, a athbhreithniú agus a thástáil.
- Chuir an Coiste Margaidh Leictreachais Aonair feabhas ar chomharthaí infheistíochta agus ar cheanglais méideanna agus, ag gníomhú dó trí EirGrid agus trí SONI, na hOibritheoirí Córais Tarchurtha, sheol sé tuilleadh ceantanna toillte leictreachais.
- Cuireadh chun feidhme feabhsuithe suntasacha ar an bhfreagairt ó thaobh an éilimh de i ndáil le leictreachas.
- Nascadh an líon is mó tionscadal giniúna fuinnimh in-athnuaite riamh leis an eangach, agus iad á mbrú chun cinn ag clár ceantanna RESS na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ag an méadú 80% sa líon uasghráduithe fuinnimh tí a rinneadh sa bhliain 2022.
- Tugadh reachtaíocht nua isteach maidir le slándáil an tsoláthair ola chun treisiú leis na forálacha reachtúla atá ar fáil don Rialtas chun freagairt d'éigeandáil dhian nó fhada ola. Ar an tslí sin, is cinnte go mbeidh soláthairtí leordhóthanacha ar fáil do sheirbhísí éigeandála agus riachtanacha.
- Tugadh raon tacaíochtaí isteach chun cabhrú le teaghlaigh agus le gnólachtaí mar fhreagairt do phraghsanna fuinnimh a bheith ar an leibhéal is airde riamh.
- D'eisigh an tAire treoir ghinearálta beartais chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi alt 79 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, chun tús áite a thabhairt do bhreithniú a dhéanamh ar iarratais lena n-imrítear tionchar ar shlándáil soláthair fuinnimh an Stáit ar mhaithe leis an gcomhshaol ina iomláine a chosaint.

## Achoimre: Tuarascáil ar an Athbhreithniú Neamhspleách ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais (Tuarascáil McCarthy)

Choimisiúnaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Athbhreithniú Neamhspleách arna ullmhú ag Dermot McCarthy chun tuiscint a ghnóthú ar na tosca a bhí taobh thiar den easnamh i dtoilleadh leictreachais agus chun na ceachtanna a foghlaimíodh a shainaithint. San Athbhreithniú sin, déantar anailís ar na forbairtí a thit amach san earnáil leictreachais in Éirinn agus ar an dul chun cinn suntasach a rinne Éire ar a córas leictreachais a dhícharbónú. Léirítear ann freisin cé chomh mór agus atá an uaillmhian gan fasach atá ag Éirinn astaíochtaí leictreachais a laghdú faoi 75% nó go trí mhilliún tona de choibhéisí CO2 in aghaidh na bliana faoin mbliain 2030 (i gcomparáid leis na figiúirí bonnlíne don bhliain 2018).

Agus measúnú á dhéanamh ar an ngéarchéim i slándáil an tsoláthair, tugtar an méid seo a leanas le tuiscint san Athbhreithniú:

- Ní fhéadfaí a bheith ag coinne leis an ngéarchéim mar gheall ar an dóigh ar tháinig sí chun cinn.
- Ghníomhaigh na gníomhaithe agus na gníomhaireachtaí atá freagrach as an gcóras leictreachais le dúthracht, le hionracas agus le gairmiúlacht roimh theacht chun cinn na géarchéime agus ina dhiaidh.
- Ba é an meascán d'eachtraí comhthráthacha – idir eachtraí tuartha agus eachtraí neamhthuartha – a thit amach san aon tréimhse amháin an rud a bhí taobh thiar den ghéarchéim.
- Níor leor an dóigh ar bainistíodh na rioscaí soláthair tionscadal chun an uaillmhian dícharbónaithe a bhaint amach, rud ar fianaise é gur gannmheasadh an riosca san earnáil.
- Cé gur theip ar an Margadh um Íocaíocht Toillte an toilleadh giniúna a theastaíonn a sholáthar go fóill, tá *"próiseas [athbhreithniúcháin] arna thionscnamh ag an gCoiste Margaidh Leictreachais Aonair ina thionscnamh tábhachtach maidir le muinín a thógáil as [...] na sásraí margaidh chun na torthaí riachtanacha a áirithiú"*.
- Ba le feiceáil go soiléir a bhí na moilleanna ar ar tháinig mórthionscadail bhonneagair, lenar áiríodh iad sin sa chóras leictreachais, mar gheall ar shaincheisteanna toilithe pleanála agus comhshaoil. Rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh trácht ar na saincheisteanna sin san athbhreithniú a rinne sí ar Éirinn sa bhliain 2019, inar ainmníodh moilleanna pleanála a bheith ar cheann de na príomhdhúshláin roimh bheartas a sholáthar don earnáil.

- Na coinníollacha nua le haghaidh Ionaid Sonraí a nascadh leis an eangach, ar coinníollacha iad a tugadh isteach sa bhliain 2021, d'fhéadfaí iad a chur i bhfeidhm tráth fhoilsiú an Ráitis ón Rialtas maidir le Ról na nIonad Sonraí sa bhliain 2018. Dá gcuirfí na coinníollacha nua chun feidhme sa bhliain 2018, léireofaí leo ar bhealach níos éifeachtaí an cur chuige pleantreoraithe atá beartaithe sa Ráiteas ón Rialtas i leith ionaid sonraí a fhorbairt.
- Tá raon deiseanna éagsúla ar fáil chun treisiú le cur chuige na hÉireann i leith slándáil leictreachais sa todhchaí, lena n-áirítear treisiú leis an gcur chuige uile-rialtais i leith na dtionscadal agus na gclár sin.

Tugtar aghaidh ar an measúnú seachtrach sin leis na gníomhartha atá leagtha amach sa Phacáiste seo, agus iad foilsithe in Iarscríbhinn 4.

## Achoimre: Bearta a Rinneadh i réimse Shlándáil an tSoláthair Ola le Déanaí

Bunchloch shlándáil an tsoláthair ola is ea stoic straitéiseacha, agus soláthraítear leo maolán láidir in aghaidh éigeandáil ola. Foráiltear leis an **Treoir maidir le Stoic Ola** (Treoir 2009/119/CE ón gComhairle) go gcoinneoidh na Ballstáit leibhéil íosta stoc ola ar bun, ar stoic iad a bheidh ar fáil agus a mbeidh rochtain fhisiciúil orthu i gcónaí. Tá an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar Éirinn stoic ola is coibhéiseach le 90 lá ar a laghad de thomhaltas a shealbhú mar theagmhas in aghaidh cur isteach ar an soláthar. San am i láthair, sealbhaíonn sí stoic de dhíosal, de cheirisín scairdeitleáin, de ghásailín, de cheirisín agus de ghásola atá cothromaithe de réir an éilimh margaidh. Cé gur fhorbair an Ghníomhaireacht roinnt dá saoráidí stórála féin, lena n-áirítear saoráidí i mBaile Átha Cliath, is in umair a shealbhaítear an chuid is mó dá stoic faoi chonarthaí stórála le tríú páirtithe, ar conarthaí iad a rinneadh ar bhonn luach ar airgead. Sealbhaítear na stoic sin i roinnt saoráidí ar fud na tíre, agus cumas ann stoic a sholáthar go díreach don mhargadh, de réir mar is gá. Cé go sealbhaíonn an Ghníomhaireacht stoic thar lear, is in Éirinn a shealbhaítear níos mó ná 72 faoin gcéad dá stoic faoi láthair.

Ba iad na príomhcheachtanna a foghlaimíodh ón gCleachtadh Pleanála Éigeandála Ola a seoladh i mí na Bealtaine 2022 ná gur gá Pleanáil Éigeandála Ola a chur ar bhonn reachtúil agus díriú ar shonraí tomhaltais ola a thiomsú agus a nuashonrú go tráthrialta chun cabhrú le cinnteoireacht le linn éigeandáil fhada. Mar fhreagairt dó sin, rith an tOireachtas **an tAcht um Theagmhasacht Éigeandála Ola agus um Fheidhmeanna a bhaineann le Breoslaí Iompair Inathnuaite a Aistriú, 2023** (Acht 2023), i mí Feabhra 2023. Leis an Acht, neartaítear na forálacha reachtúla atá ar fáil don Rialtas chun freagairt d'éigeandáil dhian nó fhada ola, lena n-áirítear ola a úsáid chun leictreachas a ghiniúint, más gá. Ar an tslí sin, is cinnte go mbeidh soláthairtí leordhóthanacha ar fáil do sheirbhísí éigeandála agus riachtanacha i gcás móreasnamh gáis.

Chun a chinntiú go bhféadfar stoic ola a úsáid mar bhreosla tánaisteach le haghaidh leictreachas a ghiniúint, leasaítear leis an Acht freisin **an tAcht um Breoslaí (Soláthairtí a Rialú), 1971**, chun a fhoráil go bhféadfaidh an tAire ordacháin a eisiúint chuig na cuideachtaí ola chun tús áite a thabhairt d'ola a sholáthar do ghléasraí cumhachta i gcás go mbeidh éigeandáil breosla ann. Leanfaidh oifigigh na Roinne le pleanáil éigeandála ola a chur ar aghaidh le linn na bliana 2023. Áireofar leis sin an Clár Peitriliam a bhunú agus obair i gcomhar le geallsealbhóirí ar an bPaca Sonraí Ola, rud lena dtiomsaítear príomhshonraí soláthair agus tomhaltais arna gcur ar fáil ag roinnt geallsealbhóirí – an Phríomh-Oifig Staidrimh, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, agus na Coimisinéirí Ioncaim ina measc – chun cabhrú le pleanáil teagmhais agus le cinnteoireacht le linn éigeandáil ola. Tá an plean chun breosla tánaisteach a sholáthar do ghléasraí cumhachta gáis á thabhairt chun críche mar ábhar tosaíochta freisin.

## Achoimre: 'Cruinniú Mullaigh maidir le Neamhspleáchas Fuinnimh: Leas a Bhaint as na Deiseanna d'Éirinn'

Thionóil an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide **Cruinniú Mullaigh** ag Tithe an Rialtais an 6 Iúil 2023. Tugadh le chéile ag an gCruinniú Mullaigh ionadaithe ón earnáil phríobháideach, ón earnáil phoiblí agus ón earnáil dheonach chun dícharbónú chórais fuinnimh na hÉireann a phlé. Bhí deis ag na rannpháirtithe plé a dhéanamh ar conas is fearr is féidir Éire a shuí chun a chinntiú go ngnóthaíonn sí na tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le bogadh ar shiúl ó bhreoslaí iontaise agus i dtreo foinsí fuinnimh in-athnuaite dhúchasaigh. Beidh ríthábhacht ag baint le hiarrachtaí comhcheangailte na rannpháirtithe sin maidir le beartais aeráide agus fuinnimh na hÉireann a chomhlíonadh. Reáchtáladh trí sheisiún ar leithligh le linn an chruinnithe mullaigh, agus ceann amháin díobh dírithe ar Shlándáil Fuinnimh agus ar Athléimneacht.

Tháinig roinnt téamaí athfhillteacha chun cinn le linn na díospóireachta ar Shlándáil Fuinnimh agus ar Athléimneacht. Áiríodh iad seo a leanas leis na téamaí sin: an tábhacht mhéadaitheach eacnamaíoch agus shóisialta a bhaineann le hiontaofacht an leictreachais, de réir mar a leictríonn tuilleadh earnálacha amhail an earnáil teasa agus an earnáil iompair; an tábhacht a bhaineann le stóráil maidir le rath an fhuinnimh in-athnuaite; an gá le tacú le húsáid bithfhuinnimh agus hidrigine; agus an gá le hinfheistíocht leantach a dhéanamh inár mbonneagar, lena n-áirítear córas pleanála atá acmhainnithe go leordhóthanach, pleanáil fhadtéarmach eacnamaíoch agus spáis, dul chun cinn ar an Idirnascaire Thuaidh-Theas; agus bainistíocht éilimh. Chuir na topaicí a tarraingíodh anuas ag an imeacht sin ar Shlándáil Fuinnimh bonn eolais faoi na gníomhartha atá sa Phacáiste.

# Rannán 2

## Cad a athróidh anois?

# Cur Chuige Straitéiseach

San am i láthair, tá Éire ar cheann amháin de na tíortha is mó atá spleách ar allmhairí fuinnimh san Aontas Eorpach, agus d'allmhairigh sí 77% dá soláthar fuinnimh sa bhliain 2021[8] agus 82% de sa bhliain 2022. Tríd an spleáchas atá againn ar allmhairí a laghdú trínár mbearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus trí infheistíocht a dhéanamh i roinnt foinsí fuinnimh in-athnuaite éagsúla, laghdóidh Éire an spleáchas atá aici ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus laghdóidh sí go mór a leochailí atá sí i leith suaití fuinnimh.[9]

Sócmhainn shuntasach is ea leithead an bheartais reatha. Mar atá léirithe i bhFíor 5 thíos, tá athruithe agus feabhsuithe á gcur chun feidhme ag Éirinn ar mhaithe le hinbhuanaitheacht fuinnimh, inacmhainneacht fuinnimh agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a bhrú chun cinn.

Beidh fuinneamh na hÉireann amach anseo slán trí aistriú ó chóras fuinnimh atá bunaithe ar ola agus gás chuig córas leictreachas-treoraithe lena n-uasmhéadaítear ár n-acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite agus ár solúbthacht agus tríd an gcóras sin a chomhtháthú isteach i gcórais fuinnimh na hEorpa. Trí bhonneagar eangaí cliste a úsáid, comhtháthófar gáis in-athnuaite, córais téimh/fuaraithe agus córais soghluaisteachta le chéile chun freastal ar na riachtanais fuinnimh atá ag ár saoránaigh. Beidh orainn uasmhéadú a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus bogadh go tapa chuig foirgnimh astaíochtaí nialasacha. Soláthrófar an todhchaí fuinnimh shlán sin trínár spriocanna aeráide, fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh trí na gníomhartha agus na bearta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, rud a nuashonraítear gach bliain.

Idir an dá linn, leagtar amach sa doiciméad seo cur chuige straitéiseach chun aistriú slán a chinntiú go dtí an bhliain 2030, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcur isteach ar sholáthairtí fuinnimh na hEorpa tar éis an ionraidh ar an Úcráin agus tar éis an easnaimh toillte intíre a bhí ann san earnáil leictreachais i lár an aistrithe.

Leagtar amach sa Phacáiste Slándála Fuinnimh gníomhartha don ghearrthéarma agus don mheántéarma trí thús áite a thabhairt do na nithe seo a leanas:

1. Éileamh Laghdaithe Freagrúil.
2. Córas atá faoi Threoir ag Foinsí Fuinnimh In-athnuaite.
3. Córais Níos Athléimní.
4. Rialachas Láidir Riosca

Leis an gcur chuige sin, comhtháthaítear uaillmhianta an bheartais fuinnimh, an bheartais aeráide, an bheartais fiontraíochta agus an bheartais digitithe lena chéile ionas go mbeidh todhchaí fuinnimh na hÉireann soiléir agus cinnte.

Cinnteofar aistriú slán leis freisin.

# Réimsí Gnímh

Tá ceithre réimse ardleibhéil ann ina bhfuil gníomh ag teastáil chun Slándáil Fuinnimh na hÉireann a neartú. Buntaca leo sin is gníomhartha atá níos gráinní agus, ina lán cásanna, atá sonrach don earnáil chun a chinntiú go n-aistreofar an uaillmhian beartais ina gníomh beartais.

Chun nach ndéanfar bearta atá ann cheana (mar shampla, gníomhartha faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 nó faoi Straitéis Hidrigine na bliana 2023) a dhúbláil, tá na Gníomhartha atá liostaithe anseo teoranta dóibh sin ar gníomhartha nua nó breise iad.

[8] https://www.seai.ie/data-and-insights/seai-statistics/key-publications/national-energy-balance/#comp00006023933e000000bbbe3751

[9] An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (2022) World Energy Outlook 2022 https://iea.blob.core.windows.net/assets/830fe099-5530-48f2-a7c1-11f35d510983/WorldEnergyOutlook2022.pdf

# Treochlár i dtreo **Slándáil Fuinnimh** in Éirinn




Fíor 5: Treochlár na ngníomhartha lena rannchuidítear le slándáil fuinnimh, mar atá leagtha amach sa Phacáiste Slándála Fuinnimh

# Éileamh Laghdaithe Freagrúil

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Ní bhainfidh Éire a spriocanna carbóin ná slándáil fuinnimh amach gan an spleáchas atá aici ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Is modh inghlactha é sin chun bearta beartais éagsúla a bhrú chun cinn ar mhaithe leis an gcóras fuinnimh a dhícharbónú agus ar mhaithe le bonn in-athnuaite an chórais fuinnimh a mhéadú.

Is eol dúinn, áfach, gurb é an fuinneamh is sláine atá againn ná an fuinneamh a chaomhnaímid. Tá éifeachtúlacht fuinnimh, laghdú i mbreoslaí iontaise, agus bearta solúbthachta éilimh ina gcomhpháirteanna ríthábhachtacha de shlándáil fuinnimh freisin. Is é atá i gceist le solúbthacht éilimh ná cásanna ina n-ailíníonn tomhaltas fuinnimh leis an bhfáil ar fhuinneamh in-athnuaite ar bhealach dearfach chun fuinneamh atá slán, inbhuanaithe agus inacmhainne a bhrú chun cinn in Éirinn. Tá éifeachtúlacht fuinnimh agus éileamh freagrúil ina gcroí-chomhpháirteanna d'fhorbairt beartais agus de rialáil san Aontas Eorpach anois. Ina theannta sin, rannchuidíonn gníomhartha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus iarfheistiú le hinacmhainneacht a bhaint amach do theaghlaigh.

Ós rud é go mbíonn an daonra agus an geilleagar ag fás, tá sé mar aidhm leis an mbeartas Rialtais an dá aistriú, is iad sin fás geilleagrach agus dícharbónú ár ngeilleagair agus ár sochaí, a éascú. Is féidir leis na haistrithe sin a bheith comhlántach agus ní mór iad a bheith comhlántach. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach ionann gach cineál éilimh ar fhuinneamh. Is é an tosaíocht atá againn laghdú a dhéanamh ar ár n-éileamh ar bhreoslaí iontaise.

## Cé na nithe atá á ndéanamh againn cheana féin?

Tá cuid mhór beartas a bhfuil mar aidhm leo éileamh a laghdú i bhfeidhm in Éirinn cheana féin, mar atá leagtha amach sa **Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023**. Mar shampla, san earnáil cónaithe, gealltar sa Phlean líon tithe is comhionann le 500,000 teach a iarfheistiú go rátáil B2 den Rátáil Fuinnimh Foirgnimh/go leibhéal atá barrmhaith ó thaobh costais de faoin mbliain 2030 agus 400,000 teaschaidéal a shuiteáil i dtithe atá ann cheana chun teacht in ionad córais téimh atá níos sine agus níos neamhéifeachtúla. Is ionann é sin agus thart ar 30% den stoc tithíochta atá ann cheana.

Leagtar amach sa **Phlean Náisiúnta Iarfheistithe** conas a chomhlíonfaidh an Rialtas na spriocanna sin. Tá an Plean ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar iarfheistiú ar fud ceithre phríomhcholún: éileamh agus gníomhaíocht a bhrú chun cinn; maoiniú agus cistiú; slabhra an tsoláthair, scileanna agus caighdeáin; agus rialachas. Leagtar amach sa Phlean go ndéanfar infheistíocht iomlán €8 billiún ón Státchiste chun tacú le tithe cónaithe a iarfheistiú suas go dtí an bhliain 2030. Áirítear leis sin méid imfhálaithe €5 billiún ó ioncaim bhreise chánach carbóin.

Chuir Éire caighdeáin chun feidhme le haghaidh feidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Tugadh ceanglais le haghaidh Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh isteach d'Fhoirgnimh nach Teaghaisí iad sa bhliain 2017. Tugadh iad isteach do Theaghaisí ina dhiaidh sin sa bhliain 2019. A bhuí leis na ceanglais feidhmíochta sin, tá teaschaidéil suiteáilte in 88% de theaghaisí nua, agus táthar ag súil leis go gcuirfear deireadh iomlán le húsáid coirí breosla iontaise i dteaghaisí nua faoi dheireadh na bliana 2024.
- Tá ceanglas ann Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha a shuiteáil i ngach teaghais nua a bhfuil spás páirceála cairr suite laistigh dá gcúirtealáiste, i bhfoirgnimh nua nó i

bhfoirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu agus a raibh níos mó ná 10 spás páirceála acu sa bhliain 2021, agus i bhfoirgnimh neamhchónaitheacha áirithe atá ann cheana ón mbliain 2025.
- Tugadh rialacháin isteach lena gcumasaítear do chórais éifeachtúla téimh ceantair lena n-úsáidtear dramhtheas dosheachanta ceanglais fuinnimh in-athnuaite Chuid L de na Rialacháin Foirgníochta a chomhlíonadh.

Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tá tograí ann le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, agus neartófar caighdeáin arís eile dá mbarr. Tacóidh Éire leis an obair sin a mhéid a ailíníonn sí leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus leis an straitéis um Thithíocht do Chách. Tá sé beartaithe an Treoir nua a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2023, agus na bearta ag teacht i bhfeidhm ón mbliain 2024 i leith.

Trí éifeachtúlacht fuinnimh ár dtithe a mhéadú, ní hé amháin go rannchuideofar lenár spriocanna aeráide agus slándála fuinnimh a bhaint amach, ach cuirfear feabhas ar ár gcaighdeán maireachtála freisin trí thithe níos teolaí agus níos compordaí a sholáthar, trí chostais fuinnimh a laghdú agus trí shláinte agus folláine a fheabhsú. Leithdháileadh cistiú is fiú thart ar €360 milliún, an figiúr is airde riamh, ar SEAI chun tithe cónaithe agus foirgnimh phobail a iarfheistiú sa bhliain 2023, agus leithdháileadh €87 milliún eile chun tithíocht shóisialta a iarfheistiú. Rud tábhachtach, tá níos mó ná leath an bhuiséid iomláin ón Státchiste leithdháilte ar uasghráduithe a sholáthar do theaghlaigh atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, lena n-áirítear iad sin atá ar ioncam íseal agus iad sin atá i dtithíocht shóisialta. Ina theannta sin, gheall an Rialtas faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 sraith dreasachtaí margaidh a fhorbairt chun **an t-éileamh ar leictreachas a mheaitseáil le fuinneamh in-athnuaite**. Tá bearta chun 'taraifí dinimiciúla leictreachais ghlais' a éascú á bhforbairt, mar shampla. Leis na taraifí sin, chumasófaí do thomhaltóirí leas a bhaint as cumhacht ísealchostais ag amanna ard-aschuir fuinnimh gaoithe agus grianfhuinnimh, ar fuinneamh é a chaillfí ar shlí eile trí shrianadh nó trí chiorrú.

Ar an mbóthar i dtreo 2050 a bheadh neodrach ó thaobh carbóin de, beidh sé mar thosaíocht lárnach ag an Stát **an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú**. Baineadh dul chun cinn suntasach amach maidir le beartais éifeachtúlachta fuinnimh agus beartais iarfheistithe a bhrú chun cinn, ar nithe iad atá ina ngnéithe ríthábhachtacha den éileamh a laghdú ar mhaithe le húsáid breoslaí iontaise a laghdú ina dhiaidh sin – déanfar dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn sin agus cuirfear ar aghaidh é tríd an bpróiseas pleanála um ghníomhú ar son na haeráide. I gcomhthráth leis an obair sin, tá a beartas téimh á ollchóiriú ag Éirinn trí dheireadh a chur le húsáid breoslaí iontaise san earnáil téimh agus trí aistriú chuig córas atá faoi threoir ag foinsí fuinnimh in-athnuaite. Ag gníomhú dó faoi phróisis bhliantúla phleanála um ghníomhú ar son na haeráide, leanfaidh an Rialtas le beartais a bhrú chun cinn lena laghdaítear spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear gás nádúrtha le haghaidh giniúint teasa. Rannchuideoidh sé sin go mór ansin le slándáil fuinnimh a mhéadú ar an Oileán.

San **earnáil fuinnimh**, tarraingeoidh roinnt garspriocanna tábhachtacha aird ar ár ndul chun cinn maidir leis an éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú:

- Sciar méadaitheach a bheith ag fuinneamh in-athnuaite
- An Treochlár le haghaidh deireadh a chur le coirí breosla iontaise
- An Straitéis Bithmheatáin
- An Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le Teas
- An Tuarascáil ón nGrúpa Stiúrtha um Théamh Ceantair
- Oibleagáid Teasa In-athnuaite

Tá ról lárnach le himirt ag an **Tascfhórsa um Theas agus an Timpeallacht Thógtha a Sholáthar**, a bunaíodh sa bhliain 2023, maidir le soláthar a chomhordú agus a bhrú chun cinn ar fud na réimsí sin.

Tá an **earnáil iompair** ag díriú freisin ar úsáid breoslaí iontaise a laghdú mar aon le modhanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn. Gealladh sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 an líon iomlán ciliméadar feithicle a thiomáintear a laghdú faoi 20% agus úsáid breoslaí iompair a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030. Cé go bhfuiltear ag súil leis gur as an aistriú chuig feithiclí leictreacha agus as an méadú i gcumaisc bhithbhreosla sa mheascán breosla a thiocfaidh formhór na laghduithe in astaíochtaí iompair thar an tréimhse sin, ní bheidh na laghduithe sin dóthanach chun na spriocanna réamhluaite a bhaint amach. Chun an bhearna a dhúnadh, leagfar díriú athnuaite ar úsáid an chairr phríobháidigh a laghdú i bhfabhar modhanna iompair inbhuanaithe. Ceann amháin de na príomhghníomhartha maidir leis an athrú iompraíochta sin a chothú is ea an gealltanas a thug an Roinn Iompair **Straitéis Náisiúnta Bainistíochta Éilimh** nua a fhorbairt.

Chuir an Rialtas **bearta sonracha um éileamh** ar leictreachas a laghdú[10] chun feidhme le déanaí le linn Gheimhreadh na bliana 2022/2023 freisin mar chuid de na hoibleagáidí atá air faoi Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh. Áiríodh leis an Rialachán ceanglas sainordaitheach a chur ar na Ballstáit buaicthomhaltas leictreachais a laghdú faoi 5% sa tréimhse ó mhí na Nollag 2022 go mí an Mhárta 2023. D'éirigh le hÉirinn an sprioc sin a bhaint amach. Áiríodh leis na bearta a cuireadh chun tosaigh roinnt tionscadal chun an t-éileamh atá ann cheana a laghdú, lenar áiríodh an scéim '**Beir Bua ar an mBuaic**' de chuid Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais, an Treoirscéim Laghduithe Voltais Caomhantais de chuid Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais, tabhairt isteach buaictharaifí ag CRU, an feachtas Earnála Poiblí de chuid SEAI, agus an feachtas '**Úsáid Níos Lú**[11]' de chuid an Rialtais. Soláthraíodh comhairle atá praiticiúil agus bunaithe ar fhianaise mar

[10] Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ar gov.ie ag an nasc seo a leanas: gov.ie - Bearta um Éileamh ar Leictreachas a Laghdú (www.gov.ie)

[11] Úsáid Níos Lú (gov.ie) https://www.gov.ie/en/campaigns/6ca43-reduce-your-use/.

chuid den fheachtas 'Úsáid Níos Lú', agus mionsonraí á dtabhairt faoi na gníomhartha is féidir le daoine a dhéanamh chun cabhrú leis an méid is mó airgid agus fuinnimh a choigilt. Seoladh sonraí suirbhé ar bhonn coicísiúil freisin. Leis na sonraí sin, cuireadh bonn eolais faoi theachtaireachtaí an fheachtais, faoi spriocdhíriú agus faoi roghnú bealaí agus tacaíodh le geallsealbhóirí agus le comhpháirtithe, nuair ba chuí. Tá fíorthorthaí fiúntacha á mbaint amach ag na cláir sin anois, de réir mar a thosaigh daoine fud fad an oileáin ar iompraíochtaí a athrú chun a bheith freagrúil don bhrú ar an gcóras ag buaic-amanna agus don inathraitheacht a bhaineann le córas atá faoi threoir ag foinsí fuinnimh in-athnuaite. Trí chur leis an méid sin, cabhrófar go mór le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála fuinnimh atá roimh Éirinn.

Le linn na mblianta 2021 agus 2022, bhí **tionscnamh um Aonaid ó Thaobh an Éilimh de** ar bun ag EirGrid d'úsáideoirí meánacha agus móra leictreachais mar chuid dá chlár um Bainistíocht ó Thaobh an Éilimh de. Leis an tionscnamh sin, baintear leas as an gcumas atá ag úsáideoirí móra fuinnimh chun éileamh a laghdú le linn tréimhsí ina bhfuil an córas faoi shrian, chun cabhrú le brú a mhaolú ar an eangach. Comhlánaítear an tionscnamh sin leis an bpróiseas um **Chiorrú Sainordaitheach Éilimh**, áit ar chomhoibrigh EirGrid agus Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais le húsáideoirí rímhóra fuinnimh (ar Ionaid Sonraí iad, den chuid is mó) chun laghdú suntasach ar éileamh a bhaint amach ar mhaithe leis an mbrú ar an gcóras a laghdú. Tá bearta á gcur chun feidhme ag CRU chun **an fháil ar Aonaid ó Thaobh an Éilimh de, agus a fhreagrúla atá siad, a mhéadú**, rud is gá a dhéanamh chun leas a bhaint as an acmhainneacht atá ag an mbunchloch thábhachtach sin chun an t-éileamh ar leictreachas a bhainistiú.

Faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, gheall an Rialtas Straitéis um **Leictreachas** agus **Gás ó Thaobh an Éilimh** de a chur i bhfeidhm. Chuir CRU tús le hobair sa réimse sin trí ghlao ar fhianaise agus páipéar comhairliúcháin a fhoilsiú i mí an Mheithimh 2023.[12] Soláthrófar an Straitéis sin sa bhliain 2024, agus é mar aidhm léi 20-30% den éileamh ar leictreachas a bheith solúbtha faoin mbliain 2030 (agus 15-20% den éileamh a bheith solúbtha faoin mbliain 2025).

[12] Straitéis um Éileamh ar Fhuinneamh | CRU.ie

Éascóidh sé sin rannpháirtíocht ghníomhach saoránach agus gnólachtaí sa mhargadh fuinnimh.

Chomh maith leis sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ag CRU ar na beartais um nascadh gáis agus leictreachais d'Úsáideoirí Móra Fuinnimh nua chun a chinntiú nach bhfuil aon naisc nua ag cruthú dúshláin slándála fuinnimh agus go bhfuil siad ar aon dul lenár n-uasteorainneacha astaíochtaí earnála.

Tá an Ráiteas ón Rialtas maidir le Ról na nIonad Sonraí ina léiriú gur fearr go mór leis an Rialtas forbairtí ionaid sonraí atá bainteach le gníomhaíocht gheilleagrach láidir agus le fostaíocht láidir, a bhaineann úsáid éifeachtúil as ár n-eangach leictreachais agus a sholáthraíonn fuinneamh in-athnuaite.

Leagtar amach ann gurb iad na prionsabail le haghaidh Forbairt Ionad Sonraí inbhuanaithe ná na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Tionchar eacnamaíoch.
- Toilleadh agus éifeachtúlacht na heangaí.
- Breisíocht foinsí fuinnimh in-athnuaite.
- Comhlonnú nó gaireacht ag a bhfuil soláthar fuinnimh a sheasfaidh an aimsir.
- Ionaid sonraí dhícharbónaithe trí dhearadh.
- rochtain d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus tairbhí don phobal.

I gcás teaghlach agus gnólachtaí, tá cur i bhfeidhm an mhéadraithe chliste tábhachtach maidir le héifeachtúlacht a chothú san éileamh ar fhuinneamh. Le méadar cliste, tomhaistear úsáid fuinnimh gan aon ghá le léamha measta méadair. Mar sin, ní gá do chustaiméirí léamha a chur isteach ná a shocrú go dtiocfadh duine éigin chuig a dteach chun a méadar a léamh a thuilleadh. Athsholáthrófar 2.4 milliún méadar leictreachais faoi dheireadh na bliana 2024 faoin **gClár Náisiúnta um Méadrú Cliste**. Suiteáladh breis agus 1,400,000 méadar cliste ar fud na tíre go dtí seo agus bíonn thart ar 10,000 méadar á malartú gach seachtain. Tá custaiméirí méadair chliste in ann leas a bhaint anois as taraifí nua 'Am na hÚsáide' agus as seirbhísí cliste nua atá á gcur ar fáil ag soláthraithe leictreachais. Leag CRU an **Cód Cleachtais um Sheirbhísí Cliste amach sa Lámhleabhar Soláthraithe Leictreachais agus Gáis 2022**.[13]

Ar deireadh, sa **Phlean Gníomhaíochta um Bochtaineacht Fuinnimh**, a foilsíodh sa bhliain 2022, dírítear ar éileamh ó thaobh bochtaineachta fuinnimh de. Tá na gníomhartha dírithe ar dhá chatagóir uileghabhálacha, mar atá gníomhartha gearrthéarmacha, áit ar leagadh an bhéim ar thacú le daoine teacht slán as geimhreadh na bliana 2022/23, agus gníomhartha meántéarmacha, áit a leagtar an díriú ar uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh a úsáid chun cabhrú le dul i ngleic leis na bunchúiseanna le bochtaineacht fuinnimh agus chun aistriú cuimsitheach cóir i dtreo córas fuinnimh inbhuanaithe a chinntiú.

## Cé na gníomhartha eile a mholtar sa Phacáiste?

Moltar roinnt nithe sa Phacáiste seo:

- Áirítear leis gníomh chun an Treoir Athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a thrasuí agus chun obair ar fud an Rialtais chun an sprioc coigiltí fuinnimh a bhainistiú.
- Leagtar amach ann cur chuige i leith caighdeánú a dhéanamh ar an modheolaíocht a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar a inacmhainne atá tionscnaimh bheartais nua agus tionscnaimh bheartais atá ann cheana do thomhaltóirí.

[13] CRU202249 Lámhleabhar Soláthraithe Leictreachais agus Gáis 2022 - An Coimisiún um Rialáil Fóntais

- Féachtar ann le feabhas a chur ar na bealaí inar féidir le tithe agus gnólachtaí a n-úsáid fuinnimh féin a bhainistiú trí chlár fianaisebhunaithe gníomhaíochta cumarsáide a sholáthar agus cuirtear ann le mearchur i bhfeidhm méadar cliste trí threisiú leis an nasc idir Méadrú Cliste agus Seirbhísí Cliste Fuinnimh.
- Ceanglaítear ann orainn ár mbeartas um nascadh gáis a athbhreithniú chun a chinntiú go gcomhlíontar leis ár gcuspóirí slándála fuinnimh agus ár gcuspóirí aeráide araon.
- Cuirtear ann le tabhairt isteach rathúil na mbeart solúbthachta éilimh san earnáil leictreachais trí dhul sa tóir ar dheiseanna chun na bearta sin a leathnú chuig an earnáil gáis.
- Cuirtear ann leis na comhpháirtíochtaí a bunaíodh idir an earnáil fiontraíochta agus an earnáil fuinnimh le déanaí trí thús áite a thabhairt do chineálacha nuálacha cur chuige i leith éileamh na n-úsáideoirí móra fuinnimh a bhainistiú laistigh den chóras cumhachta.

## **Gníomh 1:** An Treoir Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a thrasuí

Tá beartais agus bearta uaillmhianacha éifeachtúlachta fuinnimh na hÉireann leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023. Ina measc, tá ceann amháin de na spriocanna is uaillmhianaí iarfheistithe tithe ar domhan. Leis an Treoir Athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, a tháinig i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2023, ceanglófar ar gach Ballstát coigiltí suntasacha breise fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2030. Ceanglaítear ar Éirinn an Treoir sin a thrasuí laistigh de dhá bhliain óna teacht i bhfeidhm.

Ceanglaítear ar na Ballstáit a ngealltanas agus a gconair coigilte fuinnimh a chur in iúl don Choimisiún sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide. Téann an ceanglas méadaithe coigilte fuinnimh sin thar a soláthrófaí le bearta atá ann cheana.

Tá tuilleadh samhaltaithe ar siúl faoi láthair chun bonn eolais a chur faoin obair chun straitéis bainistíochta spriocanna a fhorbairt. **Ag teacht sna sála ar fhoilsiú na tuarascála seo, bunóimid grúpa trasrannach nua um bainistíocht spriocanna coigiltí fuinnimh** chun obair ar fud na n-earnálacha agus chun comhlíonadh na sprice coigiltí fuinnimh faoin Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a bhainistiú.

### **Gníomh 2:**Caighdeánú a dhéanamh ar an gcur chuige a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar a inacmhainne atá tionscnaimh bheartais nua agus tionscnaimh bheartais atá ann cheana do thomhaltóirí

Tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide tiomanta dá chinntiú gur fianaisebhunaithe a bheidh na beartais a imríonn tionchar ar thomhaltóirí, go n-íoslaghdófar na costais a mhéid is féidir, agus go measúnófar iad de réir na gcuspóirí beartais a bhaineann le hinbhuanaitheacht, slándáil agus inacmhainneacht. Ag obair di i ndlúthchomhar le Seirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann, déanfaidh an Roinn athbhreithniú sa bhliain 2024 chun an cur chuige a chaighdeánú agus chun a chinntiú go mbeidh na nithe seo a leanas mar bhonn agus thaca ag gach togra beartais reatha agus amach anseo de chuid na Roinne:

- Anailís eacnamaíoch láidir.
- Anailís ar an ualach dáileacháin agus ar na tairbhí lena mbaineann
- Samhail chaighdeánaithe dea-chleachtais chun comhsheasmhacht ó thaobh cur chuige de a chinntiú ar fud Rannáin Fuinnimh le linn dóibh inacmhainneacht gach tionscadail a mheasúnú, agus béim ar leith á cur ar an luach do chustaiméirí.
- Meastóireacht ar roghanna eile éagsúla.
- Breithniú cúramach ar an tionchar ar an gcustaiméir.
- Measúnú riosca sonrach, lena n-áirítear aon riosca do shlándáil an tsoláthair, do na daoine sin atá ag fulaingt bochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol í a fhulaingt.

Ag teacht sna sála ar an anailís thuas, is amhlaidh, i gcás go mbeadh bearta sonracha beartais ina riosca do chustaiméirí leochaileacha, a dhéanfar moltaí chun na rioscaí sin a mhaolú a chur faoi bhráid an Ghrúpa Stiúrtha idir-rannaigh agus idirghníomhaireachta um Bochtaineacht Fuinnimh lena gcur ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta um Bochtaineacht Fuinnimh. Oibreoidh an Roinn i ndlúthchomhar le CRU chun a chinntiú go gcaomhnófar an sainchúram atá air ó thaobh cosaint custaiméirí de agus an ról a bheidh aige ina dhiaidh sin maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na costais a thabhóidh custaiméirí.

### **Gníomh 3:** Feabhas a chur ar na bealaí inar féidir le tithe agus gnólachtaí a n-úsáid fuinnimh féin a bhainistiú trí chlár fianaisebhunaithe gníomhaíochta cumarsáide a sholáthar agus trí thacú le 'tomhaltóirí gníomhacha' trí mhéadrú cliste agus trí sheirbhísí cliste fuinnimh

Reáchtáil an Rialtas feachtais faisnéise poiblí dar teideal "Úsáid Níos Lú/Fan Te agus Folláin"[14] sa bhliain 2022/23, lenar tacaíodh leis na cuspóirí atá ag an Rialtas go mbeadh córas fuinnimh atá slán, inbhuanaithe agus inacmhainne againn in Éirinn. Agus leas á bhaint aige as léargais taighde ar an obair sin, leanfaidh an Rialtas le forbairt a dhéanamh ar a ghníomhaíocht cumarsáide do chustaiméirí fuinnimh. Tríd an bhfeachtas fianaisebhunaithe cumarsáide sin, leanfar le tomhaltóirí agus gnólachtaí a chur ar an eolas faoi na bealaí inar féidir leo a n-éileamh ar fhuinneamh a laghdú, a mbillí a ísliú agus tacaíochtaí a rochtain. Ailíneofar cuspóirí gearrthéarmacha séasúracha an fheachtais cumarsáide leis na deiseanna meántéarmacha agus fadtéarmacha atá ann chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh a spreagadh.

[14] Úsáid Níos Lú (gov.ie) https://www.gov.ie/en/campaigns/6ca43-reduce-your-use/. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ar shuíomh Gréasáin SEAI: https://www.seai.ie/reduceyouruse/public-bodies/energy-efficiency-campaig/ Feachtas Éifeachtúlachta Fuinnimh | Úsáid Níos Lú | SEAI

Chun tacú leis sin, leanfaidh Foghrúpa Cumarsáide um Shlándáil Fuinnimh le hoibriú faoi shainchúram an Ghrúpa nua Slándála Fuinnimh atá leagtha amach faoi ghníomh 28. Gabhfaidh sé do chur teachtaireachtaí, do thaighde, do shonraí agus do ghníomhaíocht fhorlíontach cumarsáide agus comhoibreoidh sé ar na nithe sin. Déanfar amhlaidh chun a chinntiú go ndéanfar cumarsáidí a ailíniú agus a shoiléiriú ar fud na hearnála fuinnimh agus ar fud an Rialtais.

Bealach eile inar féidir leis an Rialtas tacú le custaiméirí a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú is ea méadair chliste a úsáid. Tá méadrú cliste ina uirlis thábhachtach lena bhféadtar custaiméirí a chumasú a sonraí úsáide fuinnimh a rochtain. Trí mhéadrú cliste a úsáid in éineacht le dreasachtaí cuí, amhail taraifí Am na hÚsáide, is féidir tacú le hathrú iompraíochta freisin. Is féidir leis an athrú iompraíochta sin bheith an-chumhachtach maidir lenár n-acmhainní fuinnimh a bharrfheabhsú agus is féidir leis cabhrú le slándáil fuinnimh – dar le cuid mhór de na freagraithe ar an gcomhairliúchán.

Tá deiseanna ann chun an t-athrú iompraíochta sin a chothú arís eile trí shaoránaigh agus pobail a chumhachtú ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as bealaí nua chun gabháil don aistriú fuinnimh. Croíréimse dírithe atá le forbairt tuilleadh is ea díghlasáil a dhéanamh ar na tairbhí a ghabhann le córais chliste bhainistíochta fuinnimh, le grianphainéil fhótavoltacha, le stóráil ceallra, le luchtú cliste Feithiclí Leictreacha, le rialuithe cliste téimh agus le teaschaidéil a bhfuil ullmhacht chaighdeánach solúbthachta acu. Beidh an obair ina leith sin bunaithe ar mhéadrú cliste a chur i bhfeidhm go rathúil. Bunaíodh grúpa oibre um Sheirbhísí Cliste Fuinnimh agus, faoi dheireadh na bliana 2023, foilseoidh sé plean oibre um bunspriocanna inghnóthaithe chun na tairbhí sin a chinntiú. Áireofar iad seo a leanas leis na bunspriocanna inghnóthaithe atá beartaithe don bhliain 2024:

- Tairseach Úsáideoirí Cliste Fuinnimh a fhorbairt chun oideachas a chur ar thomhaltóirí gníomhacha, agus chun iad a spreagadh agus a chumhachtú, chun gabháil do ghníomhaíochtaí solúbthachta éilimh.
- Taighde a dhéanamh ar Léargais Iompraíochta i ndáil le seirbhísí cliste fuinnimh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna deontas fuinnimh chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal solúbthachta agus ar na deiseanna le haghaidh teicneolaíocht chliste.
- Treoirscéimeanna cliste fuinnimh agus roghanna oiliúna scileanna cliste fuinnimh a shainaithint chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh réitigh chliste fuinnimh agus réitigh comhtháthaithe teicneolaíochta i dtithe agus i bpobail.

### **Gníomh 4:** An beartas um nascadh gáis a leasú agus bearta solúbthachta éilimh gáis a thabhairt isteach

Tá an dearadh ar bheartas na hÉireann um nascadh gáis faoi láthair ag teacht le Treoir 2009/73/CE ó AE agus, go háirithe, leis na ceanglais atá ann rochtain neamh-idirdhealaitheach a sholáthar. Tá an Treoir sin á hathmhúnlú faoi láthair, agus táthar ag súil leis go n-áireofar leis an Treoir athbhreithnithe forálacha á rá go bhféadfar an beartas um nascadh agus an beartas um dhínascadh de chuid na mBallstát a choigeartú ar aon dul le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais Eorpaigh. Tríd an Treoir sin a thrasuí, tugtar deis chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas um nascadh gáis in Éirinn chun a chinntiú go bhfuil sé ar aon dul lenár n-uaillmhianta aeráide. Rachaidh an Roinn i mbun **comhairliúcháin maidir le trasuí na Treorach agus, go háirithe, maidir leis na leasuithe ar an reachtaíocht a bhaineann leis an mbeartas um nascadh gáis d'fhonn iad a ailíniú leis an mbeartas náisiúnta aeráide**.

Léirítear sna sonraí go dtosóidh an t-éileamh bliantúil ar ghás ag laghdú go luath agus go dtiocfaidh méadú ar an mbuaicéileamh ar ghás freisin. Tá sásraí bainistíochta ó thaobh an éilimh de i bhfeidhm san earnáil leictreachais, áit a laghdaíonn aonaid ó thaobh an éilimh de a n-éileamh mar fhreagra ar amanna ina bhfuil brú ar an gcóras agus a gcúitítear iad as déanamh amhlaidh. **Forbrófar sásraí de chineál cosúil san earnáil gáis**, go háirithe le haghaidh amanna buaicéilimh. Ní hé amháin go laghdóidh sé sin an brú ar an gcóras nuair is gá, ach is féidir leis a chinntiú freisin go mbainfidh Éire úsáid éifeachtúil as a bonneagar gáis, rud ar comhpháirt thábhachtach é dár n-uaillmhianta astaíochtaí a bhaint amach.

**Gníomh 5:** Cineálacha nua nuálacha cur chuige a shainaithint agus a chothú i leith éileamh mórscála a chomhtháthú go hinbhuanaithe isteach i gcórais fuinnimh na hÉireann lena n-ailínítear leis an gcuspóir sáraitheach atá ann dícharbónú a bhaint amach

Mar gheilleagar oscailte beag, d'éirigh go geal le hÉirinn ocht gcinn de na deich bpríomhchuideachta teicneolaíochta faisnéise ar domhan a mhealladh chun láithreacht shuntasach a bhunú anseo.[15] Tá Éire ar an dara honnmhaireoir seirbhísí ríomhaireachta agus TF is mó ar domhan.[16] Tá ríthábhacht ag baint lenár mbonneagar digiteach maidir le seasamh na hÉireann mar láthair straitéiseach idirnáisiúnta do sheirbhísí TF agus imríonn an bonneagar sin ról lárnach maidir le tacaíocht a thabhairt do chuid mhór earnálacha i ngeilleagar na hÉireann agus maidir le fostaíocht agus infheistíocht dhíreach eachtrach a chothú. Is airde i bhfad na rátaí fáis san éileamh ar leictreachas in Éirinn ná i ndlínsí eile san Eoraip. Mar thoradh air sin, shainaithin Éire gur beart uathúil é freastal ar an ráta fáis agus an leibhéal éilimh sa chuid sin dár mbonn tionsclaíoch agus go gcruthaíonn sé rioscaí do shlándáil fuinnimh.[17][18] Tá sé sin fíor in Éirinn go háirithe, de réir mar a dhéanann an tír bainistiú réamhghníomhach ar chlár a bhfuil mar aidhm leis ábhair imní leordhóthanachta a mhaolú sa chóras leictreachais.

De réir mar a dhéanann Éire an córas leictreachais a dhícharbónú, méadóidh an acmhainneacht atá ann cumhacht ghlas ghlan a úsáid do gach earnáil den gheilleagar. Is féidir le hÚsáideoirí Rí-Mhóra Fuinnimh (ar Ionaid Sonraí iad, den chuid is mó) an t-aistriú sin a stiúradh, agus rannchuidiú leis, trí nuáil a dhéanamh chun an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú, tríd an éileamh ar fhuinneamh a bhogadh ar shiúl ó bhuaic-amanna nó ó amanna ina bhfuil brú ar an gcóras, agus trí éileamh a bhogadh chuig amanna ardghiniúna fuinnimh in-athnuaite. Ní hé amháin go méadóidh sé sin athléimneacht earnálacha fuinnimh na hÉireann, ach cuirfidh sé feabhas ar ár bpróifíl inbhuanaitheachta freisin trí astaíochtaí carnacha a laghdú go suntasach.

Neartóimid cur chun feidhme an Ráitis ón Rialtas maidir le hIonaid Sonraí san earnáil fuinnimh, rud ina leagtar amach conas is féidir beartas an Rialtais um 'dhá aistriú' – is iad sin, digitiú agus dícharbónú ár ngeilleagair agus ár sochaí – a bhaint amach a mhéid a bhaineann go príomha le hionaid sonraí.

Tarraingítear aird ar leith sa Ráiteas maidir le hIonaid Sonraí ar na rioscaí a bhaineann le hIonaid 'oileánbhunaithe' Sonraí nach bhfuil nasctha leis an eangach leictreachais agus a chumhachtaítear go príomha le giniúint breoslaí iontaise ar an láithreán, á rá nach bhfuil ionaid den sórt sin ag teacht leis an mbeartas náisiúnta. Oibreoidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i

[15] Próifíl na hearnála Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) - Fiontraíocht Éireann (enterprise-ireland.com)
[16] Próifíl na hearnála Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) - Fiontraíocht Éireann (enterprise-ireland.com)
[17] An Ráiteas Toillte Giniúna, EirGrid, Deireadh Fómhair 2022
[18] Tomhaltas Méadraithe Leictreachais na nIonad Sonraí sa bhliain 2022 – An Phríomh-Oifig Staidrimh

gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) chun beartas an Rialtais sa réimse seo a chur ar áireamh go hiomlán agus go comhsheasmhach sa phróiseas pleanála.

Leagtar béim sa Ráiteas maidir le Ról na nIonad Sonraí freisin ar an ngá atá ann le solúbthacht in éileamh na nIonad Sonraí chun go mbeadh sé ag teacht leis an nginiúint fuinnimh in-athnuaite. Rachaimid sa tóir i gcónaí ar dheiseanna chun tacú le dícharbónú ar mhaithe le hailíniú a chinntiú leis na huasteorainneacha astaíochtaí earnála agus leanfaimid le hobair i gcomhar le comhpháirtithe tionscail ar mhaithe le 'solúbthacht éilimh' intomhaiste a bhaint amach san earnáil.

Cé go bhfuil fíorshrianta reatha os comhair na hÉireann maidir le conair shlán aistrithe a bhainistiú, tá **deis uathúil ann freisin comhoibriú a neartú idir an lucht tionscail, oibritheoirí córais, rialálaithe agus an Rialtas** ar mhaithe leis na dúshláin sin a shárú sa mheántéarma.

Comhpháirtíochtaí nuálacha ar féidir leo solúbthacht éilimh (mar shampla, athuainiú), réitigh ar leibhéal an chórais (mar shampla, tionscnaimh um théamh ceantair) agus/nó teicneolaíochtaí nua (mar shampla, stóráil fhadtréimhseach fuinnimh) a sholáthar, tá acmhainneacht acu go léir an riosca sin a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Cumasóirí tábhachtacha eile maidir le córas níos athléimní agus níos sláine a chruthú is ea dlús a chur le soláthar tionscnamh amhail **giniúint agus éileamh a chomhlonnú** (mar shampla, Páirceanna Fuinnimh Ghlais).

| Príomhghníomhartha maidir le hÉileamh Laghdaithe Freagrúil | |
|---|---|
| Tionscnaimh Bheartais atá ann cheana | • Feachtais Rannpháirtíochta Saoránach a chur chun feidhme: Úsáid Níos Lú.<br>• An Plean Gníomhaíochta um Bochtaineacht Fuinnimh a chur chun feidhme.<br>• Méadrú cliste agus custaiméirí gníomhacha a chur i bhfeidhm.<br>• Sraith dreasachtaí agus scéim éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm.<br>• An Plean Náisiúnta Iarfheistithe a chur chun feidhme.<br>• Cur chun feidhme a dhéanamh ar Rialacháin ón Aontas Eorpach maidir le hÉileamh.<br>• Straitéis CRU um Éileamh a thabhairt chun críche.<br>• Tacú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Ráiteas ón Rialtas maidir le hIonaid Sonraí a chur chun feidhme. |
| Bearta Breise | • An Treoir Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a thrasuí.<br>• Caighdeánú a dhéanamh ar an gcur chuige a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar a inacmhainne atá tionscnaimh bheartais nua agus tionscnaimh bheartais atá ann cheana do thomhaltóirí.<br>• Feabhas a chur ar na bealaí inar féidir le tithe agus gnólachtaí a n-úsáid fuinnimh féin a bhainistiú trí chlár fianaisebhunaithe gníomhaíochta cumarsáide a sholáthar agus trí thacú le 'tomhaltóirí gníomhacha' trí mhéadrú cliste agus trí sheirbhísí cliste fuinnimh.<br>• An beartas um nascadh gáis a athbhreithniú agus bearta solúbthachta éilimh gáis a thabhairt isteach.<br>• Cineálacha nua cur chuige a shainaithint agus a chothú i leith éileamh mórscála a chomhtháthú go hinbhuanaithe isteach i gcórais fuinnimh na hÉireann lena n-ailínítear leis na riachtanais slándála atá ann chun an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú. |

# Córas atá faoi Threoir ag Foinsí Fuinnimh In-athnuaite

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Tá an Rialtas ag déanamh formhaoirseacht ar mhórchlár um cheadú, tógáil agus nascadh fuinnimh gaoithe agus grianfhuinnimh a bhrostú agus a uas-scálú chun tacú leis an gclár buiséid carbóin agus chun cabhrú leis an mórgheilleagar a dhícharbónú. Cuid dhílis de shlándáil fuinnimh na hÉireann a áirithiú is ea ár spriocanna fuinnimh in-athnuaite atá leagtha amach sa Phlean bliantúil Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach. Tá an méid sin ina cholún bunúsach den phacáiste slándála fuinnimh seo freisin. Tríd an gclár buiséid carbóin, ní mór d'Éirinn astaíochtaí leictreachais a laghdú faoi 75% faoin mbliain 2030 (i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018).

Ceann amháin de na príomhfhionnachtana a tháinig as an anailís theicniúil a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin bpacáiste seo is ea go bhfuil slándáil fuinnimh fite fuaite sa dá cholún a bhaineann le leas mór a bhaint go tapa as ár n-acmhainní fuinnimh in-athnuaite dhúchasaigh agus leis an éileamh ar fhuinneamh a leictriú go mear agus go bhfuil slándáil fuinnimh ag brath ar na colúin sin. Tá sé sin ag teacht leis an gcéad cholún den Tuarascáil shuntasach ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh maidir le Conairí i dtreo 1.5 °C[19]. Mar sin, tá an cúrsa atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun an earnáil cumhachta a dhícharbónú agus chun 22 GW de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite a sholáthar faoin mbliain 2030 ag teacht go dlúth leis an gcuspóir atá againn ár slándáil fuinnimh a chumhdach. A bhuí le leibhéil níos airde foinsí fuinnimh in-athnuaite, laghdaítear rioscaí geopholaitiúla slándála agus laghdaítear an tionchar a imríonn luaineacht sa phraghas ar bhreoslaí iontaise trí éagsúlú soláthair. Tá sé sin le feiceáil go soiléir tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin sa bhliain 2022, rud as ar tháinig méaduithe suntasacha gan smacht ar phraghsanna fuinnimh. Ní ionann na rioscaí a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite agus iad sin a bhaineann leis an soláthar breoslaí iontaise, agus is féidir foinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid chun an inathraitheacht i gcostais ghiniúna agus i bpraghsanna do thomhaltóirí a laghdú freisin[20].

[19] https://www.iea.org/reports/credible-pathways-to-150c

[20] An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (2007) "Contribution of Renewables to Energy Security Information Note" https://www.iea.org/reports/contribution-of-renewables-to-energy-security

Beartas bunaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta araon is ea tábhacht na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite maidir le slándáil an tsoláthair a chumhdach. Cuid dhílis den phlean REPowerEU ón gCoimisiún Eorpach is ea deireadh a chur le breoslaí iontaise a úsáid agus dlús a chur le haistriú na hEorpa chuig fuinneamh glan trí uas-scálú ollmhór a dhéanamh ar theicneolaíochtaí giniúna cumhachta fuinnimh in-athnuaite. Tá sé mar aidhm le REPowerEU tacú leis an méadú tapa sin ar bhonneagar fuinnimh in-athnuaite ar talamh trí na slabhraí soláthair a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite a neartú agus trí na próisis cheadúcháin a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail ghaoithe agus ghréine, lena n-áirítear athchumhachtú forleathan an bhonneagair fuinnimh gaoithe atá ann cheana ó oidhreacht a chumasú. Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Slándála Fuinnimh conas a chuirfidh an Stát dlús leis an aistriú chuig córais fuinnimh in-athnuaite dhúchasaigh fuinnimh mhéadaithe, á lua go sonrach go ndéanfar 'gach gné den chóras pleanála a ailíniú le chéile chun tacú go hiomlán le forbairt bhrostaithe fuinnimh in-athnuaite'.

Tá sé mar aidhm leis an bplean REPowerEU tacú leis an méadú tapa sin ar bhonneagar fuinnimh in-athnuaite trí na slabhraí soláthair a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite a neartú agus trí na próisis cheadúcháin a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail ghaoithe agus ghréine, lena n-áirítear athchumhachtú forleathan na dtionscadal fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana a chumasú. Tabharfar éifeacht dhíreach dó sin tríd an Treoir athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite, lena gceanglaítear ar na Ballstáit sainaithint a dhéanamh ar "limistéir luathaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite" atá oiriúnach do mhearcheadú.

## Cé na nithe atá á ndéanamh againn cheana féin?

Tá Éire chun tosaigh ar an gcuid eile den domhan ó thaobh fuinneamh in-athnuaite de cheana féin. I láthair na huaire, tá Éire i measc na dtrí phríomhthír ar fud an domhain ó thaobh imscaradh fuinnimh gaoithe ar talamh per capita de, agus thart ar 4.5 GW d'fhuinneamh gaoithe ar talamh nasctha aici. Ós rud é go bhfuil méid ionchais 1 GW de ghrianfhuinneamh le nascadh faoi dheireadh na bliana 2023, tá an teicneolaíocht sin ag breith suas go tapa agus ag soláthar tairbhí ó thaobh an éagsúlaithe de agus ó thaobh shlándáil an tsoláthair de le linn tréimhsí gaoithe íseal-luais, rud nach rabhthas in ann a dhéanamh i mblianta roimhe sin.

Idir na blianta 2005 agus 2020, tháinig méadú faoi chúig ar an sciar de leictreachas a thagann ó fhuinneamh in-athnuaite agus tháinig méadú faoi sheacht ar an méid bliantúil leictreachais in-athnuaite a ghintear. Mar gheall ar an mbliain 2022 a bheith ar an mbliain is fearr riamh ó thaobh úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite de in Éirinn agus ar fud an domhain araon, agus mar gheall ar na 6 GW de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite a mheastar a bheidh i mbun feidhme faoi dheireadh na bliana, tá na tairbhí slándála a bhaineann le cur i bhfeidhm fuinnimh gaoithe agus grianfhuinnimh a mhéadú á mbaint amach anois.

Tá mearchlár um sholáthar grianfhuinnimh ar siúl faoi láthair, rud atá ag imirt fíorthionchar ar shlándáil soláthair agus atá ag freastal ar an éileamh ar leictreachas, go háirithe thar na míonna samhraidh le linn tréimhsí briste líonra/giniúna, tréimhsí cothabhála agus tréimhsí aschuir ísil fuinnimh gaoithe. Trí chlár ceantanna RESS, trí thacaíochtaí micrighiniúna, agus tríd an Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite Mionscála nua atá le seoladh sa bhliain 2024, táthar ag súil leis go mbainfidh grianfhuinneamh leibhéil fuinnimh arb ionann iad agus na leibhéil fuinnimh a ghintear le gaoth ar talamh faoi láthair amach faoi lár na coda deiridh den deacáid seo (agus go mbeidh toilleadh 8 GW de ghrianfhuinneamh ann faoin mbliain 2030) agus go gcomhlánóidh sé soláthar leantach fuinnimh gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta.

Tá clár cuimsitheach leictreachais in-athnuaite atá faoi stiúir ag an Rialtas ar bun chun cur leis an

rath sin trí fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid chun freastal ar 80% dár n-éileamh ar leictreachas faoin mbliain 2030. Bunaíodh dhá Thascfhórsa tras-Rialtais agus tras-Ghníomhaireachta chun tacú leis an gclár sin, ceann amháin le haghaidh soláthar fuinnimh gaoithe amach ón gcósta agus an ceann eile le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite ar talamh agus le haghaidh solúbthacht a chothú.

Seoladh an **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023** i mí na Nollag 2022 agus cuirtear leis le leaganacha roimhe den phlean gníomhaithe ar son na haeráide[21]. Tá sé ar an gcreat trína bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas na buiséid charbóin uile-gheilleagair agus na huasteorainneacha earnála, atá ina gceangal dlí, a comhaontaíodh i mí Iúil 2022.

Leagtar gníomhartha ar fud roinnt réimsí amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, lena n-áirítear gníomhartha i sé earnáil ríthábhachtacha ardtionchair:

- Foinsí Fuinnimh In-athnuaite a Chumhachtú
- Feirmeacha Teaghlaigh a Dhéanamh Níos Inbhuanaithe
- Foirgnimh Níos Fearr a Thógáil
- Tionscail a Ghlasú
- Ár Modhanna Taistil a Bhunathrú chun Feabhais
- Ár nÚsáid Talún a Athrú

Sa leagan seo den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as "ár n-acmhainní ollmhóra nádúrtha in-athnuaite nár baineadh leas astu go fóill" ar mhaithe le "tuilleadh slándála fuinnimh, praghsanna cobhsaí, tuilleadh post agus forbairt réigiúnach" a bhaint amach. Cuirtear in iúl go soiléir ann freisin gur "gá ár nginiúint fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus bearta gaolmhara solúbthachta agus bainistíochta éilimh a shaothrú ar mhaithe lenár slándáil fuinnimh amach anseo".

Ceann amháin de na sé earnáil ríthábhachtacha ardtionchair sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 maidir le hastaíochtaí a laghdú go mór is ea Foinsí Fuinnimh In-athnuaite a Luathú. Is é atá i gceist leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 ná imscaradh mórscála foinsí fuinnimh in-athnuaite a éascú, rud atá ríthábhachtach maidir leis an earnáil cumhachta a dhícharbónú agus maidir le leictriú teicneolaíochtaí eile a chumasú.

Cuirtear in iúl sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 freisin gur féidir leis an bhforbairt ar an acmhainneacht fuinnimh gaoithe amach ón gcósta atá ag Éirinn cabhrú le hinbhuanaitheacht ár n-earnála fuinnimh a fheabhsú agus go gcuirfidh sí feabhas ar shlándáil ár soláthair agus ar inacmhainneacht fuinnimh. Is iad seo a leanas roinnt de na gníomhartha sa réimse seo:

- An soláthar foinsí fuinnimh in-athnuaite a luathú chun astaíochtaí leictreachais a laghdú faoi 75%, nó faoi thrí mhilliún tona de choibhéisí $CO_2$ in aghaidh na bliana, faoin mbliain 2030 (i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018), rud atá ar aon dul le buiséid charbóin. 9 GW de thoilleadh fuinnimh gaoithe ar talamh, 8 GW de thoilleadh grianfhuinnimh agus 5 GW ar a laghad de thoilleadh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a sholáthar faoin mbliain 2030 (agus 2 GW eile curtha in áirithe le haghaidh úsáid nach mbaineann leis an eangach, lena

[21] gov.ie - An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (www.gov.ie)

n-áirítear táirgeadh hidrigine glaise).

- Tacú le tionscadail áitiúla phobalbhunaithe fuinnimh in-athnuaite a bhfuil toilleadh 500 MW ar a laghad iontu agus le leibhéil mhéadaithe mhicrighiniúna nua agus ghiniúna mionscála nua.
- Taraifí dinimiciúla nua Leictreachais Ghlais a fhorbairt faoin mbliain 2025 chun daoine a dhreasú leictreachas in-athnuaite ísealchostais a úsáid le linn tréimhsí ardghiniúna fuinnimh gaoithe agus grianfhuinnimh.

Gealltar sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 freisin 5 GW ar a laghad de thoilleadh suiteáilte fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a bhaint amach faoin mbliain 2030, agus 2 GW eile curtha in áirithe lena n-úsáid le haghaidh táirgeadh hidrigine glaise agus lasmuigh den eangach. Áirítear leis freisin sraith gníomhartha atá ceaptha chun an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá ag Éirinn a bhaint amach.

Tá an Rialtas ag déanamh formhaoirseacht ar chur chuige céimnithe i leith fuinneamh gaoithe amach ón gcósta. Bunaíodh an **Tascfhórsa um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta a Sholáthar**[22] chun an soláthar a bhrú chun cinn agus na deiseanna eacnamaíocha agus gnó níos fadtéarmaí a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a fhorbairt in Éirinn a shaothrú.

I gcás foinsí fuinnimh in-athnuaite ar talamh, tá sé beartaithe gur sa Chreat Beartais Spáis le haghaidh Leictreachas In-athnuaite atá le teacht a leagfar amach an seasamh beartais náisiúnta i leith leictreachas in-athnuaite ar talamh agus go gcuirfear leis an gCreat sin bonn eolais faoin dóigh a ndáilfear giniúint fuinnimh gaoithe ar talamh agus giniúint grianphainéal fótavoltach. Buntacófar leis sin tríd an leasú atá le déanamh ar an gCreat Náisiúnta Pleanála agus trí chur chun feidhme na **Treorach athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite**, lena n-áirítear Limistéir Luathaithe Foinsí Fuinnimh In-athnuaite a léarscáiliú. Rud ríthábhachtach eile ina leith sin is ea ailíniú níos gaire idir pleananna áitiúla agus spriocanna fuinnimh in-athnuaite chun tacú le hinfheistíocht i bhfuinneamh gaoithe ar talamh agus i ngrianfhuinneamh in-athnuaite agus chun an méid sin a sholáthar.

Chun an treochlár le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a chomhlíonadh, bunaíodh **Tascfhórsa um Fhorbairt Leictreachais In-athnuaite a Luathú** chun mear-imscaradh agus mear-aschur méadaithe giniúna leictreachais in-athnuaite agus teicneolaíochtaí tacaíochta a chomhordú sa ghearrthéarma.

I ndáil le téamh in-athnuaite, tugtar gealltanas sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 go soláthrófar suas le 0.8 TWh de **théamh ceantair** faoin mbliain 2025 agus, tar éis grúpa a bhunú sa bhliain 2022 chun cur i bhfeidhm an téimh ceantair in Éirinn a scrúdú, ceadaíodh i mí Iúil 2023 tuarascáil ina dtugtar moltaí le haghaidh forbairt a dhéanamh ar an earnáil téimh ceantair, rud a mbeidh timpeallacht chuí beartais agus rialála mar bhonn agus thaca aige[23].

Maidir le soláthar an téimh ceantair, is amhlaidh, i measc nithe eile, a dhéanfaidh **Tascfhórsa um Theas agus an Timpeallacht Thógtha** formhaoirseacht air. Bunaíodh an Tascfhórsa sin chun soláthar a luathú agus a bhrú chun cinn i ndáil le hiarfheistiú, le teas in-athnuaite, le teas ceantair agus le dícharbónú an stoic foirgneamh. Is é seo aidhm uileghabhálach an Tascfhórsa: sainaithint a dhéanamh ar an obair ar an gconair chriticiúil i dtreo príomhspriocanna faoi gach réimse; ailíniú a

[22] https://www.gov.ie/en/publication/c8749-offshore-wind-delivery-taskforce/

[23] An Tuarascáil ón nGrúpa Stiúrtha um Théamh Ceantair 2023, gov.ie, https://www.gov.ie/en/publication/3f132-district-heating-steering-group/)

chinntiú san fhorbairt beartas agus gníomhaíochtaí atá ar bun ar fud Ranna Rialtais; agus rioscaí a bhainistiú go réamhghníomhach chun a chinntiú go mbainfear spriocanna amach.

Leagtar amach sa **Phlean Náisiúnta Iarfheistithe** conas a chomhlíonfaidh an Rialtas na spriocanna de chuid an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá i gceist le líon tithe is comhionann le 500,000 teach a iarfheistiú go rátáil B2 den Rátáil Fuinnimh Foirgnimh/go leibhéal atá barrmhaith ó thaobh costais de agus le 400,000 teaschaidéal a shuiteáil i dtithe atá ann cheana chun teacht in ionad córais téimh atá níos sine agus níos neamhéifeachtúla faoi dheireadh na bliana 2030. Is é an toradh a bheidh air sin ná go soláthrófar stoc tithíochta níos éifeachtúla a mbeidh córais téimh in-athnuaite aici sna blianta atá le teacht.

Cuimsítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 freisin raon gníomhartha eile chun teas in-athnuaite a sholáthar agus tá dul chun cinn á dhéanamh ar **Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin** a fhorbairt, ar threochlár le haghaidh deireadh a chur le coirí breosla iontaise de réir a chéile a scrúdú, ar Oibleagáid Teasa In-athnuaite a dhearadh, agus ar scéimeanna tacaíochta atá ann cheana amhail an Scéim Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite a choigeartú chun leibhéil mhéadaithe teasa in-athnuaite a dhreasú.

Tríd an **Scéim Tacaíochta Micrighiniúna**, a seoladh an 21 Nollaig 2021, gheall an Rialtas tacú le 380 MW de thoilleadh nua micrighiniúna a shuiteáil faoin mbliain 2030. Leis an Scéim, tugtar tacaíocht d'iarratasóirí baile agus neamhbhaile ar shuiteálacha leictreachais in-athnuaite trí scéimeanna deontas SEAI. Tríd an taraif Ráthaíochta Onnmhairí Glana, faigheann gineadóirí micreascála agus mionscála íocaíocht óna soláthraí leictreachais as an leictreachas in-athnuaite barrachais ar fad a onnmhairíonn siad chuig an eangach, ar íocaíocht í atá ag teacht le margadhluach an leictreachais.

Tugadh an deontas grianphainéal fótavoltach baile isteach an 16 Feabhra 2022 le linn na chéad chéime den Scéim Tacaíochta Micrighiniúna, a fhágann gur féidir le hiarratasóirí baile iarratas a dhéanamh chuig SEAI ar dheontas chun freastal ar chuid den chostas a bhaineann le grianphainéil fhótavoltacha a shuiteáil. Fuair breis agus 10,000 iarratasóir tacaíocht faoi dheireadh na bliana 2022, agus toilleadh suiteáilte 46.5 MW ann. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú faoi dhó

faoi dheireadh na bliana 2023 ar an líon teaghlach a mbeidh tacaíocht faighte acu faoin Scéim. Cuireadh tús leis an dara céim den Scéim Tacaíochta Micrighiniúna an 22 Meán Fómhair 2022, tráth a leathnaigh SEAI an scéim deontas grianphainéal fótavoltach chuig an earnáil neamhbhaile, lena n-áirítear scoileanna, gnólachtaí, feirmeacha beaga agus fiontair phobail.

Mar aon le comhar láidir leis na Ballstáit eile den Aontas Eorpach i ndáil le fuinneamh in-athnuaite, tá Éire ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile ar an aistriú i dtreo córas atá faoi threoir ag leictreachas in-athnuaite agus ar an mbonneagar trasteorann tacaíochta. Chomhaontaigh Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann **Meabhrán Tuisceana** i mí Mheán Fómhair 2023. Tá sé mar aidhm leis an Meabhrán Tuisceana sin comhar ardleibhéil agus comhroinnt faisnéise ardleibhéil idir Éire agus an Ríocht Aontaithe a mhéadú, agus é dírithe ar an aistriú fuinnimh agus ar imscaradh fuinnimh in-athnuaite ar talamh agus amach ón gcósta, lena n-áirítear hidrigin in-athnuaite/ísealcharbóin. Aidhm eile atá leis is ea cur le comhar atá dírithe go sonrach ar dheiseanna le haghaidh idirnasc breise idir oileán na hÉireann agus an Bhreatain Mhór a iniúchadh, lena n-áirítear tionscadail sócmhainní hibrideacha amach ón gcósta, ar féidir leo feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, oileáin fuinnimh amach ón gcósta agus idirnasc hibrideach/ilchuspóireach leictreachais a chuimsiú.

## Cé na nithe a mholtar sa Phacáiste?

Sa Phacáiste seo:

- Treisítear an tábhacht do shlándáil fuinnimh na hÉireann a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite dhúchasaigh a fhorbairt mar bheart gearrthéarmach agus mar bheart fadtéarmach araon. Is leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 atá na pleananna mionsonraithe le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur i bhfeidhm agus spriocanna ina leith. Nuashonrófar iad sin in athbhreithnithe bliantúla ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Tá ríthábhacht ag baint le spriocanna na hÉireann faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a chomhlíonadh maidir le rioscaí slándála fuinnimh a íoslaghdú agus maidir le soláthar a éagsúlú trí iarracht chomhlántach a dhéanamh borradh mór a chur go mear faoi fhuinneamh gaoithe agus faoi ghrianfhuinneamh. Gabhann éagsúlú suntasach foinsí fuinnimh le foinsí fuinnimh in-athnuaite gaoithe agus gréine agus, dá bhrí sin, cuireann siad le slándáil fuinnimh. Tá an clár leictreachais in-athnuaite á sholáthar trí dhá thascfhórsa tras-Rialtais agus trasghníomhaireachta – an Tascfhórsa um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta a Sholáthar agus an Tascfhórsa um Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite (ar Talamh) a Luathú, agus tá an clár teasa in-athnuaite á sholáthar tríd an Tascfhórsa um Theas agus an Timpeallacht Thógtha.
- Athdhearbhaítear sa phacáiste seo cuspóirí na dtascfhórsaí ó thaobh shlándáil an tsoláthair de agus leagtar béim ann ar an tábhacht a bhaineann le gach gné den chóras pleanála agus gach próiseas toilithe ábhartha a ailíniú chun tacú go hiomlán le forbairt bhrostaithe fuinnimh in-athnuaite dhúchasaigh. Leagtar béim ann freisin ar an tábhacht a bhaineann le tacú le bonneagar eangaí agus solúbthachta agus leis an méadú in úsáid an teasa in-athnuaite a bhrú chun cinn inár dtimpeallacht thógtha.
- Leis an bpacáiste seo, tacaítear leis na cuspóirí agus le cur chun feidhme tapa na Treorach athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite atá le tabhairt chun críche go luath chun tacú le comhlíonadh spriocanna fuinnimh in-athnuaite.
- Leagtar béim leis an bpacáiste seo ar an ngá práinneach criticiúil le hailíniú méadaithe idir pleananna áitiúla agus spriocanna fuinnimh in-athnuaite chun tacú le hinfheistíocht i dtionscadail fuinnimh gaoithe agus grianfhuinnimh agus leis na tionscadail sin a sholáthar.

## **Gníomh 6:** An Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a úsáid chun a chinntiú go n-ailínítear gach dreasacht beartais le chéile ar bhonn tráthrialta

Bíonn an tírdhreach beartais agus tionscadail san earnáil fuinnimh ag athrú go mear de réir mar a fhéachann Éire le coinneáil suas le forbairtí Eorpacha agus idirnáisiúnta agus lena huaillmhianta a leabú go slán de réir mar a athraímid ár gcóras fuinnimh chun freastal ar ár n-uasteorainneacha astaíochtaí earnála. Chun an méid sin a dhéanamh, beidh ar Éirinn a hearnáil leictreachais ina hiomláine a bhunathrú chun feabhais trí athchóirithe as cuimse a dhéanamh laistigh de thréimhse an-ghearr ama. Tá an t-aistriú sin thíos le hionradh na Rúise ar an Úcráin. Leagtar béim in Athbhreithniú McCarthy ar a thábhachtaí atá cur chuige comhtháite straitéiseach uile-rialtais i leith ár spriocanna beartais fuinnimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Is é atá i **bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide** a tháirgeadh go tráthrialta lena chur faoi bhráid an Aontais Eorpaigh ná an bonn le haghaidh cuspóirí comhtháite beartais a leagan amach. Tá sé cuí freisin gach timthriall buiséid carbóin a ailíniú le ráiteas intinne beartais le haghaidh an chéad timthrialla eile chun gur comhtháite fós a bheidh an beartas fuinnimh agus aeráide ach gurb atriallach a bheidh sé freisin de réir mar a dhéantar tionscadail a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tacóidh an próiseas tráthrialta athbhreithniúcháin atá beartaithe i nGníomh 21 leis sin. Beidh sé tábhachtach freisin go mbeadh soiléire uile-rialtais ann i ndáil le *conas* atá spriocanna beartais le comhlíonadh trí phleanáil chomhtháite cur chun feidhme a dhéanamh agus trí bhreithniú comhchoiteann a dhéanamh ar conas is féidir gníomhartha a sheicheamhú chun na comhpháirteanna is criticiúla den aistear bunathraithe a bhaint amach.

**Gníomh 7:** Obair de réir Dhearadh nuashonraithe Mhargadh Leictreachais na hEorpa chun leanúint le laghdú a dhéanamh ar na hastaíochtaí a bhaineann le toilleadh traidisiúnta na hÉireann sa mheántéarma

I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach sraith tograí reachtacha a bhfuil mar aidhm leo Dearadh an Mhargaidh Leictreachais a athchóiriú. Tháinig na tograí reachtacha sin sna sála ar chomhairliúchán poiblí a tionscnaíodh chun cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí ar luaineacht iomarcach praghsanna, chun tacú leis an rochtain atá ag tomhaltóirí ar fhuinneamh slán ó fhoinsí glana agus chun an margadh a dhéanamh níos athléimní. Tríd is tríd, d'fháiltigh Éire roimh na tograí agus bhí sí i bhfách leis an gcuspóir atá ann an margadh a bharrfheabhsú chun an luach is fearr a chinntiú do thomhaltóirí ar imir na suaití ar phraghsanna le déanaí tionchar ábhartha orthu. Le linn an phróisis, mhol Éire gur cheart an tairbhe a bhaineann le leictreachas in-athnuaite a sholáthar do thomhaltóirí a úsáid mar threoirphrionsabal i ngach beart a bhreithneodh an Coimisiún Eorpach le linn an margadh leictreachais a dhearadh.

**Tá Éire ar thús cadhnaíochta na hoibre chun méideanna móra foinsí fuinnimh in-athnuaite athraitheacha a chomhtháthú** isteach sa chóras cumhachta, agus tabharfaidh an obair sin treoir maidir le geilleagair a dhícharbónú fud fad an domhain. Léiríonn sí an acmhainneacht iontach atá ag an Eoraip chun an clár oibre sin a threorú. Léiríonn sí freisin, áfach, an tábhacht a bhaineann le comharthaí agus dreasachtaí margaidh lena gcumasaítear infheistíocht i nginiúint thraidisiúnta ísealastaíochtaí atá nua-aimseartha agus atá réidh le gás in-athnuaite agus i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin cumasúcháin eile.

Cosúil lena lán tíortha san Eoraip, tá Éire i bhfách go mór leis an **Sásra Toillte** dá bhforáiltear sa chreat Eorpach agus tuigeann sí an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an luamhán beartais sin maidir le haistriú slán a bhaint amach agus maidir le córas cumhachta ina dtagann an chuid is mó den fhuinneamh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a oibriú go rathúil. Chonaic Éire le blianta beaga anuas an ríthábhacht a bhaineann leis an toilleadh "cúltaca" sin – go háirithe maidir lena chinntiú nach mbíonn aon chur isteach ann ar an leictreachas a sholáthraítear do thithe agus gnólachtaí ar laethanta ísealghréine agus ísealghaoithe nach féidir aon fhuinneamh a ghiniúint le grianfhuinneamh ná le fuinneamh gaoithe orthu. Ní hé amháin go bhfuil an toilleadh cúltaca sin ina chomhpháirt thábhachtach de shlándáil fuinnimh, tá sé ina bheart tábhachtach freisin maidir le muinín a chothú as an gcumas atá ag Éirinn aistriú go slán chuig córas ina dtagann an chuid is mó den fhuinneamh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Is dóigh go dtiocfaidh eispéiris den chineál céanna chun cinn i dtíortha eile san Eoraip, agus creideann Éire **gur cheart gach iarracht a dhéanamh sásraí éifeachtúla toillte a chuíchóiriú, agus bacainní ar shásraí den sórt sin a laghdú nó a bhaint, a luaithe is féidir**. Céimeanna tábhachtacha chun tosaigh ina leith sin is ea na bearta atá beartaithe mar chuid de phacáiste Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais san Eoraip. Dá mbeadh tuilleadh **solúbthachta státchabhrach ann chun Sásra cuíchóirithe Toillte a chumasú**, d'fhéadfaí dícharbónú a spreagadh agus réitigh nuálacha mhargaidh a éascú freisin. Leanfaidh Éire le hiniúchadh a dhéanamh ar na smaointe sin agus ar smaointe eile i gcomhar lena cuid comhghleacaithe san Eoraip, agus leas á bhaint aici as a cuid léargas mar cheannaire i réimse an leictreachais in-athnuaite athraithigh chun an díospóireacht beartais a mhúnlú agus a threorú.

Le linn na hidirbheartaíochta ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais le déanaí, d'argóin Éire agus roinnt Ballstát eile go rathúil ar son próiseas níos solúbtha agus níos simplithe le haghaidh sásraí toillte a mheasúnú ó thaobh státchabhrach de. Comhaontaíodh go gcuirfeadh an Coimisiún tograí chun tosaigh d'fhonn cuíchóiriú agus simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas le haghaidh sásraí toillte a mheasúnú tamaillín tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Dearadh an Mhargaidh Leictreachais. Is gealltanas an-dearfach é sin agus déanfar dlúthfhaireachán air de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais.

Tá an cinneadh státchabhrach maidir le sásra toillte na hÉireann le dul in éag sa bhliain 2028. Ceanglófar ar na baill den Mhargadh Leictreachais Aonair, Éire ina measc, iarratas a dhéanamh ar chinneadh nua ón gCoimisiún Eorpach. Chun ullmhú don iarratas sin, rachaidh an Roinn i dteagmháil le príomh-gheallsealbhóirí ar fud an Mhargaidh Leictreachais Aonair chun fís chomhroinnte a fhorbairt maidir le conas oibriú barrmhaith an tSásra um Íocaíocht Toillte a chinntiú sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2038 i bhfianaise an aistrithe fuinnimh.

Déanann solúbthacht, stóráil agus gáis in-athnuaite, mar atá leagtha amach ar fud na tuarascála seo, rannchuidiú tábhachtach maidir le dícharbónú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear giniúint thraidisiúnta. Nithe eile a bheidh tábhachtach maidir le haistriú slán a dhéanamh is ea úsáid a bhaint as sásraí margaidh iomaíoch oscailte chun dul sa tóir ar **na deiseanna uile atá ann chun dícharbónú** trí bhreoslaí, trí theicneolaíochtaí agus trí oibríochtaí.

Bunaíodh **grúpa oibre i samhradh na bliana 2023** chun na léargais ón gClár um Shlándáil an tSoláthair a úsáid chun féachaint go cruthaitheach ar conas a d'fhéadfadh Éire na comhpháirteanna "neamh-in-athnuaite" den chóras cumhachta a dhícharbónú tuilleadh. Tá an Roinn, EirGrid, CRU agus UCC ag obair i gcomhpháirt le chéile chun teacht ar smaointe lena bhféadtar tacú leis an sprioc sin agus tá siad chun a gcuid oibre a chríochnú faoi dheireadh na bliana, tráth a thuairisceoidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a gcuid fionnachtana don Ghrúpa Stiúrtha um Shlándáil an tSoláthair.

| Príomhghníomhartha maidir le Córas atá faoi Threoir ag Foinsí Fuinnimh In-athnuaite | |
|---|---|
| Tionscnaimh Bheartais atá ann cheana | • Soláthar an toillte fuinnimh gaoithe ar talamh, an toillte fuinnimh gaoithe amach ón gcósta agus an toillte grianfhuinnimh a bhrostú trí Thascfhórsaí Amach ón gCósta agus ar Talamh<br>• Giniúint mhionscála agus tionscadail phobalbhunaithe fuinnimh in-athnuaite agus micrighiniúint phobalbhunaithe.<br>• An úsáid a bhaintear as gual agus móin i nginiúint leictreachais a chéimniú amach<br>• Coirí breosla iontaise a chéimniú amach.<br>• Oibleagáid Teasa In-athnuaite.<br>• Scéim Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite.<br>• Straitéis Hidrigine.<br>• Straitéis um Stóráil Leictreachais.<br>• Straitéis Bithmheatáin.<br>• Treoracha maidir le Fuinneamh In-athnuaite a thrasuí. |
| Bearta Breise | • An nuashonrú ar an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a cheanglaítear ar an leibhéal Eorpach a úsáid chun a chinntiú go bhfuil gach dreasacht beartais ailínithe le chéile chun aistriú slán fuinnimh a bhaint amach.<br>• Obair de réir Dhearadh Mhargadh Leictreachais na hEorpa chun leanúint le laghdú a dhéanamh ar na hastaíochtaí a bhaineann le toilleadh traidisiúnta na hÉireann sa mheántéarma. |

# Córais Níos Athléimní

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Croí-aidhm na hearnála fuinnimh agus an bhunchloch do na beartais agus na tionscnaimh atá ann cheana is ea iontaofacht. Tá sé tábhachtach athléimneacht chóras fuinnimh na hÉireann a fhorbairt freisin chun maolú a dhéanamh ar mhéid, déine, fad ama agus tionchar aon chur isteach ar an gcóras.

Is cothrom le 80% atá cóimheas spleáchais na hÉireann ar allmhairí fuinnimh, figiúr atá ar cheann amháin de na cóimheasa spleáchais is airde san Aontas Eorpach. Dá airde an cóimheas sin is ea is mó a bhraitheann an tír ar fhuinneamh a allmhairiú ó áiteanna lasmuigh dá teorainneacha agus is mó a bhíonn sí neamhchosanta ar shuaitf idirnáisiúnta ar phraghsanna agus ar ghanntanais soláthair[24]. Ós rud é go n-athraíonn rioscaí geopholaitiúla, tá sé ríthábhachtach bearta a dhéanamh chun athléimneacht na n-earnálacha gáis, leictreachais agus ola a neartú. Seachas iad a bheith ann ar leithligh óna chéile, tá na bearta seo a leanas bunaithe ar an straitéis fhadtéarmach atá leagtha amach i gcolúin 1 agus 4 chun éileamh a bhainistiú agus chun úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a bhrostú.

## Cé na nithe atá á ndéanamh againn cheana féin?

Ar leibhéal oibríochtúil, déantar **faireachán leanúnach ar iontaofacht agus athléimneacht agus cuirtear feabhas leanúnach ar chórais i ngach earnáil**. Teastaíonn pleanáil chomhtháite fhadtéarmach chun sainaithint a dhéanamh ar na riachtanais fhadtéarmacha bhonneagair atá i gceist le córas comhtháite fuinnimh a sholáthar chun ár n-uasteorainneacha astaíochtaí earnála a chomhlíonadh. Deimhnítear sa **Straitéis Náisiúnta Hidrigine** an ról tábhachtach a bheidh ag hidrigin in-athnuaite inár gcóras fuinnimh amach anseo. Samhlaítear go mbeidh píblínte hidrigine ar an rogha iompair is coitianta, áit a ndéanfar an bonneagar píblínte gáis nádúrtha atá ann cheana

[24] Leathanaigh 19 agus 20, SEAI (2022) Fuinneamh in Éirinn | Príomhfhoilseacháin | SEAI

a athchuspórú. Tá Líonraí Gáis Éireann ag tabhairt faoi chlár tástála ábhar ar mhaithe le cumaisc hidrigine a úsáid sa líonra gáis sa todhchaí. San obair a rinneadh go dtí seo, is féidir torthaí a bhfuil gealladh fúthu a fheiceáil maidir le cumas teicniúil an líonra gáis chun cumaisc arb ionann a gcion hidrigine agus suas le 100% a iompar. Tá Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin á forbairt faoi láthair, rud lena dtacófar arís eile le húsáid an gháis in-athnuaite sin inár gcóras fuinnimh amach anseo agus lena gcuirfear an úsáid sin chun cinn.

Ina theannta sin, tá athléimneacht an chórais ar cheann amháin de na tosca is tábhachtaí san aistriú chuig córas cumhachta lena gcomhlíontar ár n-uasteorainneacha astaíochtaí earnála. Beidh giniúint fuinnimh in-athnuaite inseolta ag teastáil go fóill chun iontaofacht an chórais a chothabháil, agus meastar i dtuarascáil a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh le déanaí go bhfreastalófar ar fhigiúr idir 5% agus 15% de riachtanais leictreachais trí ghiniúint inseolta atá saor ó charbón i gcóras inbhuanaithe slán cumhachta. Tugtar sa Straitéis Náisiúnta Hidrigine, a foilsíodh i mí Iúil 2023, gealltanas chun treochlár a chur i gcrích le haghaidh réitigh inseolta chumhachta atá neodrach ó thaobh carbóin de a thabhairt chuig an margadh. Leis an treochlár sin, cabhrófar leis na riachtanais atá ag córas inbhuanaithe slán cumhachta a chinneadh. D'fhoilsigh EirGrid glao ar fhianaise ar stóráil fhadtréimhseach fuinnimh i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá an stóráil sin ar cheann amháin de na príomhghnéithe d'athléimneacht an chórais dhícharbónaithe a chinntiú.

Cuirtear leis an obair sin trí thabhairt faoi chleachtaí tráthrialta éigeandála ina dtástáiltear na córais sin agus ina sainaithnítear tuilleadh feabhsuithe. Cumhdaítear an obair sin go mion i dtuarascáil an Chreata Náisiúnta Slándála Fuinnimh. Comhordaíodh leis an gCreat an obair ar shlándáil fuinnimh ar fud na hearnála leictreachais, na hearnála gáis agus na hearnála ola. Leagadh amach ann 31 Fhreagairt Beartais a bhí dírithe ar thrí théama:

1. An tionchar ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí a bhainistiú.
2. Slándáil an tsoláthair fuinnimh a chinntiú sa ghearrthéarma.
3. Ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú chun allmhairí fuinnimh ón Rúis a chéimniú amach ar fud an Aontais Eorpaigh.

## Cé na nithe a mholtar sa Phacáiste?

Tar éis anailís a dhéanamh ar an athbhreithniú agus ar na freagraí comhairliúcháin inar scrúdaíodh an cheist seo go mion, déantar roinnt nithe sa Phacáiste seo:

- Cuirtear ann le hathléimneacht na hearnála gáis trí bhearta nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear frithláireamh a dhéanamh ar an riosca go mbeadh cur isteach suntasach ann ar sholáthar.
- Cuirtear ann le hiontaofacht san earnáil leictreachais trí chur chun feidhme dírithe a dhéanamh ar na príomhréitigh a sainaithníodh san anailís.
- Méadaítear ann athléimneacht san earnáil ola trí anailís nuashonraithe a dhéanamh ar riachtanais fhadtéarmacha.

## An Earnáil Leictreachais

Is féidir iontaofacht an chórais leictreachais a bhreithniú ina dhá cuid – leordhóthanacht agus athléimneacht:

- Baineann leordhóthanacht le go leor giniúna a bheith ann chun freastal ar an éileamh.
- Baineann athléimneacht le bheith in ann cur isteach ar an gcóras a mhaolú agus freagairt d'aon chur isteach den sórt sin.

Is é atá i gcaighdeáin iontaofachta san earnáil leictreachais ná ríomh ar 'luach an lóid chaillte' agus ar an gcostas a bhaineann le gléasra nua chun freastal ar an lód sin. Tá an caighdeán iontaofachta ar fud cúig thír déag san Aontas Eorpach cothrom le trí huaire an chloig ar an meán. Is é ocht n-uaire an chloig an caighdeán iontaofachta in Éirinn. Maítear le caighdeán iontaofachta ocht n-uaire an chloig atá ag Éirinn gurb é ocht n-uaire an chloig de lód caillte an chothromaíocht chuí idir an costas a bhaineann le gan a bheith in ann freastal ar an éileamh ar fad agus an costas breise a bhaineann le freastal ar an éileamh nua sin. Tugtar aghaidh air sin i Réimse Gnímh 3.

Foilsíonn EirGrid measúnuithe leordhóthanachta lena gcuirtear ar a chumas Ionchas maidir le Cailliúint Lóid a ríomh. Tugtar le fios san Ionchas maidir le Cailliúint Lóid an líon ionchais uaireanta sa bhliain ar lena linn a d'fhéadfadh nár leor an ghiniúint leictreachais chun freastal ar an éileamh iomlán. Sa bhliain 2022, ríomh EirGrid gurbh ionann an tIonchas maidir le Cailliúint Lóid a bhí ag Éirinn agus 52 uair an chloig, figiúr atá i bhfad níos mó ná na hocht n-uaire an chloig a mheastar a bheith cuí. Is é sin an toradh atá ar an easnamh toillte san earnáil leictreachais – rud a bhfuiltear ag díriú air sa Chlár um Shlándáil an tSoláthair atá faoi stiúir ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais. Léirítear sa Tuar Geimhridh 2023/24 staid níos fearr i gcomparáid leis an mbliain 2022/23, agus an tIonchas maidir le Cailliúint Lóid cothrom le 21 uair an chloig.

Tá sé mar aidhm leis na gníomhartha atá leagtha amach thíos a chinntiú go mbeidh na cumasóirí beartais uile a theastaíonn i bhfeidhm le haghaidh aistriú slán chuig earnáil leictreachais atá faoi threoir ag foinsí fuinnimh in-athnuaite, le linn cur leis an Ráiteas ón Rialtas sa bhliain 2021 faoi Shlándáil an tSoláthair Leictreachais.

### **Gníomh 8:** Cur chun feidhme an Chláir um Shlándáil an tSoláthair Leictreachais atá faoi stiúir ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais a chríochnú

Ag teacht sna sála ar ghéarchéim toillte a bheith á fógairt san earnáil leictreachais sa bhliain 2021, tá CRU ag stiúradh clár oibre chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le heasnamh sainaitheanta i dtoilleadh giniúna san earnáil leictreachais. Faigheann an clár sin tacaíocht ó EirGrid agus ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus tá na trí eagraíocht uile ag obair go práinneach chun na maoluithe uile atá ar fáil a shainaithint agus a shaothrú chun athléimneacht san earnáil leictreachais a chinntiú go dtí geimhreadh na bliana 2025/26 agus go dtí gur dóigh go soláthrófar toilleadh buan leordhóthanach. Foilsíodh nuashonrú ar an gclár sin i bhfómhar na bliana 2023 agus tá sé ar fáil ar shuíomh Gréasáin CRU.

Áirítear le gníomhartha an chláir um Shlándáil an tSoláthair atá faoi stiúir ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU):

- 2 GW ar a laghad de thoilleadh nua solúbtha buan a fháil trí shásraí margaidh.
- Faireachán breisithe a dhéanamh ar thionscadail a n-éiríonn leo i gceantanna chun soláthar rathúil an toillte sin a chinntiú.
- Toilleadh Sealadach Giniúna Éigeandála a fháil chun a chinntiú go mbeidh aonaid rogha deiridh ar fáil don Stát le linn éigeandála.
- Aonaid ghiniúna níos sine a choinneáil ar bhonn sealadach go dtí go soláthrófar toilleadh nua buan.
- Bearta chun feabhas a chur ar fheidhmíocht agus infhaighteacht na ngineadóirí agus na n-aonad ó thaobh an éilimh de atá ann cheana agus chun freagairtí breise a fhorbairt ó thaobh an éilimh de.
- Socruithe cuí formhaoirseachta agus tuairiscithe chun soláthar rathúil an chláir seo a chinntiú.

Tháinig geimhreadh na bliana 2022/23 chun deiridh gan aon fholáirimh chórais. Fágann sé sin nach raibh an riosca cur isteach ar an soláthar cumhachta do ghnólachtaí nó do theaghlaigh mar thoradh ar an mbearna leordhóthanachta sa chóras cumhachta sách ard tráth ar bith chun údar a thabhairt le foláireamh a eisiúint mar rabhadh don chóras. Thuairiscigh CRU go bhfuil dea-dhul chun cinn á dhéanamh ar na bearta thuas a chur chun feidhme, rud a léiríonn muinín as na gníomhartha agus as cur i bhfeidhm leanúnach an chláir. Treisíodh an mhuinín sin tuilleadh le foilsiú thuar geimhridh EirGrid do 2023/24, rud ina léirítear stádas níos fearr ná stádas gheimhreadh na bliana seo caite agus laghdú sna rioscaí ar an gcóras.

Coimisiúnaíodh Athbhreithniú McCarthy mar fhreagairt do na fadhbanna toillte san earnáil leictreachais agus chun béim a leagan ar cé na ceachtanna a d'fhéadfaí a fhoghlaim. San anailís uaidh, luaigh McCarthy gurb é atá sa chlár um Shlándáil an tSoláthair de chuid CRU ná réimse tábhachtach dírithe leantaigh mar fhreagairt don ghéarchéim a fógraíodh san earnáil leictreachais. Cé is moite de na bearta gearrthéarmacha maolaithe sin, moltar i dTuarascáil McCarthy roinnt réimsí lena bhfeabhsú, a phléitear ar fud na tuarascála seo.[25]

**Gníomh 9:** Athléimneacht a mhéadú trí chaighdeán iontaofachta atá nuashonraithe, rioscabhunaithe agus fianaisebhunaithe a chur chun feidhme san earnáil leictreachais

Léirítear in anailís go bhfuil an caighdeán iontaofachta ocht n-uaire an chloig atá ag Éirinn san earnáil leictreachais mar chúis le hinghlacthacht riosca atá níos mó ná an inghlacthacht sin a thaispeánann a lán tíortha eile san Eoraip maidir le slándáil an tsoláthair leictreachais a bhainistiú. Ós rud é gur straitéis luathaithe leictreachas-treoraithe í an straitéis atá i bhfeidhm ag Éirinn le haghaidh aistriú chuig geilleagar glas, tá sé ríthábhachtach go n-íoslaghdófaí don Stát aon rioscaí a bhaineann leis an gcur chuige sin.

[25] Tá achoimre ar fhionnachtana McCarthy le fáil ar leathanach 14 agus tá siad foilsithe ina n-iomláine mar chuid den phacáiste seo.

Le linn dó athbhreithniú a dhéanamh ar na toimhdí lena mbuntacaítear le pleanáil san earnáil leictreachais, chuir CRU modheolaíocht ACER i bhfeidhm d'fhonn a chinneadh cén Caighdeán Iontaofachta cuí ar cheart dó a bheith in ann aistriú slán na hÉireann a chumasú. Tháinig an tAire ar chinneadh ansin Caighdeán Iontaofachta níos doichte a chur chun feidhme d'Éirinn. Tá an cinneadh sin bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Measúnú ar an ríthábhacht a bhaineann le haistriú leictreachas-treoraithe in Éirinn, rud a mhéadóidh an spleáchas atá ag earnálacha eile den gheilleagar ar thoilleadh san earnáil leictreachais.
- An anailís a rinne McCarthy chun measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna leis an ngéarchéim toillte, rud ina léirítear an tionchar a bhí ag caighdeán iontaofachta ocht n-uaire an chloig a chur i bhfeidhm le déanaí.
- Moladh ó CRU á rá gur cheart an caighdeán iontaofachta a dhéanamh níos doichte ná an figiúr a d'eascair as modheolaíocht ACER, ar mholadh é a raibh EirGrid, Oibritheoir Córais Tarchurtha, i bhfách leis.
- Measúnú ilfhachtóra ar "luach náisiúnta an lóid chaillte"[26]. Ní hé amháin go raibh an measúnú sin bunaithe ar mhodheolaíocht ACER agus ar na suirbhéanna a seoladh sa bhliain 2022, ach tugadh aird ann freisin ar an infheistíocht arb eol gur údaraigh an tOireachtas í chun maoluithe gearrthéarmacha éigeandála a chur chun feidhme mar fhreagra ar an ngéarchéim toillte.
- Agus aird á tabhairt ann ar an gcostas maireachtála, measúnú ar na costais incriminteacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn do thomhaltóirí i gceantanna amach anseo dá bhfaighfí toilleadh chun caighdeán iontaofachta níos doichte a bhaint amach, ar costas é a measann CRU a bheith íseal agus inbhuanaithe (ag brath ar an gcaighdeán deiridh, thart ar €2 nó níos ísle in aghaidh na bliana in aghaidh an mheánbhille teaghlaigh).
- An tábhacht straitéiseach a bhaineann le hÉirinn a thabhairt i gcomhréir leis an inghlacthacht riosca Eorpach, rud atá i bhfad níos ísle ná í sin a ghlac Éire roimhe seo agus atá cothrom le caighdeán iontaofachta trí huaire an chloig ar an meán.

Agus iad ualaithe le chéile, tugann na tosca sin le fios gur cheart úsáid a bhaint as Caighdeán Iontaofachta níos doichte lena laghdaítear próifíl riosca na hÉireann. Tá an Roinn ag dul i dteagmháil leis an gCoiste Margaidh Leictreachais Aonair agus leis an gCoimisiún Eorpach anois chun é sin a chur chun feidhme agus chun creat Státchabhrach na hÉireann a nuashonrú. Comhlánóidh sé sin an obair a chuirfidh Éire ar aghaidh an tráth céanna mar chuid den Mheasúnú Náisiúnta nua ar Leordhóthanacht Acmhainní a chur chun feidhme – féach Gníomh 22 – rud a bhainfidh tuilleadh comhsheasmhachta amach san Eoraip freisin.

### **Gníomh 10:** Athchóirithe toilithe a chur chun feidhme agus ailíniú le hathchóirithe pleanála chun tuilleadh cinnteachta a thabhairt don earnáil

Maidir le hathchóiriú an chórais pleanála agus lena chinntiú go mbeidh gach gné den chóras pleanála ailínithe agus acmhainnithe chun tacú go hiomlán le forbairt luathaithe fuinnimh in-athnuaite, ba théamaí coitianta iad sin sna freagraí ó gheallsealbhóirí ar an gcomhairliúchán poiblí ar an Athbhreithniú ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais agus Gáis. Tarraingíodh aird freisin ar thús áite a thabhairt do bhonneagar fuinnimh amhail neartú eangaí agus toilleadh inseolta le haghaidh shlándáil an tsoláthair. Príomhthéama in Athbhreithniú McCarthy ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais freisin ba ea pleanáil.

[26] Is é atá i Luach an Lóid Chaillte ná táscaire lena sloinntear an luach a chuireann custaiméirí ar leictreachas bunaithe ar cá mhéad a d'íocfadh siad chun caillteanas soláthair leictreachais a sheachaint.

Maidir lena chinntiú go dtabharfar tús áite do thionscadail in-athnuaite, tá sé sin ag teacht le ceanglais na Treorach athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus leis an ráiteas gníomhaíochta REPowerEU ón gCoimisiún Eorpach. Chomh maith leis sin, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a chinntiú go mbreithneofaí tionscadail ghiniúna fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar gaolmhar (eangach, mar shampla) le leas sáraitheach an phobail agus le leas shábháilteacht an phobail, rud a dtacaíonn Éire go hiomlán leis, mar a chuirtear in iúl sa Chreat Náisiúnta Slándála Fuinnimh.

Sa dá bhliain atá imithe thart, tá díriú suntasach á leagan ar an gcreat cuí dlí agus beartais a chinntiú chun tacú le straitéisí Rialtais a sholáthar, lena n-áirítear an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Plean Forbartha Náisiúnta, agus chun freagairt don phráinn a theastaíonn chun déileáil leis an ngéarchéim fuinnimh. Bhí díriú ar leith ag an bhfreagairt sin ar fhorbairt fhéideartha fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a ghníomhachtú chun spriocanna na bliana 2030 a chomhlíonadh. Mar an gcéanna, teastaíonn méid suntasach oibre tacaíochta chun Limistéir Mhuirí faoi Chosaint, Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta (ar talamh agus amach ón gcósta) a ainmniú agus a bhainistiú a sholáthar agus na pleananna caomhantais gaolmhara atá mar bhonn agus thaca leo a sholáthar, ar nithe iad uile atá le cur i gcrích ar bhonn beartaithe tosaíochta, agus chun an treoir agus na rialacháin is gá a sholáthar.

Chun an méid sin a dhéanamh, beidh a lán acmhainní breise agus cuí ag teastáil ar fud an chórais pleanála, ar leibhéal an Bhoird Pleanála agus an Údaráis Áitiúil, agus sa líonra gníomhaireachtaí gaolmhara (amhail an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) chun a chinntiú go mbeidh acu an leibhéal pearsanra a theastaíonn chun tacú leis an aistriú aeráide agus go mbeidh acu freisin na scileanna éagsúla a theastaíonn chun tacú le déanamh pleananna agus cinnteoireacht atá cuí agus láidir ar fud an chórais.

Tá athbhreithniú agus comhdhlúthú an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000, á ngabháil de láimh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Táthar ag díriú go príomha san athbhreithniú ar dhéanamh pleananna a chur i gcroílár an chórais pleanála agus ar thuilleadh soiléire, comhsheasmhachta agus cinnteachta a chur le conas a dhéantar cinntí pleanála. Tá sé beartaithe an córas pleanála a dhéanamh níos comhleanúnaí agus níos soláimhsithe don phobal agus do chleachtóirí pleanála. Comhpháirt lárnach a bheidh i rannpháirtíocht an phobail go fóill, rud atá mar shaintréith ag an gcóras pleanála reatha. Trí na hathruithe sin a dhéanamh, beifear in ann forbairt chuí a phleanáil agus a chur i ngníomh le muinín agus le cinnteacht faoi conas agus cén uair a dhéanfar cinneadh maidir le toiliú pleanála. Chun tacú le spriocanna uileghabhálacha an athbhreithniúcháin seo, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí an tseirbhís pleanála a acmhainniú go cuí chun próiseas pleanála a bhíonn ag feidhmiú go hiomlán a chumasú – sainaithníodh é sin a bheith ina ghné riachtanach de leictreachas in-athnuaite a chur i bhfeidhm sa Chreat Náisiúnta Slándála Fuinnimh.

I mí Eanáir 2023, d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dréacht den Bhille um Pleanáil agus Forbairt, 2022. Táthar ag súil leis go dtabharfar an dréacht sin chun críche faoi dheireadh na bliana 2023. Más rud é go dtabharfar isteach é mar atá beartaithe, beidh athruithe éagsúla ann sa reachtaíocht sin lena ndéanfar soláthar an bhonneagair fuinnimh a chothú agus a bhreisiú. Áirítear leo sin:

- Treisiú leis an nasc idir an beartas pleanála náisiúnta agus an beartas pleanála áitiúil, lena n-áirítear ceanglais shonracha le haghaidh tosaíochtaí straitéiseacha do bhonneagar fuinnimh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, agus oibleagáidí i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide a chur san áireamh ar bhealach níos cuí.
- Stádas dlíthiúil neartaithe a thabhairt do threoirlínte ón Aire, lena n-áireofar treoirlínte maidir le bonneagar fuinnimh in-athnuaite a bheidh le ceadú ag an Rialtas. Uasghrádófar treoirlínte agus treoracha beartais ón Aire ina 'Ráitis Náisiúnta Phleanála', agus áireofar leo 'Beartais Náisiúnta Phleanála agus Bearta Náisiúnta Pleanála' agus 'Treoir maidir leis an mBeartas Náisiúnta Pleanála'. Ceadóidh an Rialtas iad sin. Cé go mbeidh sé sainordaitheach gach doiciméad pleanála eile a ailíniú leis na nithe sin, is lánroghnach a bheidh an treoir.
- Amlínte sainordaitheacha reachtúla le haghaidh gach próisis toilithe, lena n-áirítear cinntí an Bhoird Pleanála, chun cinnteacht a thabhairt don phróiseas toilithe pleanála.
- Athstruchtúrú an Bhoird Pleanála (a n-athrófar a ainm go dtí An Coimisiún Pleanála) chun feidhmeanna rialachais oibríochtúil agus feidhmeanna cinnteoireachta a scaradh óna chéile agus chun na Coimisinéirí Pleanála a fhuascailt chun cinntí a dhéanamh ar aon dul leis na hamlínte nua.
- Athruithe ar na próisis a bhaineann le hAthbhreithnithe Breithiúnacha ar chinntí pleanála, chun amlínte a thabhairt isteach do na céimeanna éagsúla sna próisis. Tabharfar scéim cosanta costas isteach freisin chun tuilleadh cinnteachta a thabhairt d'iarratasóirí ar athbhreithniú faoina gcostais féin sula n-iarrfaidh siad Athbhreithniú Breithiúnach.
- Soiléire mhéadaithe faoi scóip agus ról na measúnuithe comhshaoil agus faoina gcaidreamh leis an bpróiseas déanta pleananna agus leis an bpróiseas toilithe. Beidh an tsoiléire sin ag teacht leis na forbairtí cásdlí a thit amach le déanaí agus cuirfear tuilleadh cinnteachta leis an bpróiseas cinnteoireachta dá barr.

Tá ceadúnais chomhshaoil agus údaruithe comhshaoil ag teastáil do chuid mhór gníomhaíochtaí eacnamaíocha, tionsclaíocha agus dramhaíola, lena n-áirítear giniúint cumhachta a bhfuil dóchán teirmeach i gceist léi. Tá an Roinn **ag forbairt reachtaíocht a mbeidh mar aidhm léi an córas ceadúnúcháin comhshaoil a oibríonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a chuíchóiriú**. Tá creat ama 26 seachtaine atá ina cheangal reachtúil á mholadh le haghaidh cinntí ar cheadúnais agus ar thoilithe a eisiúint i roinnt réimsí, lena n-áirítear ceadúnais Astaíochtaí

Tionsclaíocha a cheanglaítear le haghaidh breoslaí a dhó i suiteálacha a bhfuil ionchur rátáilte teirmeach iomlán 50 MW nó níos mó acu.

Chun cloí leis an gcuspóir atá ann cinntí ar cheadúnais a eisiúint laistigh de 26 seachtaine, beidh sé riachtanach athrú suntasach a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear ceadúnú, mar atá leagtha amach san Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus i rialacháin ghaolmhara, agus acmhainní na Gníomhaireachta a mhéadú go suntasach.

Tá an reachtaíocht bheartaithe ceaptha chun dul chun tairbhe don chomhshaol agus don gheilleagar. Tá ceadúnú comhshaoil ina ionstraim thábhachtach le haghaidh tionchair chomhshaoil an tionscail a laghdú, comhlíonadh ceanglas comhshaoil ag an tionscal a éascú, agus nuálaíocht teicneolaíochta a chur chun cinn. Tiocfaidh a lán tairbhí comhshaoil agus eacnamaíocha as creataí ama ceangailteacha níos giorra a chinntiú do chinntí ceadúnais. Chabhródh ceadúnú comhshaoil go mór le slándáil soláthair fuinnimh an Stáit, a mhéid a bhaineann leis na tionscadail ghiniúna fuinnimh a theastaíonn le haghaidh ár gcóras fuinnimh a aistriú ar aon dul lenár n-uasteorainneacha aeráide.

**Gníomh 11:** Eangach leictreachais atá oiriúnach don fheidhm agus lena dtacaítear le huaillmhianta fuinnimh agus aeráide na hÉireann a chinntiú

D'fhéadfaí a rá go bhfuil ár n-eangach leictreachais agus ár líonra leictreachais ar an gcomhpháirt is tábhachtaí dár mbonneagar leictreachais. Maidir le slándáil fuinnimh, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an ghiniúint leictreachais nua ar fad – giniúint in-athnuaite agus giniúint thraidisiúnta araon – in ann nascadh leis an eangach leictreachais a luaithe a bheadh an ghiniúint ar fáil. Chun é sin a dhéanamh, teastaíonn córas éifeachtúil le haghaidh na naisc sin a sholáthar ar leibhéal an Chórais Tarchurtha agus ar leibhéal an Chórais Dáileacháin araon. Ag an am céanna, tá sé riachtanach go ndéanfaí na forbairtí treisithe eangaí is gá chun leictreachas a aistriú a thógáil agus a chur i mbun oibre ar bhealach éifeachtúil.

Tá sé ríthábhachtach freisin go mbeadh soiléire fhadtéarmach ag an earnáil tionscail ar an mbeartas maidir le naisc leis an eangach. Sa bhliain 2023, d'oibrigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí earnála chun beartas a fhorbairt lena chur in ionad an

**Bheartais Mharthanaigh um Nascadh** le haghaidh giniúint leictreachais. Tá CRU ag obair freisin ar **thionscadail hibrideacha** a éascú trínar féidir le roinnt eintiteas dlíthiúil éagsúil nascphointe aonair a chomhroinnt ar láithreán amháin. Tá an obair sin le críochnú sa bhliain 2023 freisin. Ag obair dó i gcomhar le hOibritheoirí Córais, tá sé beartaithe ag CRU treoirthionscadal a sheoladh do **mhoil fuinnimh in-athnuaite** sa cheathrú ráithe den bhliain 2023. Mar chuid de na moil fuinnimh in-athnuaite, táthar ag coinne leis go dtógfar fostáisiúin a bheidh bunaithe ar an bpíblíne tionscadal fuinnimh in-athnuaite atá ar eolas.

Beidh sé riachtanach treisiú agus leathnú fairsing a dhéanamh ar an líonra tarchurtha agus dáileacháin leictreachais ar fad maidir le comhlíonadh a dhéanamh ar an gcuspóir atá againn an geilleagar a dhícharbónú trí thuilleadh leictriúcháin. Shainaithin EirGrid breis agus 350 tionscadal treisithe eangaí a bheadh ag teastáil faoin mbliain 2030 chun ár spriocanna uaillmhianacha fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach agus chun slándáil fuinnimh a mhéadú i gcomhthráth le héileamh méadaitheach ar an eangach. Áirítear leo sin tionscadail a sainaithníodh i Leagan 1.1 den Treochlár dar teideal **'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú' a foilsíodh le déanaí.** Beidh cur chuige uile-chórais ag teastáil ar fud cheapadh, thionscnamh, thoiliú agus sholáthar an tionscadail chun na líonraí a sholáthar lena laghdófar srianta agus costais do thomhaltóirí agus lena n-éascófar dícharbónú mear. I gcomhar le EirGrid agus le Líonraí BSL, tá athbhreithniú á dhéanamh ag CRU faoi láthair ar conas is féidir soláthar na heangaí a bhrostú ar mhaithe lenár n-aistriú ísealcharbóin a éascú.

Maidir leis an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat beart le haghaidh treisiú le héiceachóras na hEorpa le haghaidh táirgí teicneolaíochta atá neodrach ó thaobh carbóin de a mhonarú, dá ngairtear an Gníomh um Thionscal Glan-Nialasach freisin, tá sé ceaptha chun tacú le huas-scálú chumas an Aontais Eorpaigh maidir le táirgí atá neodrach ó thaobh carbóin de a mhonarú agus le táirgí an Aontais Eorpaigh atá neodrach ó thaobh carbóin de. Tá sé mar aidhm leis timpeallacht rialála a chruthú lena gcabhrófar le spriocanna aeráidneodrachta na hEorpa a bhaint amach, le poist ghlasa a chruthú agus le hiomaíocht an Aontais Eorpaigh a chothabháil. Leis an nGníomh, tacófar le himscaradh a dhéanamh ar ocht gcinn de theicneolaíochtaí straitéiseacha atá neodrach ó thaobh carbóin de:

1. Teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine.
2. Teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta.
3. Ceallraí/teicneolaíochtaí stórála.
4. Teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh.
5. Leictrealóirí agus cealla breosla.
6. Teicneolaíochtaí bithgháis/bithmheatáin inbhuanaithe.
7. Teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin.
8. Teicneolaíochtaí eangaí.

**Dá mbainfí leas as deis an chreata seo ar bhonn náisiúnta,** d'fhéadfaí cur chun feidhme luathaithe forbartha eangaí go háirithe, agus cur chun feidhme luathaithe tionscadal fuinnimh i gcoitinne, a chumasú go mór.

## **Gníomh 12:** Dlús a chur le solúbthacht a sholáthar sa chóras cumhachta

Trí sholúbthacht a leabú isteach sa chóras cumhachta, is féidir athrú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáideann Éire toilleadh traidisiúnta agus rannchuidiú le haistriú slán. Rinneadh dul chun cinn iontach ar stóráil leictreachais a imscaradh in Éirinn. Le linn gheimhreadh na bliana 2022, rinneadh an chumhacht ceallra a bhí ar fáil a nascadh ('slabhrú nóiníní') agus a úsáid ar feadh 90 nóiméad le

linn buaicuaireanta ar lá gaoithe íseal-luais chun foláireamh ar an gcóras cumhachta a sheachaint. Is cruthúnas suntasach coincheapa é sin ar an ról is féidir le stóráil a imirt mar cheann de roinnt idirghabhálacha ar féidir leo tacú le slándáil fuinnimh amach anseo.

Is féidir le roinnt snáitheanna oibre é sin a chumasú tuilleadh:

- **Cur chun feidhme a dhéanamh ar an doiciméad dar teideal 'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú 1.1' a foilsíodh le déanaí**, an leagan nuashonraithe de phleananna EirGrid le haghaidh an eangach a fhorbairt agus a threisiú.
- **Creat Beartais nua maidir le Stóráil Leictreachais** a bheith á fhorbairt ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sna míonna tosaigh den bhliain 2024. Is é an toradh a bheidh ar an mbeartas sin nuair a bheidh sé foilsithe ná go dtacófar arís eile le stóráil leictreachais a imscaradh in Éirinn. Tá na hOibritheoirí Córais ag imscrúdú bealaí inar féidir stóráil atá nasctha leis an eangach a chur leis roimh an mbeartas deiridh.
- Creat a thabhairt isteach le haghaidh **soláthar iomaíoch seirbhísí córais** chun teacht in ionad taraifí rialáilte.
- **Seirbhísí córais fadtéarmacha agus lá roimh ré** a fháil agus a úsáid mar a fhoráiltear le SEM-22-012[27].
- **Seirbhísí táimhe ísealcharbóin** a fháil, rud a mheastar a bheidh ann den chéad uair riamh sa bhliain 2023.

Ina theannta sin, soláthróidh an **Tascfhórsa um Fhorbairt Foinsí Fuinnimh In-athnuaite a Luathú** ceannaireacht ríthábhachtach chun cur chun feidhme na dtionscnamh sin agus cur chun feidhme tionscnamh gaolmhar a chur ar aghaidh.

### **Gníomh 13:** Idirnaisc bhreise Leictreachais a chur i gcrích agus a chomhtháthú go rathúil

Tá Éire scoite ón taobh geografach de, agus gan ach beagán idirnaisc aici lena comharsana Eorpacha. I láthair na huaire, is ionann toilleadh idirnaisc na hÉireann agus 500 MW i nasc aonair leis an mBreatain Mhór. Le cabhair ó ráiteas beartais na bliana 2018 faoi idirnasc, tá an toilleadh le méadú faoi níos mó ná faoi thrí go 1,700 MW sna blianta atá le teacht. Áireofar leis sin an chéad nasc díreach leis an Aontas Eorpach tar éis an Bhreatimeachta, is é sin an tIdirnascaire Ceilteach 700 MW leis an bhFrainc. Beidh tuilleadh nascachta ag teastáil chun uaillmhianta fuinnimh na hÉireann a réadú agus chun a slándáil fuinnimh a mhéadú.

Cabhraíonn idirnasc méadaithe leis an soláthar agus éileamh leictreachais idir tíortha a chothromú agus le soláthar cumhachta cúltaca luachmhar a sholáthar le haghaidh tréimhsí ina bhfuil toilleadh laghdaithe ag córas leictreachais na hÉireann. Is é an toradh a bheadh air sin ná go gcumasófaí allmhairí méadaithe i gcás drochshuaitf amhail adhaimsir nó teip ar mhórghléasra cumhachta. Méadóidh ar thábhacht ról an idirnaisc de réir mar a fhorbraítear foinsí fuinnimh in-athnuaite níos inathraithí agus de réir mar a thagann siad sin isteach i gcóras na hÉireann.

De bhreis ar thairbhí ó thaobh na Slándála Fuinnimh de, fágann acmhainneacht fuinnimh amach ó chósta na hÉireann go bhfuil sí ina cuid lárnach de thodhchaí fuinnimh chomhroinnte na hEorpa. Príomhchumasóir taobh thiar d'uaillmhian fuinnimh na hÉireann a réadú is ea nascacht mhéadaithe de réir mar a aistríonn an tír chun a bheith ina glanonnmhaireoir fuinnimh.

[27] System Services Future Arrangements High Level Design Decision Paper.pdf (semcommittee.com)

Nuashonraíodh an **Beartas nua ó Éirinn maidir le hIdirnasc Leictreachais** sa bhliain 2023 ar aon dul leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, agus gealltar ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Toilleadh idirnaisc leictreachais na hÉireann a mhéadú.
- Leanúint ar aghaidh leis an gcur chuige atá á ghlacadh cheana i leith idirnaisc, ar feitheamh an aistrithe chuig cur chuige réamhphleanála níos struchtúrtha a bheidh ailínithe le forbairt fuinnimh in-athnuaite agus le riachtanas straitéiseach.
- Tacú go sonrach le nasc breise leis an mBreatain Mhór faoin mbliain 2030, lasmuigh d'Idirnascaire Greenlink a chríochnú.
- Riachtanais idirnaisc bhreise a shuí, agus breithniú sonrach á dhéanamh ar na nithe seo a leanas: tionscadal eile leis an bhFrainc atá de bhreis ar an Idirnascaire Ceilteach; nasc leis an Spáinn; nasc breise leis an mBreatain Mhór tar éis na bliana 2030; agus nasc leis an mBeilg nó leis an Ísiltír.
- Straitéis um Tharchur Amach ón gCósta a fhorbairt agus iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh idirnascairí ilchuspóireacha chun deiseanna onnmhairiúcháin a uasmhéadú agus chun forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú.
- Tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann idirnascairí ilchuspóireacha nó hibrideacha a chruthú chun deiseanna onnmhairiúcháin a uasmhéadú agus chun dlús forbartha a laghdú.

Foilseofar an **Straitéis um Tharchur Amach ón gCósta** sa chéad ráithe den bhliain 2024, mar atá leagtha amach sa ráiteas beartais. Sa straitéis sin, leagfar amach an méid barrmhaith idirnaisc atá le soláthar agus glacfar cur chuige réamhphleanála comhtháite i leith forbairt eangaí agus fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

## An Earnáil Gáis

Allmhairíonn Éire thart ar thrí cheathrú dá gás ón Ríocht Aontaithe, agus táthar ag súil leis go méadóidh an figiúr sin de réir mar a mheathann an soláthar dúchasach ó gháscheantar na Coiribe. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú sealadach ar an éileamh ar ghás sna blianta atá romhainn de réir mar a scoireann Éire de ghual agus móin a úsáid le haghaidh giniúint cumhachta. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú ar an mbuaicéileamh lae ar ghás de réir mar a imríonn gás ról cúltaca i gcóras leictreachais ina bhfuil éileamh méadaithe agus atá faoi réir giniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh laghdú ar an éileamh foriomlán ar ghás an athuair ag deireadh na deacáide seo agus le linn na chéad deacáide eile de réir mar a chuirtear tuilleadh foinsí fuinnimh in-athnuaite leis an eangach.

Léirítear san anailís theicniúil go mbeadh an bonneagar agus na foinsí soláthair atá ann cheana in ann freastal, den chuid is mó, ar riachtanais éilimh gáis na hÉireann idir an meántéarma agus an fadtéarma. Léirítear inti freisin, áfach, go n-imreodh aon chur isteach ar sholáthairtí gáis ón Ríocht Aontaithe, ar cibé cúis ar bith, tionchar an-suntasach ar fholláine gheilleagrach agus shóisialta na hÉireann.

Cuimsíonn an Pacáiste seo bearta éagsúla chun slándáil an tsoláthair a bhunú in Éirinn de chuid na todhchaí, áit a mbeidh éileamh i bhfad níos ísle ar ghás ann agus a mbeidh soláthar méadaithe gás in-athnuaite ann. Cuimsíonn sé freisin bearta chun ár soláthairtí gáis nádúrtha a dhaingniú de réir mar a dhéanaimid an t-aistriú sin. Tacaíonn larscríbhinn dar teideal "Soláthairtí Gáis na hÉireann a Dhaingniú" leis an bPacáiste. Leagtar amach go mion ann an cur chuige fadtéarmach a ghlacfar chun slándáil ár soláthair gáis a dhaingniú. De bhreis air sin, measúnaítear inti na rioscaí reatha atá á gcur i láthair, na bearta maolaithe féideartha chun aghaidh a thabhairt orthu agus cur chuige beartais molta.

Le linn athruithe sa todhchaí ar éileamh na hÉireann ar ghás nádúrtha agus ar sholáthar agus bonneagar gáis nádúrtha na hÉireann a bhreithniú, táthar i bhfabhar cur chuige dhá chuid a ghlacadh, áit a mbeadh bearta 'buana' agus bearta 'sealadacha' ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí maidir le héileamh nach bhfreastalófaí air dá mba rud é go mbeadh cur isteach ar sholáthairtí ann. Maidir le bearta 'buana', atá comhsheasmhach le córas comhtháite fuinnimh a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de a fhorbairt, tógfaidh sé níos mó ama chun iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme go hiomlán. Is é an toradh a bheidh orthu sin sa deireadh, áfach, ná go gcinnteofar slándáil fhadtéarmach chóras fuinnimh agus riachtanais fuinnimh na hÉireann. Cuirfear na bearta beartais uile chun feidhme i gcomhthráth chun tacú le riachtanais slándála fuinnimh na hÉireann san am i láthair agus san am atá le teacht, agus aon bhearna i rioscaí maidir le héileamh nach bhfreastalófar air á dúnadh go bunúsach. Mar thoradh ar an gcur chuige fadtéarmach i leith sholáthairtí gáis na hÉireann a dhaingniú, déanfar:

- An bhearna a dhúnadh: an meánéileamh agus an buaicéileamh ar ghás nádúrtha a laghdú agus táirgeadh gáis in-athnuaite a mhéadú.
- Réitigh stórála fadtéarmaí gáis a fhorbairt ar féidir leo gás in-athnuaite, agus hidrigin go háirithe, a stóráil.
- Eangach gáis atá oiriúnach don fheidhm agus lena dtacaítear le huaillmhianta fuinnimh agus aeráide na hÉireann a chinntiú.

San idirthréimhse, tá sé beartaithe bearta sealadacha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar aon éileamh nach bhfreastalófaí air dá mba rud é go mbeadh cur isteach suntasach ann ar an mbonneagar gáis is mó de chuid na hÉireann agus chun a chinntiú go gcloífidh Éire le ceanglais reachtacha an Aontais Eorpaigh maidir le slándáil an tsoláthair gáis.

### **Gníomh 14:** Staidéir a thabhairt chun críche chun bonn eolais a chur faoi réitigh stórála fadtéarmaí gáis a fhorbairt ar féidir leo gás in-athnuaite, agus hidrigin go háirithe, a stóráil

Úsáidtear stóráil gáis mar mhodh chun slándáil an tsoláthair a bhaint amach ina lán tíortha, toisc go ngníomhaíonn sí mar chúltaisce bhreise gáis chun freastal ar chásanna ina bhfuil éileamh láidir nó cur isteach ar an soláthar ann. Níl aon saoráidí stórála gáis i mbun feidhme in Éirinn faoi láthair. **Is é an toradh a bheidh ar stóráil gáis chomhoiriúnaigh in-athnuaite ar mhórscála a bhunú ná go mbeifear in ann réiteach marthanach a thairiscint chun slándáil an tsoláthair a chinntiú do chóras fuinnimh na hÉireann**. Agus é ina shatailít de chuid gháscheantar Chionn tSáile, úsáideadh taiscumar Chionn tSáile Thiar Theas le haghaidh stóráil shéasúrach roimhe sin agus d'fhéadfaí é a úsáid mar réiteach le haghaidh stóráil gáis chomhoiriúnaigh in-athnuaite. D'fhéadfaí réitigh eile stórála geolaíche atá ag teacht chun cinn a úsáid mar shásraí móra stórála fuinnimh freisin. Áirítear leo sin fochlaí salainn, foirmíochtaí línithe carraige agus díorthaigh hidrigine. Tá obair ar siúl cheana féin chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht stórála hidrigine atá ann i bhfochlaí salainn de dhéantús an duine amach ó chósta na hÉireann mar chuid den Straitéis Náisiúnta Hidrigine.

Tá seans maith ann go bhféadfaí toilleadh stórála thaiscumar Chionn tSáile Thiar Theas a mhéadú ó na leibhéil roimhe a úsáideadh agus go bhféadfadh sé a bheith ina bheart éifeachtach slándála i gcás go mbeadh laghdú tagtha ar an éileamh ar ghás agus a chinntiú go mbeadh i bhfad níos mó gáis in-athnuaite ar fáil, agus é ag teacht in ionad an bhirt shealadaigh atá beartaithe. Ó thús, tá sé tábhachtach a thuiscint cén toilleadh féideartha agus cén chomhoiriúnacht fhéideartha atá ag an taiscumar chun hidrigin agus gás nádúrtha (bithmheatán san áireamh) a stóráil chun a chinntiú nach ndéanfar infheistíocht i mbonneagar buan nach seasfaidh an aimsir. **Déanfar**

**taighde ar láithreáin fhéideartha le haghaidh stóráil hidrigine, lena n-áireofar breithniú a dhéanamh ar thoilleadh gháscheantar Chionn tSáile sa todhchaí. Beidh an taighde sin faoi stiúir ag Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann agus beidh caidreamh leis an lucht tionscail agus le páirtithe leasmhara i gceist leis**. Leis sin, comhlánófar an tsraith gníomhartha atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Hidrigine.

### **Gníomh 15:** 'Píblíne gháis na hInse' atá ar talamh a dhaingniú le haghaidh mórúsáidí straitéiseacha

Scoireadh de tháirgeadh ar gháscheantar Chionn tSáile i mí Iúil 2020 agus tá PSE Kinsale Energy Ltd., oibritheoir an gháscheantair, sna céimeanna deireanacha de bhonneagar an gháscheantair a dhíchoimisiúnú anois. Tá píblíne ar talamh ann (1.20 km ar fad), rud lena nasctar an líne chladaigh leis an gcóras náisiúnta tarchurtha gáis. Tugtar píblíne na hInse ar an bpíblíne sin agus tá sé beartaithe í a dhíchoimisiúnú mar chuid den tionscadal. **Agus luach straitéiseach féideartha na píblíne sin á aithint, áfach, tá sé beartaithe cabhrú le hí a aistriú ón úinéir reatha chuig Líonraí Gáis Éireann ós rud é go bhfuil sé deacair in amanna bonneagar lena nasctar leis an líne chladaigh a thógáil**. Is é an toradh a bheidh air sin go bhféadfadh go mbeifí in ann an bonneagar sin a úsáid chun críocha éagsúla amach anseo, amhail hidrigin a tháirgeadh nó a stóráil, nó le haghaidh cáblaí teileachumarsáide. Meastar é sin a bheith ina rogha gan aiféala. Díchoimisiúnófar an phíblíne amach ón gcósta mar atá beartaithe.

### **Gníomh 16:** Eangach gáis atá oiriúnach don fheidhm agus lena dtacaítear le huaillmhianta fuinnimh agus aeráide na hÉireann a chinntiú

Chun tacú le cuspóir na hÉireann go mbainfí córas fuinnimh atá faoi threoir ag foinsí fuinnimh in-athnuaite amach, tá sé beartaithe Plean Aistrithe Líonra a ullmhú do líonra gáis nádúrtha na hÉireann chun a riachtanais fhadtéarmacha phleanála, úsáide agus infheistíochta a dhéanamh amach i leith ár gcórais fuinnimh, agus chun freastal ar na riachtanais sin, ar aon dul lenár n-uasteorainneacha astaíochtaí earnála. Breithneofar ann conas a d'fhéadfaí bonneagair den sórt sin a úsáid chun giniúint atá saor ó charbón a iompar amach anseo agus cinnfear ann na hinfheistíochtaí fadtéarmacha bonneagair a bheidh ag teastáil chun tacú leis sin. I gcodarsnacht leis an leictreachas, tiocfaidh laghdú ar ról an gháis nádúrtha. Dá bhrí sin, féachfar san athbhreithniú lena shainaithint cá háit ar féidir an líonra gáis a athchuspóiriú nó ar féidir é a dhíchoimisiúnú, agus comhtháthú cost-éifeachtach an chórais fuinnimh á chur chun cinn i gcás gur féidir chun ár gcuspóirí dícharbónaithe agus slándála a bhaint amach. Chun an tionscadal sin a thionscnamh, **iarrtar ar Líonraí Gáis Éireann, tar éis dul i gcomhairle le CRU, agus le comhaontú ón Roinn, sraith cásanna a fhorbairt maidir leis an ról a bheidh ag an líonra gáis amach anseo**, mar chéim tosaigh i dtreo tacú leis an bplean aistrithe líonra atá beartaithe faoin Straitéis Náisiúnta Hidrigine a sholáthar.

### **Gníomh 17:** Cúltaca Straitéiseach Éigeandála Gáis a chruthú chun Éire a chosaint i gcás cur isteach ar an soláthar gáis de réir mar a dhéanann Éire aistriú slán chuig fuinneamh in-athnuaite den chuid is mó

Léirítear san anailís gur gá d'Éirinn a hathléimneacht a bhreisiú i gcás cur isteach ar sholáthairtí gáis nádúrtha na tíre. Meastar nach dóigh go mbeidh cur isteach ann ar sholáthairtí gáis na hÉireann. Ina ionad sin, meastar go mbeidh sé ina eachtra ardtionchair. Mura gcuirfí bearta breise nua athléimneachta chun feidhme, bheadh cur isteach mar chúis le costais eacnamaíocha agus

shóisialta a bheadh chomh hard sin nach bhféadfaí glacadh leo. Tá sé mar aidhm le Gníomh 17 aghaidh a thabhairt air sin trí Chúltaca Straitéiseach Éigeandála Gáis a chur chun feidhme. Ar aon dul leis an gcinneadh ón Rialtas chun Cúltaca Straitéiseach Éigeandála Gáis stát-treoraithe a fhorbairt, agus mar chuid deiridh den athbhreithniú ar shlándáil fuinnimh na hÉireann, cuirfidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ag obair di i gcomhairle leis an oibritheoir córais tarchurtha gáis (Líonraí Gáis Éireann), scrúdú mionsonraithe i gcrích ar an gcur chuige is fearr i leith an cúltaca éigeandála gáis a sholáthar. Rachaidh an tAire ar ais chuig an Rialtas le haghaidh cinneadh críochnaitheach sa dara ráithe den bhliain 2024. Ciallaíonn an téarma 'stát-treoraithe' rud atá coimisiúnaithe ag an Stát trí Líonraí Gáis Éireann de réir creat rialála a ndéanann an Coimisiún um Rialáil Fóntais formhaoirseacht air. Ní chuirtear cosc leis ar chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí nó ar rannpháirtíocht gnólachtaí príobháideacha atá conraithe chun an bonneagar riachtanach a sholáthar, a thógáil nó a oibriú.

Léirítear san anailís freisin go bhfuil sé sin ag teastáil chun na rioscaí d'Éirinn a íoslaghdú, ach níl ansin ach beart idirthréimhseach. Beidh ról lárnach ag gás maidir le tacú leis an aistriú slán chuig córas fuinnimh atá bunaithe ar leictriú agus ar úsáid an-mhéadaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite. San am i láthair, is le gás a fhreastalaítear ar 30% de phríomhriachtanais fuinnimh na hÉireann. Den fhigiúr sin, úsáidtear 40% le haghaidh téimh agus úsáidtear beagnach 50% le haghaidh giniúint leictreachais. Is ó fhoinsí dúchasacha a thagann aon cheathrú de sholáthairtí gáis na hÉireann. Mar sin féin, tá sé tuartha go dtiocfaidh meath thar an deacáid seo ar an aschur ó gháscheantar na Coiribe, an t-aon soláthar gáis nádúrtha dhúchasaigh atá fágtha ag Éirinn. Is ó dhá idirnascaire fhomhuirí ón mBreatain Mhór a thagann an chuid eile de sholáthar gáis na hÉireann. Tá sé tuartha go dtiocfaidh laghdú ar an éileamh foriomlán ar ghás idir 2021/22 agus 2030/31. Mar sin féin, tá sé tuartha go méadóidh an buaicéileamh lae toisc go mbeidh ról méadaithe ag gás nádúrtha maidir le giniúint leictreachais le linn an aistrithe chuig córas atá faoi threoir ag foinsí fuinnimh in-athnuaite, go háirithe chun tacú leis an eangach le linn amanna aschuir ísil fuinnimh in-athnuaite. Faoin mbliain 2030, de réir mar a leanann Éire dá haistriú chuig gáis in-athnuaite agus chuig fuinneamh in-athnuaite, táthar ag súil leis gur ón Ríocht Aontaithe a thiocfaidh soláthairtí gáis nádúrtha uile na hÉireann, beagnach. I gcás aon chur isteach ar an soláthar gáis ón mbonneagar gáis is mó de chuid na hÉireann (ceann de na hidirnascairí fomhuirí ón mBreatain Mhór) ar lá buaicéilimh ar ghás mar gheall ar an bhfáil íseal ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, tá baol ann nach mbeifear in ann freastal ar suas le 35% den éileamh ar ghás.

Tríd an éileamh ar ghás a laghdú agus trí tháirgeadh gáis in-athnuaite a mhéadú, laghdófar an riosca d'Éirinn go mór, ach táthar ag súil leis go mbeidh na rioscaí ann go ceann deich mbliana go fóill, áfach. Ní leor an beartas atá ann cheana maidir le gás nádúrtha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin – mar atá leagtha amach go mion san Iarscríbhinn dar teideal "Soláthairtí Gáis na hÉireann a Dhaingniú" a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Feabhsófar slándáil fuinnimh na hÉireann go mór agus laghdófar na rioscaí go mór má chuireann Éire bearta chun feidhme chun caighdeán bonneagair N-1 ón Aontas Eorpach a chomhlíonadh[28]. Leis an ngníomh sin, beifear in ann **Cúltaca Straitéiseach Éigeandála Gáis a chur chun feidhme ar bhonn idirthréimhseach** lena úsáid i gcás cur isteach ar sholáthairtí gáis. Is cur chuige é sin atá cosúil leis an mbeart slándála fuinnimh atá i bhfeidhm le haghaidh Slándáil Ola, tríd an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta. Gníomhóidh sé freisin mar dhroichead chuig **Gníomh**

[28] Leagtar príomhchaighdeáin slándála soláthair amach i Rialachán (AE) 2017/1938. Áirítear leo sin caighdeán bonneagair N-1 lena gceanglaítear go mbeadh Ballstáit an Aontais Eorpaigh in ann freastal ar an éileamh rí-ard ar ghás i gcás go gcaillfí an bonneagar gáis aonair is mó. Leis na critéir faoi mheasúnú N-1, ceanglaítear nach mór toilleadh teicniúil an bhonneagair atá fágtha a bheith ag freastal ar an éileamh ar ghás ar lá ar a mbeadh éileamh rí-ard ar ghás, a tharlódh laistigh de dhóchúlacht staitistiúil is ionann agus uair amháin i bhfiche bliain.

**14 le haghaidh straitéis fhadtéarmach na hÉireann chun tuilleadh slándála gáis agus tuilleadh athléimneachta gáis a fhorbairt agus a chothabháil**.

Rachaidh an Roinn i dteagmháil le Líonraí Gáis Éireann, mar Oibritheoir Córais Tarchurtha Gáis neamhspleách, chun togra mionsonraithe a ullmhú chun cúltaca a thabhairt isteach ar an mbonn sin ar aon dul le critéir agus ceanglais a gcinnfidh an Roinn iad, lena n-áireofar:

- Togra is féidir a chur chun feidhme go mear
- Togra nach méadaíonn an t-éileamh ar ghás gan chuimhneamh tríd an soláthar atá ar fáil ar an margadh a mhéadú
- Togra cost-éifeachtach atá ar an scála cuí agus lena dtabharfar go leor athléimneachta má tharlaíonn cur isteach ar an soláthar gáis
- Togra atá comhoiriúnach leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015-2021.

Bunaithe ar réamhanailís ón Roinn, meastar go bhfreastalóidh cúltaca snámhach (FSRU) ar na critéir sin ar an mbealach is fearr. Is réiteach é sin ar fearr le Ballstáit éagsúla den Aontas Eorpach é. Mar sin féin, **scrúdóidh Líonraí Gáis Éireann é sin go mion agus soláthrófar togra substainteach faoin dara ráithe den bhliain 2024**. Maidir leis an réiteach is fearr le haghaidh an tionscadal cúltaca straitéisigh sin a sholáthar, beidh sé faoi réir ceadú críochnaitheach a fháil ón Rialtas.

Leanfaidh an Roinn freisin le hidirchaidreamh a dhéanamh le CRU agus leis an gCoimisiún Eorpach chun comhlíonadh rialála cuí a chinntiú.

**Bunús agus Éabhlóid NORA (an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta) – an Ghníomhaireacht ar cuireadh de chúram uirthi Cúltacaí Straitéiseacha Ola an Stáit a Fháil, a Mhaoiniú agus a Bhainistiú**

- Bunaíodh NORA sa bhliain 1995 mar chuid de thionscnamh a bhí ar bun ar fud an Aontais Eorpaigh ag an am sin agus a raibh mar aidhm leis go n-ardódh gach Ballstát cúltaca straitéiseach is coibhéiseach le 90 lá de thomhaltas lena úsáid i gcás éigeandála.
- Ar dtús, bhí an Ghníomhaireacht ina fochuideachta de INPC (Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann), arbh í uirlis an Stáit le haghaidh úinéireacht ar scaglann an Gheata Bháin í.
- Chinn an Rialtas ina dhiaidh sin gur cheart NORA a bhunú ar bhonn reachtúil neamhspleách agus rinneadh é sin leis an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007.
- Ón mbliain 1995 go dtí an bhliain 2007, chomhlíon NORA a oibleagáid trí roinnt measartha cothrom idir stoic fhisiciúla a choinneáil faoina úinéireacht agus *scair-roghanna éigeantacha* a shealbhú. Leis na roghanna sin, tugadh an ceart don Ghníomhaireacht chun ola a cheannach ó thríú páirtithe ach ní rabhthas in ann iad a fheidhmiú ach amháin i gcás éigeandáil fhógartha.
- I láthair na huaire, tá stoic dar luach thart ar €1bn ina sheilbh ag NORA agus tá costais stórála bhliantúla aige arb ionann iad agus thart ar €40m sa bhliain. Ó am go chéile, is amhlaidh a bhíonn ar NORA a chúltaca a athlíonadh toisc gur féidir le cáilíocht na hola dul in olcas le himeacht ama. Mar thoradh air sin, trádálann sé roinnt stoic i gcaitheamh na bliana go héifeachtach agus tuairiscíonn sé an brabús/caillteanas ar thrádálacha den sórt sin sna cuntais bhliantúla.
- Tríd is tríd, tá stoc NORA ag teacht le próifíl na dtáirgí ola atáthar ag úsáid sa mhargadh (peitreal, díosal, ceirisín, etc.). Sealbhaítear thart ar 72% de stoc na Gníomhaireachta ar oileán na hÉireann agus sealbhaítear an chuid eile ar láithreáin in áiteanna eile san Aontas Eorpach.

## An Earnáil Ola

Tá Éire ina ball den Aontas Eorpach agus den Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh agus, dá bhrí sin, tá ceanglais uirthi stoic straitéiseacha ola a choinneáil. Ceanglaítear ar na Ballstáit le Treoir 2009/119 ón Aontas Eorpach stoic íosta ola is comhionann le soláthar 90 lá ar a laghad a choinneáil. Ceanglaítear ar na Ballstáit leis an Treoir freisin nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu le haghaidh stoic éigeandála a scaoileadh go tapa, go héifeachtach agus go trédhearcach i gcás mórchur isteach ar an soláthar agus le haghaidh táirgí a leithdháileadh ar úsáideoirí áirithe ar bhonn tosaíochta. Ní mór do na Ballstáit pleananna teagmhais a bheith i bhfeidhm acu freisin, ar pleananna iad is féidir a chur chun feidhme i gcás mórchur isteach ar an soláthar. Ceanglaítear ar na balltíortha le Clár Idirnáisiúnta Fuinnimh na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (arb é an conradh a shíníonn baill den Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh ar theacht chun a bheith ina mbaill dóibh é) soláthar 90 lá ar a laghad a shealbhú freisin agus clár um bearta chun an t-éileamh ar ola a shrianadh a bheith i bhfeidhm acu, rud lena gcuirtear ar a gcumas a ráta tomhaltais ola a laghdú le linn éigeandáil ola. Tá freagracht ar NORA as stoic ola na hÉireann a bhainistiú thar ceann an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

### **Gníomh 18:** An slabhra soláthair breoslaí tánaisteacha a neartú le haghaidh giniúint ghásadhainte cumhachta

D'eisigh CRU páipéar cinnidh maidir le hOibleagáidí Breosla Thánaistigh ar Thoilleadh Ceadúnaithe Giniúna i bPoblacht na hÉireann sa bhliain 2009, rud lenar ceanglaíodh ar ghineadóirí gáis ar mó a dtoilleadh ná 10 MW an cumas a bheith acu chun oibriú le breosla tánaisteach agus cainníochtaí socraithe stoc breosla a shealbhú. Tá breoslaí tánaisteacha ina n-uirlis thábhachtach maidir le maolú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn suaití soláthair ar chustaiméirí leictreachais. Má thiteann suaitheadh ar an soláthar gáis amach, beifear in ann breoslaí tánaisteacha a úsáid ansin chun leanúint le leictreachas a ghiniúint. Ar an tslí sin, ní dhéanfar aon difear ar bith do chustaiméirí leictreachais nó laghdófar aon tionchair a bheidh ag an suaitheadh orthu. Ní leor an stóráil atá ar fáil le haghaidh an bhirt breoslaithe thánaistigh ina haonar chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh fadtéarmach ar an soláthar gáis. Breithníodh stóráil mhéadaithe breosla thánaistigh mar rogha maolaithe san anailís theicniúil agus cinneadh inti go soláthraíonn sí toilleadh breise atá réasúnta ard agus is féidir a imscaradh láithreach i gcomparáid le roinnt de na roghanna eile maolaithe.

I gCleachtadh Dhara i mí Mheán Fómhair 2022, rud inar ionsamhlaíodh comhéigeandáil ola/gáis/leictreachais, deimhníodh a thábhachtaí atá ola mar bhreosla cúltaca maidir le giniúint cumhachta a chothabháil le linn éigeandáil fhada gáis. Chun socrú a dhéanamh don teagmhas sin, tá EirGrid ag comhoibriú leis an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun **plean a ullmhú le haghaidh Cur Chuige Comhaontaithe i leith Breosla a Athsholáthar do Láithreáin Ghiniúna Cumhachta trí chúltaiscí straitéiseacha na Gníomhaireachta a ghiaráil**. Tá dhá ghné i gceist leis an sruth oibre sin:

- Láithreáin tosaíochta le haghaidh Athsholáthair a bheith á sainaithint ag EirGrid, rud a bheidh ag brath go mór ar chineál na héigeandála gáis agus ar cibé dálaí nó srianta a bheidh i bhfeidhm ag an am. Is ábhartha anseo atá cumas na láithreán chun aistriú chuig breosla, atá an fad ar féidir leo oibriú ar a fheadh, agus atá na barainneachtaí gaolmhara ó thaobh na heangaí ina hiomláine de. D'fhéadfadh sé sin freisin béim a leagan ar thosaíochtaí láithreacha le haghaidh infheistíochta ag láithreáin áirithe maidir le pleanáil láidir éigeandála.
- An lóistíocht a bhaineann le cúltaiscí straitéiseacha a bhogadh ó láithreáin na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta chuig na láithreáin shainaitheanta ghiniúna

cumhachta i gcás éigeandála. Beidh cúnamh ón tionscal ola ag teastáil ina leith sin. Mar sin, chuaigh an Roinn i dteagmháil le Breoslaí d'Éirinn, an comhlacht ionadaíoch don tionscal ola, chun a chinntiú gur féidir an toilleadh lóistíochúil is gá a sholáthar agus chun cabhrú le samhaltú a dhéanamh ar scála na ngluaiseachtaí ola a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, ag brath ar an leibhéal cuir isteach gáis.

Maidir le hola a úsáid mar bhreosla tánaisteach san fhadtéarma, **déanfar measúnú chun a bhreithniú cé acu is féidir nó nach féidir feabhsuithe eile a dhéanamh chun treisiú leis an gcumas breoslaithe thánaistigh in Éirinn**, cibé acu trí bhonneagar breise nó trí fheabhsuithe eile ar shocruithe oibríochtúla. Breithneofar sa mheasúnú sin na gnéithe comhshaoil, sábháilteachta, geilleagracha agus teicniúla a bhaineann le breoslaí tánaisteacha a mhéadú le haghaidh giniúint cumhachta agus tabharfar aird ann ar an ról atá ag bithbhreoslaí. Mar chuid den mheasúnú, rachfar i dteagmháil leis an lucht tionscail ar na deiseanna a ghabhann le cumas méadaithe breosla thánaistigh agus ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an gcumas sin.

### **Gníomh 19:** Fadhbanna fadtéarmacha foinsithe a réiteach le haghaidh slándáil ola fheabhsaithe

Bíonn Éire ag brath go mór ar allmhairí chun freastal ar a riachtanais ola toisc nach dtáirgeann sí amhola agus toisc gur glanallmhaireoir táirgí scagtha í. Tá sé amhlaidh, áfach, go bhfuil scaglann ola amháin ag Éirinn. Freastalaíonn an scaglann sin ar thart ar 35% den éileamh bliantúil. Tá an scaglann ola faoi úinéireacht phríobháideach agus tá sí lonnaithe láimh leis an nGeata Bán i gCorcaigh. Tá toilleadh táirgthe 75,000 bairille in aghaidh an lae aici. Sa bhliain 2011, rinne an Rialtas staidéar ar ról na scaglainne i slándáil an tsoláthair ola agus chinn sé go soláthraíonn an scaglann tuilleadh solúbthachta maidir le slándáil an tsoláthair táirgí ola. Luadh sa staidéar freisin, áfach, nach dteastaíonn scaglann intíre le haghaidh soláthar slán seasmhach táirgí peitriliam d'Éirinn.

I bhfianaise an chogaidh san Úcráin agus an toirmisc iarmhartaigh ar allmhairí ola ón Rúis isteach san Aontas Eorpach, tháinig slándáil an tsoláthair ola chun a bheith ina fíorábhar imní do na Ballstáit le linn na bliana 2022, agus bhí an eagla sin le feiceáil sa luaineacht praghsanna. Tá an chuma air go bhfuil coigeartú tagtha ar na sreabha domhanda ola mar thoradh ar iarmhairtí na coimhlinte san Úcráin, agus tá sé sin mar chúis le hionchas soláthair atá níos seasmhaí. Toisc scaglann a bheith i láthair sa Stát, áfach, laghdaítear go pointe éigin an riosca féideartha soláthair i gcás go leanann an choimhlint ar aghaidh nó go ngéaraítear uirthi.

Cé is moite de na tosca geopholaitiúla ar féidir leo tionchar a bheith acu ar phraghsáil ola agus ar sholáthar ola, is léir go bhfuil an tionscal ola ag dul faoi athrú as cuimse toisc go bhfuiltear ag iarraidh ar fud an domhain foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe a chur chun cinn, rud atá le feiceáil i spriocanna aeráide.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá an Roinn ag **coimisiúnú athnuachan ar Staidéar na bliana 2011**, ar lena linn a chuirfear san áireamh na forbairtí leanúnacha maidir leis an tábhacht a bhaineann le slándáil soláthair a choinneáil ar bun agus a admhófar freisin go bhfuil an earnáil ag dul faoi athrú as cuimse, áit a bhfuil béim athnuaite á leagan ar ghníomhaíocht atá ailínithe le baint amach spriocanna aeráide na hÉireann, e.g., bithbhreoslaí. Fiosrófar sa Staidéar sin an scóip atá ag an earnáil chun tiontú ar bhealach ar féidir cabhrú le beartais aeráide. Cé go bhfuil an scaglann faoi úinéireacht phríobháideach, d'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí suntasacha beartais ag aon chinneadh substainteach tráchtála a dhéanfar sa todhchaí, agus tá sé cuí go ndéanfadh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide breithniú cúramach air sin roimh aon chás den sórt sin. Cé gur dhún a lán scaglann beag ar fud an Aontais Eorpaigh le blianta beaga anuas,

thiontaigh scaglanna eile chuig gníomhaíocht níos inbhuanaithe, amhail rannpháirtíocht níos déine i mbithbhreoslaí, nó chruthaigh siad naisc le forbairtí nua amach ón gcósta, nó tháinig na láithreáin ar a raibh scaglanna lonnaithe chun a bheith ina gcríochfoirt allmhairí go bunúsach. Iniúchfar sa Staidéar an t-eispéireas i ndlínsí eile. Is staidéar tráthúil é an Staidéar sin, toisc gur tharla sé i mí an Mheithimh gur fhógair úinéirí Scaglann an Gheata Bháin, atá lonnaithe i gCeanada, go ndéanfadh siad athbhreithniú straitéiseach ar a sócmhainní domhanda.

| Príomhghníomhartha maidir le Córais Athléimneacha | |
|---|---|
| Tionscnaimh Bheartais atá ann cheana | • An Clár um Shlándáil an tSoláthair Leictreachais atá faoi stiúir ag CRU.<br>• Comhoibriú oibríochtúil leis an Aontas Eorpach agus leis an Ríocht Aontaithe.<br>• Pleananna oiriúnaithe do bhonneagar fuinnimh.<br>• An earnáil téimh ceantair agus líonraí téimh ceantair a fhorbairt.<br>• Tionscnaimh Shlándála Náisiúnta.<br>• Straitéis Hidrigine.<br>• Straitéis Bithmheatáin.<br>• Beartas Idirnaisc. |
| Bearta Breise Leictreachais | • Cur chun feidhme an Chláir um Shlándáil an tSoláthair Leictreachais atá faoi stiúir ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais a chríochnú.<br>• Athléimneacht a mhéadú trí chaighdeán iontaofachta atá nuashonraithe, rioscabhunaithe agus fianaisebhunaithe a chur chun feidhme san earnáil leictreachais.<br>• Athchóirithe a chur chun feidhme ar an gCóras Pleanála agus Toilithe agus tuilleadh cinnteachta a thabhairt don earnáil.<br>• Eangach leictreachais atá oiriúnach don fheidhm agus lena dtacaítear le huaillmhianta fuinnimh agus aeráide na hÉireann a chinntiú.<br>• Dlús a chur le solúbthacht a sholáthar sa chóras cumhachta.<br>• Idirnaisc bhreise Leictreachais a chur i gcrích agus a chomhtháthú go rathúil. |
| Bearta Breise Gáis | • Staidéir a thabhairt chun críche chun bonn eolais a chur faoi réitigh stórála fadtéarmaí gáis a fhorbairt ar féidir leo gás in-athnuaite, agus hidrigin go háirithe, a stóráil.<br>• 'Píblíne gháis na hInse' atá ar talamh a dhaingniú le haghaidh mórúsáidí straitéiseacha.<br>• Maolú Sealadach Stát-treoraithe Shlándáil an tSoláthair Gáis a chur chun feidhme<br>• Cúltaca Straitéiseach Éigeandála Gáis a chruthú chun Éire a chosaint i gcás cur isteach ar an soláthar gáis de réir mar a dhéanann Éire aistriú slán chuig fuinneamh in-athnuaite den chuid is mó |
| Bearta Breise Ola | • Measúnú a dhéanamh ar fhadhbanna fadtéarmacha foinsithe maidir le slándáil ola.<br>• An slabhra soláthair breoslaí tánaisteacha a neartú le haghaidh giniúint ghásadhainte cumhachta. |

# Rialachas Láidir Riosca

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Mar atá tuairiscithe i Rannán 1, is ollmhór atá na dúshláin agus na rioscaí 'is eol' atá ann de réir mar a aistríonn Éire chuig córas fuinnimh in-athnuaite. Ina theannta sin, tá bagairt leanúnach ann go dtiocfaidh dúshláin 'nach eol' chun cinn sa todhchaí. Tá an fheasacht agus an bhainistíocht riosca is fearr is féidir ag teastáil ina leith sin.

Níl aon dóigh fhoirfe ann chun a réamh-mheas cad a tharlóidh sa todhchaí. Mar sin féin, is féidir le dea-shonraí agus fadbhreathnaitheacht, pleanáil cásanna agus iniúchadh ar ár dtoimhdí príomhról a imirt nuair atá creat láidir cuntasachta taobh thiar díobh. Faoi mar a fheicimid ar bhonn tráthrialta ar fud earnálacha difriúla den gheilleagar, is féidir leis an meascán ceart beart bonnsraith a leagan le haghaidh luathrabhaidh, le haghaidh maolú rioscaí agus le haghaidh gníomhaíochta. Tá a mhalairt ar fad fíor freisin.

Tugtar le tuiscint san anailís lena mbuntacaítear leis an tuarascáil seo gurb í samhail láidir rialachais fuinnimh atá dírithe ar sholáthar agus ar chur chun feidhme an ghné is tábhachtaí den aistriú rathúil chun ár n-uasteorainneacha astaíochtaí earnála a chomhlíonadh. Tá sé mar aidhm leis na réimsí gnímh atá sainaitheanta sa rannán seo an creat atá ann cheana a bhreisiú agus a neartú. Is réimse é sin a choinneofar faoi athbhreithniú tráthrialta de réir mar a bhainistímid aistriú slán fuinnimh.

Leagtar díriú ar leith ar an Earnáil Leictreachais sa rannán seo. Tá sé ríthábhachtach go bhfoghlaimeodh Éire ceachtanna ón mbearna toillte le déanaí agus ó na maoluithe a bhí ag teastáil chun an bhearna sin a dhúnadh agus go gcuirfeadh sí na ceachtanna sin i bhfeidhm. Léirítear in Athbhreithniú McCarthy an dóigh ar féidir le hÉirinn gníomhú chun freagairt d'eachtraí a thit amach le déanaí, agus tá roinnt de na gníomhartha sa rannán seo den tuarascáil bunaithe ar chonclúidí an Athbhreithniúcháin sin.

## Cé na nithe atá á ndéanamh againn cheana féin?

Tá creat láidir rialachais i bhfeidhm san earnáil fuinnimh in Éirinn cheana féin. Tá sé bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Rialáil neamhspleách.
- Iomaíocht oscailte agus cineálacha cur chuige atá faoi stiúir ag an margadh.
- Faireachán ar an margadh agus trédhearcacht margaidh.
- Taighde, fianaise agus sásraí comhairliúcháin phoiblí.
- Comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Ullmhacht bhunaithe éigeandála, prótacail bhunaithe éigeandála agus nósanna imeachta bunaithe éigeandála.
- Próisis bhainistíochta riosca cibearshlándála a bhfuil cumhachtaí reachtúla acu, mar aon le measúnú riosca agus soláthar faisnéise faoi bhagairtí ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.
- Ceadú ón Aire agus ón Rialtas le haghaidh beartais agus le haghaidh soláthar a fhormhaoirsiú.
- Díospóireacht pharlaiminte agus iniúchadh parlaiminte.

Rinne dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas ó thaobh rialachas riosca a bhreisiú de. Seolann Éire **cleachtaí éigeandála** agus cleachtaí ullmhachta ar bhonn tráthrialta agus tá pleananna éigeandála dea-thástáilte i bhfeidhm aici i gcás éigeandálaí leictreachais, gáis agus ola, agus leagtar bearta amach sa phacáiste seo chun tógáil orthu sin. Déanann na hOibritheoirí Córais Tarchurtha leictreachais agus gáis cleachtaí **bliantúla réamhaisnéisithe** ina leagann siad measúnuithe soláthair agus éilimh amach le haghaidh na ndeich mbliana atá le teacht. Is beart tábhachtach é sin maidir le rioscaí sna hearnálacha a réamh-mheas agus maidir le toilleadh a sholáthar sa todhchaí.

Is é an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála an t-údarás inniúil **a dhéanann formhaoirseacht ar chibearshlándáil san earnáil fuinnimh. Is é atá sa Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019-2024**, a foilsíodh sa bhliain 2019, ná straitéis uile-Rialtais cúig bliana a bhfuil mar aidhm léi feabhas a chur ar a shláine agus a athléimní atá córais rialtais agus an bonneagar criticiúil náisiúnta[29]. Faoin straitéis, rinneadh Measúnú Riosca Náisiúnta Cibearshlándála chun sainaithint a dhéanamh ar rioscaí sistéamacha don bhonneagar criticiúil náisiúnta agus do sheirbhísí criticiúla náisiúnta, lena n-áirítear an earnáil fuinnimh.

Rinneadh trí mholadh don Rialtas sa Mheasúnú Riosca Cibearshlándála: clár lárnach soláthraithe seirbhísí bunriachtanacha a bhunú, forálacha reachtacha a neartú chun a chinntiú go gcuirtear bearta maolaithe cibir-riosca chun feidhme, agus creat a fhorbairt chun rioscaí straitéiseacha spleáchais shlabhra an tsoláthair a bhainistiú le haghaidh seirbhísí criticiúla agus íogaire. Cuirfear na moltaí sin chun feidhme tríd an **Athbhreithniú Lár Téarma ar an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála**, rud a foilsíodh i mí an Mheithimh 2023[30].

Chomh maith leis sin, chuir an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála **Plean Náisiúnta Éigeandála Cibearshlándála** i bhfeidhm chun a chinntiú go dtugann an Stát freagairt chomhordaithe éifeachtach d'éigeandáil náisiúnta cibearshlándála agus go dtuigeann príomh-gheallsealbhóirí a gcuid ról agus freagrachtaí le linn éigeandáil náisiúnta cibearshlándála. D'eagraigh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála cleachtadh an 23 Samhain 2022 chun an Plean Náisiúnta Éigeandála Cibearshlándála a thástáil. Sa chleachtadh sin, ionsamhlaíodh cibirionsaí ar an earnáil fuinnimh. Ghlac ionadaithe ó réimsí ar fud an rialtais, ó ghníomhaireachtaí Stáit agus ón tionscal fuinnimh páirt ann[31].

Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ba le **Treoir (AE) 2016/2248 maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise** a cruthaíodh creat rialála le haghaidh bainistíocht riosca cibearshlándála i mbonneagar criticiúil, lena n-áirítear fuinneamh, agus i ndáil le leictreachas, gás agus ola a sholáthar agus a tharchur go sonrach. Gníomhaíonn an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála mar Údarás Inniúil Náisiúnta le haghaidh na Treorach agus déanann a Fhoireann um Chomhlíonadh na Treorach dlúth-theagmháil le hOibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha ainmnithe sna hearnálacha fuinnimh, lena n-áirítear measúnuithe slándála a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus chun gníomhartha leasúcháin a shainaithint. Méadófar an creat rialála Eorpach go mór le **Treoir athbhreithnithe (AE) 2022/2555 maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS 2)** agus le **Treoir (AE) 2022/2557 maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (CER)**, rud lena dtugtar aghaidh ar bhainistíocht riosca cibearshlándála agus slándála fisiciúla i mbonneagar criticiúil.

Tá bearta reachtacha nua á bhforbairt ag an Aontas Eorpach chun tacú le hoibritheoirí bonneagair

[29] gov.ie – An Straitéis Cibearshlándála Náisiúnta (www.gov.ie)

[30] gov.ie – Athbhreithniú Lár Téarma

[31] Déanann an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála cleachtadh rathúil éigeandála inar ionsamhlaíodh cibirionsaí ar an earnáil fuinnimh

chriticiúil san earnáil fuinnimh cibearbhagairtí ar a gcórais a mhaolú, rud lena ndéanfar difear do chórais fuinnimh. Tá forbairt á déanamh ar chreat deimhniúcháin cibearshlándála Aontais Eorpaigh agus cabhróidh sé sin le táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a sholáthar. Ina theannta sin, is é atá sa togra le haghaidh **Gníomh um an gCibear-Athléimneacht** ná céim shuntasach i dtreo cothromaíocht na rioscaí cibearshlándála i dtáirgí TFC a aistriú ón úsáideoir deiridh chuig an soláthraí, agus ceangal á chur orthu tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear leochaileachtaí dúshaothraithe a nochtadh agus a phaisteáil. Chomh maith leis sin, áirítear leis **an nGníomh um an gCibear-Dhlúthpháirtíocht** atá beartaithe struchtúir nua chun feabhas a chur ar athléimneacht na seirbhísí ríthábhachtacha i leith cibearbhagairtí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an Sásra Cibir-Éigeandála agus Cúltaisce Cibearshlándála an Aontais Eorpaigh.

Maidir le saincheisteanna sa bheartas fuinnimh a réamh-mheas agus le freagairt dóibh, **leathnaigh an Roinn a feidhm fuinnimh go mór tar éis athbhreithniú seachtrach a dhéanamh**. Áiríodh leis an leathnú sin ról mar Rúnaí Cúnta atá dírithe ar Shlándáil Fuinnimh a chruthú den chéad uair riamh. Tá méadú tagtha ar an soláthar foirne ar gach leibhéal agus i réimsí éagsúla saineolais san eagraíocht, rud atá le feiceáil i ngníomhaireachtaí fuinnimh agus i gcomhlachtaí fuinnimh freisin. Tá sé mar aidhm leis na gníomhartha sa rannán seo cur leis na forbairtí sin.

San earnáil leictreachais, d'fhoilsigh an Coiste Margaidh Leictreachais Aonair athbhreithniú ar an Margadh um Íocaíocht Toillte[32] le haghaidh leictreachais sa bhliain 2022 agus tá sé i mbun gníomhartha a chur chun feidhme chun an chuid thábhachtach sin den chóras fuinnimh a fheabhsú agus a neartú. Léirítear i ráta agus leithead na gcinntí a rinne an Coiste Margaidh Leictreachais Aonair sna blianta 2022 agus 2023 an tiomantas do phróisis mhargaidh a fheabhsú ar bhonn leanúnach in Éirinn. Mar shampla, tá an Coiste Margaidh Leictreachais Aonair i mbun painéal saineolaithe teicniúla a bhunú chun trédhearcacht a mhéadú agus chun comhairle neamhspleách a thabhairt don Choiste Margaidh Leictreachais Aonair maidir lena phróiseas socraithe toirte le haghaidh ceantanna.

[32] https://www.semcommittee.com/news-centre/call-comments-ey-review-performance-sem-capacity-remuneration-mechanism

Le linn an earnáil leictreachais a bhreithniú, sainaithnítear in Athbhreithniú McCarthy claonadh soirbheachais sa bheartas fuinnimh go ginearálta, rud ba chúis le gannmheas sistéamach riosca. Tugtar le fios sna conclúidí go bhfuil gá ann le dul i mbun gnímh i roinnt réimsí a bhaineann le rialachas:

- An creat beartais agus cuntasachta a neartú.
- Acmhainn agus cumas i bpríomhréimsí a leathnú chun soláthar beartas agus tionscadal a chumasú.
- Na príomhthoimhdí atá mar bhonn agus thaca ag pleanáil na hearnála leictreachais a athrú chun dáta.

Sa rannán seo, freagraítear don anailís sin agus don anailís níos leithne ar an Athbhreithniú ar Shlándáil Fuinnimh agus ar fhreagraí comhairliúcháin chun a chinntiú go ndéanfar dianiarracht foghlaim ón eispéireas le déanaí san earnáil leictreachais agus leas a bhaint as an bhfoghlaim sin inár gcur chuige i leith aistriú go slán chuig córas cumhachta atá comhdhéanta d'fhuinneamh in-athnuaite den chuid is mó. Ina theannta sin, léirítear san anailís atá mar bhonn agus thaca ag an bpacáiste slándála fuinnimh seo gurb infheidhme maidir leis an earnáil fuinnimh ina hiomláine atá an-chuid d'fhionnachtana McCarthy i ndáil le rialachas riosca san earnáil leictreachais.

Maidir le bearta le haghaidh rioscaí don bhonneagar fuinnimh i bhfearainn eile a mhaolú, lena n-áirítear bonneagar fomhuirí, tá siad á ndéanamh trí phróisis eile, lena n-áirítear an obair atá ar bun ag an Roinn Cosanta chun an tuarascáil ón **gCoimisiún ar Óglaigh na hÉireann** a chur chun feidhme. Chuaigh an Stát isteach sa Lárionad Hibrideach Sármhaitheasa, atá lonnaithe i Heilsincí, le déanaí agus tá sé ag obair leis an lárionad sin chun a chinntiú go dtiocfaidh forbairt de réir mar is cuí ar bhearta náisiúnta chun déileáil le saincheisteanna de chineál hibrideach.

## Cé na nithe a mholtar sa Phacáiste?

Agus é fréamhaithe ina bhfuil ag éirí leis cheana féin, tá sé mar aidhm leis an bPacáiste seo:

- Na sásraí freagartha atá i bhfeidhm faoi láthair a bhreisiú chun aghaidh a thabhairt ar chur isteach ar an soláthar fuinnimh, agus cuntasacht córais á neartú agus cainéil faisnéise á bhfeabhsú.
- Bearta sonracha lena gcuirtear foghlaim ón earnáil leictreachais i bhfeidhm a chur ar aghaidh chun creat agus cur chuige rialachais an bheartais fuinnimh a neartú.

**Gníomh 20:** Leathnú a dhéanamh ar an saineolas fuinnimh agus ar an gcumas fuinnimh atá ar fáil don Rialtas agus ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar bhonn idirnáisiúnta

Ón mbliain 2017 i leith, tá an Rialtas ag uas-scálú a uaillmhianta fuinnimh agus aeráide go mór trí uasteorainneacha atá ina gceangal dlí a shocrú le haghaidh astaíochtaí sa bhliain 2022 agus tríd an leathnú beartaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú go mór. Mar thoradh air sin, tá leathnú suntasach tagtha ar fheidhmeanna na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.
Leagtar béim in Athbhreithniú McCarthy ar an dúshlán sin, á lua arís cé chomh tábhachtach is atá sé go leanfadh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide dá cumas a leathnú chun scála méadaitheach na castachta beartais san earnáil fuinnimh a mheaitseáil.

Ón mbliain 2021 agus críochnú athbhreithniú Mazars ar struchtúr eagraíochtúil na rannán Fuinnimh i leith, tá an Roinn ag uas-scálú go tapa chun freastal ar na héilimh a ghabhann lena punann shuntasach oibre. Ar aon dul leis na moltaí ón athbhreithniú sin agus i bhfianaise na tosaíochta agus na práinne a ghabhann le riachtanais náisiúnta fuinnimh, mhéadaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an líon Réimsí Fuinnimh atá aici ó cheann amháin go

trí cinn, agus gach réimse aonair a bheith faoi stiúir ag Rúnaí Cúnta. Tháinig méadú ar an líon Príomhoifigeach fuinnimh ó ochtar go ceithre dhuine dhéag agus tháinig méadú ar an líon Príomhoifigeach Cúnta ó thrí dhuine is fiche go ceithre dhuine is tríocha. Ar an iomlán, is amhlaidh sa réimse Fuinnimh a mhéadaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a líon foirne ó 62 bhall foirne ag deireadh na bliana 2021 go 131 bhall foirne faoi dheireadh mhí Iúil 2023. Is méadú 111% é sin.

Tá argóint ann fós, áfach, i bhfabhar a cumas teicniúil a bheith á fhorbairt tuilleadh ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide go hinmheánach agus trí acmhainní comhairleacha seachtracha araon. De bhreis ar leathnú an réimse Fuinnimh, tá Rannán nua agus post nua mar **Phríomhchomhairleoir Teicniúil san Fhuinneamh** á gcruthú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun a chinntiú go soláthrófar comhairle theicniúil fuinnimh. **Mar an gcéanna, sheol an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sainscéim céimithe iontrála** i mbliana, rud a bhfuarthas líon suntasach iarratas air. Déanfar breithniú ar conas ba cheart cur le rath an tionscnaimh sin. Sa bhliain 2023, déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide infheistíocht shuntasach i láithreacht shinsearach sa Bhruiséil trí **shocrúchán nua Comhairleora (Príomhoifigeach) chuig an mBruiséil** a chruthú agus leanfaidh sí d'fhéachaint ar na roghanna atá ann chun rannpháirtíocht i ngníomhaireachtaí Eorpacha ábhartha, in eagraíochtaí Eorpacha ábhartha agus i dtionscadail Eorpacha ábhartha a mhéadú agus chun naisc a neartú leis an Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, tá **comhpháirtíochtaí seachtracha** leanúnacha ar bun ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun tacú lena cuid oibre. Áirítear leo sin an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), SEAI agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

San fhianaise atá mar bhonn agus thaca ag an bPacáiste Slándála Fuinnimh, tugtar le fios gur gá na feidhmeanna anailíseacha sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a leathnú go suntasach. Forbairt tosaíochta is ea **samhaltú an chórais fuinnimh a leathnú**. Is féidir le feidhm anailíseach níos láidre feabhas a chur ar fhadbhreathnaitheacht beartais, agus an bonn fianaise faoi chinnteoireacht beartais á neartú ag an am céanna freisin. Tá tábhacht ar leith leis sin i gcomhthéacs na castachta méadaithí a bhaineann le haistriú slán a dhéanamh i dtreo fuinneamh in-athnuaite. Tacaítear go díreach in anailís McCarthy leis an ngníomh sin.

### **Gníomh 21:** Athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar raon feidhme, feidhmeanna agus acmhainniú na n-eagraíochtaí soláthair a bhfuil an t-aistriú fuinnimh á bhrú chun cinn acu

Is féidir an fás sin faoi fheidhmeanna roinne a fheiceáil freisin i leathnú na n-eagraíochtaí soláthair a oibríonn i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis an bhfuinneamh. Áirítear leo sin SEAI, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Bord Pleanála, an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), agus EirGrid. Leagtar béim in Athbhreithniú McCarthy freisin ar an tábhacht a bhaineann leis sin, agus leanann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide d'obair i gcomhar lena príomhghníomhaireachtaí chun a chinntiú go mbíonn go leor acmhainní acu. Mar shampla, is amhlaidh sa bhliain 2022 a cheadaigh sí 74 phost nua sa rialálaí i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Is ionann é sin agus méadú 61%. Chomh maith leis sin, beidh ar EirGrid a acmhainniú a choinneáil faoi athbhreithniú sna blianta beaga romhainn i gcomhthéacs an aistrithe shuntasaigh fuinnimh agus chun a phríomh-shainchúram a chomhlíonadh, agus leanfaidh an Roinn le faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn. Ghabh SEAI athbhreithniú eagraíochtúil de láimh le déanaí agus rinne sé athstruchtúrú chun ailíniú le tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Ar an dóigh chéanna, d'athbhreithnigh an Roinn agus SEAI na hacmhainní agus na struchtúir a theastaíonn chun tacú le haistriú slán agus beidh sé tábhachtach go ndéanfadh gníomhaireachtaí fuinnimh agus comhlachtaí fuinnimh athbhreithniú agus grinnscrúdú ar na gnéithe sin dá

n-eagraíocht. Ar aon dul leis na conclúidí ó Thuarascáil McCarthy go n-athbhreithneofaí ailtireacht an chórais leictreachais, brúfaidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide **athbhreithnithe seachtracha faoi theorainn ama** ar raon feidhme agus feidhmeanna CRU agus ar EirGrid chun cinn sna blianta 2023 agus 2024 faoi seach. Le linn an phróisis um **athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme agus struchtúr** CRU, an Rialálaí Fuinnimh, cuirfear san áireamh an obair fhairsing, agus Athbhreithniú Deartha Eagraíochtúil ó shainchomhairleoirí seachtracha, a ndearna CRU é le linn shamhradh na bliana 2023 mar fhreagairt d'iarraidh ón Aire agus ó oifigigh na Roinne go ndéanfaí athbhreithniú agus atheagrú ar a dhearadh eagraíochtúil agus ar a acmhainní. Ba mar thoradh air sin a rinneadh iarraidh ar chead le haghaidh baill foirne bhreise a earcú agus a rinneadh breithniú ar na struchtúir cheannaireachta. Cuirfear an t-athbhreithniú i gcrích i gcomhpháirt leis an rialálaí, bunaithe ar thiomantas láidir na foirne ceannaireachta do theacht ar chonclúidí faoi thorthaí an athbhreithnithe agus do na torthaí sin a chur chun feidhme. Tá sé beartaithe ag CRU an próiseas sin a úsáid chun struchtúir chinnteoireachta an Choimisiúin a athdhearadh chun ullmhú do na riachtanais eagraíochtúla atá i gceist le haistriú slán a stiúradh san earnáil fuinnimh. De bhreis air sin, agus chun tacú leis an bpróiseas sin, leanfaidh an Roinn d'obair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe chun a chinntiú go mbeidh an tsolúbthacht ag an rialálaí chun acmhainní a scálú go tapa de réir mar is gá. I gcomhthráth leis sin, críochnóidh an Roinn scrúdú **ar an reachtaíocht um rialáil leictreachais, lena n-áirítear cumhachtaí Aireachta**, chun a chinntiú go bhfuil sí sin soiléir go leor chun tacú le haistriú slán chuig fuinneamh in-athnuaite a sholáthar ar bhealach luathaithe.

Seachas an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus a gníomhaireachtaí, is léir go mbeidh sé riachtanach an líon daoine atá fostaithe san fhórsa oibre fuinnimh a mhéadú go mór chun an t-aistriú fuinnimh a dhéanamh agus go mbeidh scileanna comhréireacha ag teastáil ina leith. I mí na Samhna 2021, réamh-mheasadh sa Tuarascáil ón Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí[33] gurbh amhlaidh, chun spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a chomhlíonadh, ba ghá an fhostaíocht i nginiúint fuinnimh gaoithe agus gréine a mhéadú go mear go 8,000 fostaí (ó bhonnlíne 3,000 fostaí) laistigh de roinnt blianta chun go mbeadh sé cothrom le 9,000 fostaí faoin mbliain 2030. Réamh-mheasadh inti freisin gur ghá cur go tapa leis an bhfórsa saothair atá gafa le hiarfheistiú cónaithe agus le suiteáil teaschaidéal agus é a mhéadú faoina cheithre oiread (ó thart ar 4,000 fostaí) chun go mbeadh 17,000 fostaí aige faoi lár na deacáide. Sa Tuarascáil sin, rinneadh 30 moladh chun a chinntiú gur féidir linn tosaíochtaí a chomhlíonadh i ndáil le fuinneamh in-athnuaite, leis an timpeallacht thógtha agus le héifeachtúlacht fuinnimh, i measc nithe eile, idir seo agus an bhliain 2030.

### **Gníomh 22:** An creat réamhaisnéisithe don earnáil leictreachais agus don earnáil gáis a chomhtháthú

Is é an toradh atá ar an dul i bhfód méadaitheach ar fhoinsí athraitheacha fuinnimh in-athnuaite ná go bhfuil freagairt ón gcóras fuinnimh ina iomláine ag teastáil. Tríd an anailís atá mar bhonn agus thaca ag an tuarascáil seo, is léir gur gá ár gcórais fuinnimh a bheith níos comhtháite, gur gá ár mbonneagar fuinnimh a bheith níos nasctha agus níos solúbtha, agus gur gá ár bpleanáil córais fuinnimh a bheith bunaithe ar chur chuige níos iomlánaíche agus níos cuimsithí.

Gach bliain, ceanglaítear ar EirGrid agus Líonraí Gáis Éireann measúnuithe ar sholáthar agus éileamh leictreachais agus gáis a ullmhú ar feadh tréimhse deich mbliana. Ullmhaítear na measúnuithe sin ar leithligh óna chéile faoi láthair, áit a dtáirgeann EirGrid Ráiteas Toillte Giniúna (atá le haistriú chuig creat Eorpach an Mheasúnaithe Náisiúnta ar Leordhóthanacht Acmhainní ar ball) agus a n-ullmhaíonn Líonraí Gáis Éireann Plean Forbartha Líonra. Tá na

[33] http://www.egfsn.ie/all-publications/2021/5119-dete-egfsn-skills-for-zero-carbon-web_.pdf

hanailísí sin ríthábhachtach maidir le hionchais a shocrú do dhéantóirí beartais, do ghineadóirí ionchasacha agus gineadóirí atá ann cheana, agus d'earnálacha/tionscail atá ag lorg toilleadh breise. Tá idirspleáchais shuntasacha ann idir na líonraí gáis agus leictreachais, áfach. Éireoidh na hidirspleáchais sin níos tábhachtaí de réir mar a mhéadaíonn leibhéal na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus na ngás in-athnuaite sa chóras fuinnimh.

Chun an próiseas bliantúil réamhaisnéisithe a neartú, is amhlaidh, de bhreis ar réamhaisnéisí earnála, is gá na réamhaisnéisí ó na hoibritheoirí líonra tarchurtha agus dáileacháin le haghaidh gáis agus leictreachais a bheith bunaithe freisin ar chomhchreat cásanna lena léirítear comhtháthú idir na hearnálacha fuinnimh go cuí. Tá sé sin ar aon dul freisin leis an dréacht-Treoir ón Aontas Eorpach atá le teacht maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin34. De bhreis air sin, leagtar amach sa dréacht-Treoir na cásanna comhpháirteacha ba cheart a bheith ailínithe leis an mbeartas náisiúnta fuinnimh agus aeráide.

Gné eile lena neartófaí an creat réamhaisnéisithe bhliantúil is ea an rún chun sainghrúpa teicniúil neamhspleách agus oibiachtúil a thabhairt isteach chun tuilleadh formhaoirseachta a sholáthar ar aon dul le Rialachán (AE) 2022/869. Is ann do shamplaí den chineál sin formhaoirseachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Ríocht Aontaithe araon, rud a léiríonn chomh héifeachtach is atá sé. Sa Ríocht Aontaithe, tá grúpa comhairleach neamhspleách ann atá ceaptha ag an rialtas chun comhairle a thabhairt maidir le gnéithe teicniúla d'Athchóiriú an Mhargaidh Leictreachais. Tá díriú ar leith ag an bPainéal Saineolaithe sin ar iniúchadh a dhéanamh ar an anailís sa Tuarascáil ar Thoilleadh Leictreachais, ar tuarascáil bhliantúil ón Eangach Náisiúnta í ina dtugtar moladh maidir leis an sprioctoilleadh le haghaidh ceantanna margaidh toillte. Foilsíonn sé tuarascáil ar bhonn bliantúil ina dtugtar na fionnachtana agus na moltaí uaidh.

[34] (COM(2021) 803) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin resource.html (europa.eu)

## **Gníomh 23:** Comhaontuithe Idirnáisiúnta Fuinnimh a leathnú chun tacú le slándáil fuinnimh

Is ón Ríocht Aontaithe a fhaigheann Éire an chuid is mó dá gás nádúrtha, agus tiocfaidh méadú ar an spleáchas sin de réir mar a mheathann gáscheantar na Coiribe. Tá dlúthchomhar ar bun leis an Ríocht Aontaithe ar leibhéal na Roinne, ar leibhéal an Rialálaí agus ar leibhéal an Oibritheora Córais Tarchurtha maidir le pleanáil agus tástáil éigeandála gáis. Leanann Éire le hobair i ndlúthchomhar leis an Ríocht Aontaithe ar nithe fuinnimh, agus tá athrú tagtha ar an modh oibre de bharr imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

Tá Prótacal Comhpháirteach le haghaidh Scoitheadh Lóid ag Pointe Idirnaisc Moffat i gcás éigeandálaí sa soláthar gáis i bhfeidhm ag Líonraí Gáis Éireann agus National Gas, a oibríonn an córas tarchurtha gáis sa Bhreatain Mhór. Leagtar amach sa phrótacal sin go dtarlóidh sé, i gcás ganntanas sa soláthar gáis nádúrtha sa Ríocht Aontaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthairtí in Éirinn, gurb é prionsabal na comhréireachta an prionsabal sáraitheach a chuirfear i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm leis sin a chinntiú go dtarlóidh sé, i gcás cur isteach ar sholáthairtí gáis, go gcuirfear aon laghduithe i bhfeidhm ar bhonn comhréireach ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

Chomhaontaigh Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann **Meabhrán Tuisceana agus tosóidh siad ar an Meabhrán sin a chur chun feidhme chun treisiú leis na socruithe atá ann cheana chun plé le suaitheadh ar an soláthar gáis**. Mionsonraítear sa Mheabhrán Tuisceana conas a chomhoibreoidh an dá Stát ar shlándáil an tsoláthair gáis agus tacaítear ann leis an bprionsabal arb é atá ann soláthairtí gáis nádúrtha d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann a bheith á laghdú go cothromasach i dteannta na gceithre chuideachta Líonra Dáileacháin sa Bhreatain Mhór.

Chomh maith leis sin, leanfaidh an Roinn d'obair i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na socruithe le haghaidh slándáil fuinnimh faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an Coimisiún Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

Tá Fóram Slándála agus Soláthair Gáis de chuid na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ann a thagann le chéile gach sé mhí. Is é cuspóir an ghrúpa seo ná pleanáil éigeandála agus slándáil an tsoláthair a phlé. Is iad na Ranna Rialtais ó Éirinn, ó Thuaisceart Éireann agus ón mBreatain Mhór a eagraíonn na cruinnithe, agus freastalaíonn na rialálaithe agus na hoibritheoirí líonra ó na dlínsí difriúla orthu. Roimhe sin, dhírigh an grúpa ar ghás ach leathnófar é anois chun **leictreachas a chur ar áireamh i bhFóram Slándála agus Soláthair Gáis na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann** chun cur chuige níos iomlánaíche a éascú i leith shlándáil an tsoláthair.

## **Gníomh 24:** Leanúint d'athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar chleachtaí éigeandála fuinnimh agus ar an ullmhacht d'éigeandálaí fuinnimh

Seolann Éire cleachtaí éigeandála agus cleachtaí ullmhachta ar bhonn tráthrialta agus tá pleananna éigeandála dea-thástáilte i bhfeidhm aici i gcás éigeandálaí leictreachais, gáis agus ola, ar pleananna iad is féidir a ghníomhachtú más gá. Táthar ag déanamh cleachtaí oiliúna éigeandála le roinnt mhaith blianta anuas mar chuid de phleanáil teagmhais a dhéantar ar bhonn tráthrialta agus ar bhonn gnáthaimh, agus cásanna hipitéiseacha á mbreithniú le linn na gcleachtaí sin. Tá struchtúir bhunaithe an Chreata um Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála i bhfeidhm freisin agus tástáladh iad ar bhonn tráthrialta trí mhórchleachtaí éigeandála chun freagairt éifeachtach 'uile-Rialtais' a chinntiú. Tá prótacail de chuid na Ríochta Aontaithe agus de chuid na hÉireann i bhfeidhm freisin.

Is é Líonraí Gáis Éireann an príomhchomhlacht maidir le cleachtaí a bhaineann le gás agus is é EirGrid an príomhchomhlacht maidir le cleachtaí a bhaineann le leictreachas. Déanann CRU formhaoirseacht ar na pleananna uileghabhálacha éigeandála, agus oibríonn sé i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá nósanna imeachta láidre i bhfeidhm ag Líonraí Gáis Éireann agus ag EirGrid, ag obair dó i gcomhar le Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais, maidir le soláthairtí gáis agus leictreachais a chothabháil, agus glacann siad páirt ar bhonn tráthrialta i gcleachtaí ionsamhlúcháin chun cásanna féideartha éagsúla a thástáil. Is ríthábhachtach atá an ról a chomhlíonann na comhlachtaí sin maidir le freagairt chomhordaithe do mhórtheagmhais a chinntiú sna cásanna annamha ina dtagann siad chun cinn. Tá nósanna imeachta na hÉireann le haghaidh freagairt d'éigeandáil ola leagtha amach sa Phlean Freagartha Éigeandála Ola, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé go n-oibreodh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta agus go gcoimeádfadh sí dlúth-theagmhálacha ar bun leis an tionscal ola ag luathchéim d'aon saincheisteanna a thagann chun cinn sa tír seo. Áirítear leis na heachtraí a d'fhéadfadh gníomhachtú na mbeart atá sa Phlean Freagartha Éigeandála Ola a spreagadh ganntanas suntasach táirgí atá ag teacht chun cinn i margaí Eorpacha nó domhanda agus drochaimsir fhaidréiseach atá ag cur cosc ar thancaeir dul i mbeart ag críochfoirt.

Athraíodh chun dáta sa bhliain 2023 an **Plean Riosca-Ullmhachta**[35] ó Éirinn le haghaidh géarchéimeanna leictreachais agus tugtar breac-chuntas ann ar chásanna éagsúla riosca agus ar na pleananna atá i bhfeidhm chun ullmhú d'eachtraí a bhféadfadh caillteanas an tsoláthair leictreachais do chustaiméirí a bheith ann mar thoradh orthu agus chun na heachtraí sin a chosc agus a bhainistiú. D'ullmhaigh CRU an plean sin i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach. Tá **Plean Éigeandála Náisiúnta um Sholáthar Gáis 2023-2027** i bhfeidhm ag Éirinn freisin.

### **Gníomh 25:** Athrú chun dáta a dhéanamh ar an gcur chuige i leith Rannpháirtíocht an Tionscail agus na nGeallsealbhóirí i mbreithniúchán beartais

Bunchloch an bheartais fuinnimh in Éirinn is ea margadh oscailte iomaíoch fuinnimh a mheallann iontrálaithe nua agus a chothaíonn raon éagsúil táirgeoirí agus soláthraithe fuinnimh. Buaileann foirne beartais na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide leis an lucht tionscail agus le geallsealbhóirí go tráthrialta maidir le nithe fuinnimh. Is gnách go ndéantar amhlaidh ar bhonn déthaobhach. Mar chuid den aistriú fuinnimh, agus ar mhaithe le timpeallacht rathúil margaidh a chothú, tá sé tábhachtach go leanfaimis de phlé oscailte dhá threo le geallsealbhóirí ar fud tionscail éagsúla agus leasanna éagsúla, de bhreis ar leanúint den phlé déthaobhach atá ar bun cheana. **Bunóidh an Roinn idirphlé beartais níos tráthrialta ar shaincheisteanna straitéiseacha fuinnimh leis an lucht tionscail agus le geallsealbhóirí** chun cumarsáid níos cuimsithí dhá threo a chumasú. Is féidir leis an gcaidreamh sin cur ar chumas na Roinne rioscaí agus deiseanna féideartha sa mhargadh a shainaithint freisin.

### **Gníomh 26:** Formhaoirseacht ar an earnáil fuinnimh agus rialachas na hearnála fuinnimh a fheabhsú

Cuid thábhachtach d'aistriú slán a bhainistiú is ea forbairt a dhéanamh ar chumas réamhaisnéisithe na hearnála fuinnimh in Éirinn chun rioscaí a shainaithint agus chun freagairt dóibh. Rannchuideoidh Gníomhartha 20, 21, 22, 23, 24 agus 25 uile leis an gcuspóir sin agus neartóidh siad an saineolas agus an anailís atá ar fáil don Rialtas ar na saincheisteanna sin.

[35] "Géarchéimeanna Leictreachais: Plean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn". An Coimisiún um Rialáil Fóntais, Bealtaine 2023 https://cruie-live-96ca64acab2247eca8a850a7e54b-5b34f62.divio-media.com/documents/CRU_202346_Risk_Preparedness_Plan_May_2023.PDF

Agus aitheantas á thabhairt aici dá thábhachtaí atá CRU, rialálaí fuinnimh, mar cheannaire san aistriú fuinnimh agus dá thábhachtaí atá a ról maidir le príomheagraíochtaí eile san earnáil, bainfidh an Roinn leas as an gcomhaontú formhaoirseachta agus na socruithe formhaoirseachta atá i bhfeidhm le CRU chun forbairt agus feabhsú a dhéanamh ar na cainéil neamhfhoirmiúla agus fhoirmiúla atá ar fáil don Roinn chun dul i mbun caidrimh ar shaincheisteanna leasa beartais agus rialála, agus neamhspleáchas fheidhmeanna áirithe CRU á choinneáil ar bun ag an am céanna. Agus **na socruithe atá i bhfeidhm á bhforbairt aici**, déanfaidh an Roinn:

- Scrúdú a dhéanamh ar an tairbhe a bhaineann le húsáid a bhaint as na forálacha d'Ordachán ón Aire atá leagtha amach sa reachtaíocht chun tuilleadh soiléire beartais a chumasú trí thosaíochtaí beartais a leagan amach go tráthrialta; agus
- Teagmháil thráthrialta uile-rialtais a éascú ar nithe beartais/rialála a thrasnaíonn a chéile.

Athbhreithnítear na socruithe sin ar bhonn tráthrialta agus athmheasúnófar iad tar éis chríochnú an scrúdaithe ar reachtaíocht atá leagtha amach i nGníomh 21.

Féachfaidh an Roinn freisin le leas a bhaint as creat rialachais agus formhaoirseachta Thionscadal Éireann tríd an **Oifig Náisiúnta Cur Chun Feidhme sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt eangaí agus líonra, agus chun tacú leis an bhforbairt sin**, ionas go gcoinneoidh sí cab ar chab le forbairtí ar fud earnálacha difriúla agus le cuspóirí luaite beartais ar fud an aistrithe.

Leagtar béim in Athbhreithniú McCarthy ar shlándáil an tsoláthair leictreachais ar an tábhacht a bhaineann le hailtireacht na hearnála leictreachais ina hiomláine a athbhreithniú. Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil seo na ceachtanna sin a chur i bhfeidhm de réir mar a bhaineann siad le hÉirinn, i gcomhthéacs rialacha an Mhargaidh Leictreachais Aonair agus Mhargadh Leictreachais na hEorpa. Cé gur dóigh go rachadh aon dul chun cinn a bhainfí amach trí chur chun feidhme chun tairbhe don mhargadh leictreachais uile-oileáin agus dá thomhaltóirí, ní mholtar sa phacáiste seo **aon athruithe a dhéanamh ar an Margadh Leictreachais Aonair ná ar chreat an Choiste Margaidh Leictreachais Aonair** toisc gur faoin dá dhlínse atá sé an ní sin a chur ar aghaidh i gcomhar le chéile. Tugtar ról agus gníomhaíocht an Chomhghrúpa Stiúrtha faoi deara freisin, rud lena ndéantar soláthar d'fhormhaoirseacht beartais agus d'ailíniú beartais le haghaidh an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Tá an Grúpa Stiúrtha sin faoi chomhchathaoirleacht ag Roinn Geilleagair Thuaisceart Éireann agus ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus freastalaíonn Rialálaithe an Mhargaidh Leictreachais Aonair air.

Maidir le slándáil fhisiciúil agus cibearshlándáil, a luaithe a chinnfear é, **cinnteoidh an Rialtas go dtarlóidh sé, maidir leis an gcomhlacht poiblí ábhartha a gcuirfear de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca cibearshlándála agus slándála fisiciúla sna hearnálacha fuinnimh, go mbeidh ag an gcomhlacht sin an t-údarás dlíthiúil, na hacmhainní agus na tacair scileanna a theastaíonn chun a fheidhmeanna ríthábhachtacha a chomhlíonadh**. Leanfaidh an Rialtas le díriú a leagan ar na hearnálacha fuinnimh le linn measúnuithe riosca náisiúnta cibearshlándála agus tástálacha struis náisiúnta a dhéanamh. Glacfaidh an Rialtas páirt iomlán i measúnuithe riosca ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun cur leis an gcomhthuiscint ata againn ar na bagairtí sin agus chun bonn eolais a chur faoin obair chun tograí reachtacha nua agus sruthanna cistiúcháin nua a fhorbairt chun freagairt dóibh. Oibreoidh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála i gcomhar le comhlachtaí poiblí ábhartha agus le geallsealbhóirí tionscail chun measúnú riosca a dhéanamh ar rioscaí shlabhra an tsoláthair i mbonneagar fuinnimh agus i mbonneagar criticiúil eile agus molfaidh sé freagairtí cuí beartais don Rialtas freisin.

## **Gníomh 27:** Tuairisciú Bliantúil ar Shlándáil Fuinnimh agus Athbhreithnithe Tráthrialta ar Shlándáil Fuinnimh a bhunú

Sna freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí, bhíothas i bhfách den chuid is mó le faisnéis faoi shlándáil fuinnimh a tháirgeadh ar bhonn níos tráthrialta, e.g., ar bhonn bliantúil. Cuirfidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) **príomhthascairí feidhmíochta le haghaidh slándáil fuinnimh** i láthair gach bliain. Is é an toradh a bheidh ar fhoilseachán tráthrialta ar shlándáil fuinnimh a bheith ann ná go gcoinneofar slándáil fuinnimh ar an gclár oibre agus beifear in ann an fhaisnéis sin a chur san áireamh in athbhreithnithe tráthrialta ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh. De réir mar a éiríonn an córas fuinnimh níos idirspleáiche, beidh sé tábhachtach go gcuirfí slándáil an tsoláthair leictreachais, gáis agus ola san áireamh agus go dtógfaí dearcadh iomlánaíoch i leith slándáil fuinnimh, i.e., áit a gcuirfí soláthar fuinnimh agus an t-éileamh ar fhuinneamh araon san áireamh.

Ina theannta sin, d'imir an próiseas inar táirgeadh **an tAthbhreithniú sin ar Shlándáil Fuinnimh** ról ríthábhachtach i léargais a sholáthar agus i gcaidreamh a mhéadú ar fud na hEarnála Fuinnimh. Déanfar athbhreithniú eile sa bhliain 2030, agus **gach cúig bliana** ina dhiaidh sin, chun a chinntiú go leanfar den díriú a éilíonn sé a leagan ar shlándáil fuinnimh.

## **Gníomh 28:** Grúpa Slándála Fuinnimh buan a bhunú

Maidir leis an nGrúpa Éigeandála um Shlándáil Fuinnimh a bunaíodh sna míonna tosaigh den bhliain 2022 chun aghaidh a thabhairt ar an staid géarchéime a d'eascair as ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá **Grúpa Slándála Fuinnimh** buan ag teacht isteach ina ionad chun saincheisteanna slándála fuinnimh a scrúdú ar bhonn fadtéarmach. Cuid de shainchúram an Ghrúpa sin a bheidh i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Ghníomhartha an Phacáiste Slándála Fuinnimh agus soláthar gníomhartha sonracha a threorú. Beidh an Grúpa Slándála Fuinnimh comhdhéanta d'oifigigh ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ó CRU agus ó ghníomhaireachtaí fuinnimh na hÉireann, agus ó roinnt Ranna eile Rialtais agus ó eagraíochtaí ábhartha eile de réir mar is gá. Beidh an Grúpa sin ina fhóram le haghaidh plé ar chur chun feidhme na ngníomhartha, cumasóidh sé comhroinnt faisnéise agus cuirfear de chúram air timpeallacht a chruthú le haghaidh deireadh a chur le haon bhacainní ar chur chun feidhme a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Tá 28 ngníomh ann sa Phacáiste Slándála Fuinnimh. Is féidir liosta iomlán de na gníomhartha, a bhfuil amlínte agus úinéirí le haghaidh a gcuir i gcrích ag gabháil leo, a léamh in Iarscríbhinn 1 ag deireadh an doiciméid. Sa todhchaí, tiocfaidh an Grúpa Slándála Fuinnimh le chéile ar bhonn tráthrialta chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar Ghníomhartha an Phacáiste. Cuirfidh rúnaíocht an ghrúpa tuarascálacha débhliantúla cur chun feidhme ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme na ngníomhartha faoi bhráid an ghrúpa.

| Príomhghníomhartha maidir le Rialachas Láidir Riosca | |
|---|---|
| Tionscnaimh Bheartais atá ann cheana | • Creat cuntasachta le gach gníomhaireacht agus comhlacht fuinnimh<br>• Córas Rialála neamhspleáiche le haghaidh fuinnimh.<br>• Margaí oscailte agus iomaíocht oscailte.<br>• Bonneagar criticiúil a chosaint ar an raon iomlán bagairtí<br>• An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus an straitéis náisiúnta cibearshlándála.<br>• Óglaigh na hÉireann. |
| Bearta Breise | • Leathnú a dhéanamh ar an saineolas fuinnimh agus ar an gcumas fuinnimh atá ar fáil don Rialtas agus ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar bhonn idirnáisiúnta.<br>• Athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar raon feidhme, feidhmeanna agus acmhainniú na n-eagraíochtaí soláthair a bhfuil an t-aistriú fuinnimh á bhrú chun cinn acu.<br>• Formhaoirseacht ar an earnáil fuinnimh agus rialachas na hearnála fuinnimh a fheabhsú.<br>• An creat réamhaisnéisithe don earnáil leictreachais agus don earnáil gáis a chomhtháthú.<br>• Comhaontuithe Idirnáisiúnta Fuinnimh a leathnú chun tacú le slándáil fuinnimh.<br>• Leanúint d'Athbhreithniú Tráthrialta a Dhéanamh ar Chleachtaí Éigeandála agus ar an Ullmhacht d'Éigeandálaí.<br>• Athrú chun dáta a dhéanamh ar an gcur chuige i leith Rannpháirtíocht an Tionscail agus na nGeallsealbhóirí i mbreithniúchán beartais.<br>• Tuairisciú Bliantúil ar Shlándáil Fuinnimh agus Athbhreithnithe Tráthrialta ar Shlándáil Fuinnimh a bhunú.<br>• Athrú chun dáta a dhéanamh ar an gcur chuige i leith Rannpháirtíocht an Tionscail agus na nGeallsealbhóirí i mbreithniúchán beartais.<br>• Grúpa Slándála Fuinnimh buan a bhunú. |

# Na Chéad Chéimeanna Eile

Cuireadh athbhreithniú na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar bheartais slándála fuinnimh ar siúl thar na blianta 2022 agus 2023. Áiríodh leis an athbhreithniú cleachtaí ullmhachta d'éigeandálaí, athbhreithniú ar shlándáil soláthair chórais Leictreachais agus Gháis na hÉireann, rud a raibh comhairliúchán poiblí fairsing a bhfuair breis agus 450 freagra ina leith i gceist leis, Athbhreithniú Neamhspleách ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais (Tuarascáil McCarthy), freagairt slándála fuinnimh don ionradh ar an Úcráin tríd an gCreat Náisiúnta Slándála Fuinnimh, anailís beartais ar shlándáil an tsoláthair ola, agus cruinniú mullaigh maidir le 'Neamhspleáchas Fuinnimh' a d'óstáil an Rialtas i mí Iúil 2023.

Is é an pacáiste seo an fhreagairt don Athbhreithniú ar Shlándáil Fuinnimh agus don chomhairliúchán poiblí. Tá sé dírithe ar leanúint ar aghaidh le dul chun cinn agus gníomhaíocht a dhéanamh. Is é an toradh a bheidh air go neartófar cur chuige na hÉireann i leith riosca agus athléimneachta, agus dearcadh comhtháite sistéamach meántéarmach á ghlacadh i leith na réimsí inar féidir linn níos mó a dhéanamh. Cuireann sé go mór le córas fuinnimh atá níos sláine, níos inbhuanaithe agus níos inacmhainne a chruthú d'Éirinn.

Déanfaidh an Grúpa Slándála Fuinnimh formhaoirseacht ar na gníomhartha sa Phacáiste Slándála Fuinnimh seo. Bunaíodh an Grúpa Slándála Fuinnimh chun saincheisteanna slándála fuinnimh a scrúdú ar bhonn níos fadtéarmaí. Beidh an Grúpa Slándála Fuinnimh comhdhéanta d'oifigigh ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ó CRU, ó ghníomhaireachtaí fuinnimh na hÉireann, agus ó roinnt Ranna eile Rialtais agus ó eagraíochtaí ábhartha eile de réir mar is gá. Tiocfaidh an Grúpa Slándála Fuinnimh le chéile ar bhonn tráthrialta chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar ghníomhartha an Phacáiste. Cuirfidh rúnaíocht an ghrúpa tuarascálacha débhliantúla cur chun feidhme ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme na ngníomhartha faoi bhráid an ghrúpa.

D'imir an próiseas inar táirgeadh an tAthbhreithniú sin ar Shlándáil Fuinnimh ról ríthábhachtach i léargais a sholáthar agus i gcaidreamh a mhéadú ar fud na hEarnála Fuinnimh. Tá ag an bPacáiste seo gníomhartha lena méadófar slándáil fuinnimh in Éirinn, agus déanfar iad sna cúig bliana romhainn. Dá bhrí sin, tugtar gealltanas sa Phacáiste go ndéanfar athbhreithniú eile sa bhliain 2030, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, chun a chinntiú go leanfar den díriú a éilíonn sé a leagan ar shlándáil fuinnimh.

# Aguisíní

# Aguisín 1: Slándáil Fuinnimh in Éirinn suas go 2030: Iarscríbhinn Gníomhartha




Déanfaidh an Grúpa Slándála Fuinnimh formhaoirseacht ar na gníomhartha thíos. Ba bhoinn eolais faoi na gníomhartha thíos iad athbhreithniú agus comhairliúchán poiblí fairsing ar líonraí Leictreachais agus Gáis na hÉireann, Athbhreithniú Neamhspleách ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais (Tuarascáil McCarthy), freagairt slándála fuinnimh don ionradh ar an Úcráin tríd an gCreat Náisiúnta Slándála Fuinnimh, anailís beartais ar shlándáil an tsoláthair ola, agus 'Cruinniú Mullaigh maidir le Neamhspleáchas Fuinnimh' a d'óstáil an Rialtas i mí Iúil 2023.

| Príomhghníomhartha maidir le hÉileamh Laghdaithe Freagrúil | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomhartha** | **Treoraí** | **Amlíne** |
| 1 | An Treoir Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a thrasuí | Trasrialtas/RCAC | 2025 |
| 2 | Caighdeánú a dhéanamh ar an gcur chuige a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar a inacmhainne atá tionscnaimh bheartais nua agus tionscnaimh bheartais atá ann cheana do thomhaltóirí | RCAC | 2024 |
| 3 | Feabhas a chur ar na bealaí inar féidir le tithe agus gnólachtaí a n-úsáid fuinnimh féin a bhainistiú trí chlár fianaisebhunaithe gníomhaíochta cumarsáide a sholáthar agus trí thacú le 'tomhaltóirí gníomhacha' trí mhéadrú cliste agus trí sheirbhísí cliste fuinnimh | RCAC | 2025 |
| 4 | An beartas um nascadh gáis a athbhreithniú agus bearta solúbthachta éilimh gáis a thabhairt isteach | RCAC | 2025 |
| 5 | Cineálacha nua nuálacha cur chuige a shainaithint agus a chothú i leith éileamh mórscála a chomhtháthú go hinbhuanaithe isteach i gcórais fuinnimh na hÉireann lena n-ailínítear leis an gcuspóir sáraitheach atá ann dícharbónú a bhaint amach | RCAC/RFTF | 2023-2030 |
| **Príomhghníomhartha maidir le Córas atá faoi Threoir ag Foinsí Fuinnimh In-athnuaite** | | | |
| 6 | An Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a úsáid chun a chinntiú go n-ailínítear gach dreasacht beartais le chéile ar bhonn tráthrialta | RCAC | 2024 |
| 7 | Obair de réir Dhearadh nuashonraithe Mhargadh Leictreachais na hEorpa chun leanúint le laghdú a dhéanamh ar na hastaíochtaí a bhaineann le toilleadh traidisiúnta na hÉireann sa mheántéarma | RCAC | 2023-2030 |

*ar lean.*

| Príomhghníomhartha maidir le hAthléimneacht: Leictreachas | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomhartha** | **Treoraí** | **Amlíne** |
| 8 | Cur chun feidhme an Chláir um Shlándáil an tSoláthair Leictreachais atá faoi stiúir ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais a chríochnú | CRU/RCAC/EirGrid | 2027 |
| 9 | Athléimneacht a mhéadú trí chaighdeán iontaofachta atá nuashonraithe, rioscabhunaithe agus fianaisebhunaithe a chur chun feidhme san earnáil leictreachais | RCAC | 2024 |
| 10 | Athchóirithe toilithe a chur chun feidhme agus ailíniú le hathchóirithe pleanála chun tuilleadh cinnteachta a thabhairt don earnáil | RCAC/RTRÁO | 2023-2030 |
| 11 | Eangach leictreachais atá oiriúnach don fheidhm agus lena dtacaítear le huaillmhianta fuinnimh agus aeráide na hÉireann a chinntiú. | RCAC/EirGrid | 2023-2030 |
| 12 | Dlús a chur le solúbthacht a sholáthar sa chóras cumhachta | RCAC/CRU/EirGrid | 2023-2030 |
| 13 | Idirnaisc bhreise Leictreachais a chur i gcrích agus a chomhtháthú go rathúil | RCAC/CRU/EirGrid | 2023-2030 |
| **Príomhghníomhartha maidir le hAthléimneacht: Gás** | | | |
| 14 | Staidéir a thabhairt chun críche chun bonn eolais a chur faoi réitigh stórála fadtéarmaí gáis a fhorbairt ar féidir leo gás in-athnuaite, agus hidrigin go háirithe, a stóráil | RCAC | 2025 |
| 15 | 'Píblíne gháis na hInse' atá ar talamh a dhaingniú le haghaidh mórúsáidí straitéiseacha | RCAC | 2024 |
| 16 | Eangach gáis atá oiriúnach don fheidhm agus lena dtacaítear le huaillmhianta fuinnimh agus aeráide na hÉireann a chinntiú | RCAC | 2024-2025 |
| 17 | Cúltaca Straitéiseach Éigeandála Gáis a chruthú chun Éire a chosaint i gcás cur isteach ar an soláthar gáis de réir mar a dhéanann Éire aistriú slán chuig fuinneamh in-athnuaite den chuid is mó | RCAC/CRU/Líonraí Gáis Éireann | Cur chun feidhme luathaithe |
| **Príomhghníomhartha maidir le hAthléimneacht: Ola** | | | |
| 18 | An slabhra soláthair breoslaí tánaisteacha a neartú le haghaidh giniúint Ghásadhainte cumhachta | EirGrid/NORA/ RCAC/FFI | 2024 |
| 19 | Fadhbanna Fadtéarmacha Foinsithe a réiteach le haghaidh Slándáil Ola fheabhsaithe | RCAC | 2024 |
| **Príomhghníomhartha maidir le Rialachas Láidir Riosca** | | | |
| 20 | Leathnú a dhéanamh ar an saineolas fuinnimh agus ar an gcumas fuinnimh atá ar fáil don Rialtas agus ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar bhonn idirnáisiúnta | RCAC | 2024-2025 |
| 21 | Athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar raon feidhme, feidhmeanna agus acmhainniú na n-eagraíochtaí soláthair a bhfuil an t-aistriú fuinnimh á bhrú chun cinn acu | RCAC | 2023-2026 |
| 22 | An creat réamhaisnéisithe don earnáil leictreachais agus don earnáil gáis a chomhtháthú | RCAC/Líonraí Gáis Éireann/EirGrid | 2027 |

| Uimh. | Gníomhartha | Treoraí | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 23 | Comhaontuithe Idirnáisiúnta Fuinnimh a leathnú chun tacú le slándáil fuinnimh | RCAC | 2023-2024 |
| 24 | Leanúint d'Athbhreithniú Tráthrialta a Dhéanamh ar Chleachtaí Éigeandála Fuinnimh agus ar an Ullmhacht d'Éigeandálaí Fuinnimh | RCAC/NORA/ CRU/Líonraí Gáis Éireann/EirGrid | 2023-2030 |
| 25 | Athrú chun dáta a dhéanamh ar an gcur chuige i leith Rannpháirtíocht an Tionscail agus na nGeallsealbhóirí i mbreithniúchán beartais | RCAC | 2024 |
| 26 | Formhaoirseacht ar an earnáil fuinnimh agus rialachas na hearnála fuinnimh a fheabhsú | RCAC | 2023-2026 |
| 27 | Tuairisciú Bliantúil ar Shlándáil Fuinnimh agus Athbhreithnithe Tráthrialta ar Shlándáil Fuinnimh a bhunú | SEAI/DECC | 2023-2030 |
| 28 | Grúpa Slándála Fuinnimh buan a bhunú | RCAC | 2024 |

# Aguisín 2: Mór-Ráitis Bheartais 2015-2023

## Forbairtí Beartais Náisiúnta

Tháinig athruithe móra ar bheartas fuinnimh agus aeráide na hÉireann ó foilsíodh Clár an Rialtais sa bhliain 2020. Ceanglaíodh le Clár an Rialtais ar Éirinn laghdú 51% in astaíochtaí iomlána a bhaint amach faoin mbliain 2030, i gcoibhneas le leibhéil na bliana 2018, agus neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoin mbliain 2050. Is iad na cuspóirí sin na príomhnithe a bhrúnn ár mbeartas fuinnimh chun cinn.

Is achoimrithe thíos atá tuilleadh mionsonraí faoin mBeartas Reatha Fuinnimh agus Aeráide in Éirinn don tréimhse 2020-2023.

| Mór-Ráitis Bheartais 2015-2023 | |
|---|---|
| An Páipéar Bán ar Fhuinneamh 2015: Aistriú na hÉireann i dtreo Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin | • Nuashonrú iomlán ar an mbeartas fuinnimh ba ea an Páipéar Bán dar teideal 'Aistriú na hÉireann chuig Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin 2015-2030'.<br>• Leagadh amach ann creat chun treorú a dhéanamh ar an mbeartas agus ar na gníomhartha a bhí sé beartaithe ag an Rialtas a dhéanamh san earnáil fuinnimh ón mbliain 2015 go dtí an bhliain 2030.<br>• Cuireadh cuspóirí agus comhaontuithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta i leith an athraithe aeráide san áireamh sa pháipéar. Cuireadh tosaíochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus fostaíochta Éireannacha san áireamh ann freisin. |
| Straitéis chun Bochtaineacht Fuinnimh a Chomhrac 2016-2019 | • Leis an straitéis seo, leathnaíodh clúdach na scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh atá ann cheana agus cuireadh ceangal ar an rialtas bearta nua a fhorbairt agus a thriail chun teacht ar dhóigheanna níos éifeachtaí chun iarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh a dhíriú orthu sin is mó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh. |
| An Plean Náisiúnta Maolaithe 2017 | • Foilsíodh an Plean Náisiúnta Maolaithe i mí Iúil 2017. B'ionann é agus céim tosaigh i leith Éire a aistriú chuig geilleagar a bheidh ar bheagán carbóin, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoin mbliain 2050. |
| An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh | • Foilsíodh ceithre phlean inar leagadh amach pleananna na hÉireann chun dul chun cinn a dhéanamh ar an sprioc arb é atá ann éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 20% faoin mbliain 2020. Mionsonraítear sna pleananna sin an dul chun cinn arna dhéanamh ar an sprioc a chomhlíonadh, na bearta atá i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfar na spriocanna, agus na straitéisí sonracha agus na beartais shonracha atá i bhfeidhm ar fud na hearnála cónaithe, na hearnála tráchtála, na hearnála iompair agus na hearnála poiblí. |
| Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le hIdirnasc Leictreachais | • Leagtar amach sa ráiteas beartais seo an dearcadh foriomlán oifigiúil i leith idirnasc leictreachais in Éirinn agus tá sé deartha chun treoir beartais ardleibhéil a sholáthar do gach geallsealbhóir, go háirithe don Choimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) de réir mar a bhreithníonn sé iarratais ó thionscnóirí tionscadail. |
| An Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide | • Tugadh na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide isteach le Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide, rud a comhaontaíodh mar chuid den phacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach', a glacadh sa bhliain 2019. Cuireadh an leagan deiridh den Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide isteach sa bhliain 2019. |

*ar lean.*

| Mór-Ráitis Bheartais 2015-2023 | |
|---|---|
| An Plean Náisiúnta Iarfheistithe | • Foilsíodh an Plean Náisiúnta Iarfheistithe mar chuid den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 ó Éirinn agus leagtar amach ann conas a chomhlíonfaidh an Rialtas na spriocanna náisiúnta iarfheistithe.<br>• Tá an Plean ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar iarfheistiú ar fud ceithre phríomhcholún: éileamh agus gníomhaíocht a bhrú chun cinn; maoiniú agus cistiú; slabhra an tsoláthair, scileanna agus caighdeáin; agus rialachas. |
| An Ráiteas Beartais maidir le hIompórtáil Gáis Fhraiceáilte 2021[36] | • Foilsíodh an Ráiteas Beartais seo ar feitheamh thoradh an athbhreithniúcháin ar shlándáil soláthair fuinnimh chórais leictreachais agus gháis nádúrtha na hÉireann.<br>• Luadh ann nach mbeadh sé cuí aon chríochfoirt gháis nádúrtha leachtaithe a cheadú in Éirinn ná dul ar aghaidh le haon chríochfoirt den sórt sin a fhorbairt inti.<br>• Cuireadh in iúl ann freisin nach measfar, i gcomhthéacs chonarthaí an Aontais Eorpaigh agus na ndlíthe lena rialaítear an margadh inmheánach fuinnimh, go bhféadfaí toirmeasc dlíthiúil a chur ar allmhairiú gáis fhraiceáilte.<br>• Ghabh an Rialtas air féin obair i gcomhar le Stáit Eorpacha atá ar aon intinn linn chun athruithe a chur chun cinn agus a chothú ar dhlíthe fuinnimh na hEorpa ar mhaithe le srian a chur ar allmhairiú gáis fhraiceáilte agus obair i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun céimniú amach na fraiceála ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur chun cinn ar mhaithe le heastóscadh breoslaí iontaise a chéimniú amach i gcoitinne. |
| An Ráiteas Beartais maidir le Slándáil an tSoláthair Leictreachais 2021[37] | • Forbraíodh an Ráiteas seo tar éis don Choimisiún um Rialáil Fóntais a dhearbhú gurb ann do ghéarchéim i slándáil an tsoláthair leictreachais.<br>• Luadh ann gur tosaíocht náisiúnta é giniúint thraidisiúnta nua a fhorbairt (lena n-áirítear giniúint ghásadhainte agus giniúint ghásadhainte/ola-adhainte/dhriogáit-adhainte) agus gur cheart an fhorbairt sin a cheadú agus a chothú chun slándáil an tsoláthair leictreachais a chinntiú agus chun tacú le fás na giniúna leictreachais in-athnuaite.<br>• Tacaíodh ann leis an toilleadh giniúna traidisiúnta leictreachais atá ann cheana a choinneáil go dtí go bhforbrófar toilleadh nua giniúna traidisiúnta leictreachais chun slándáil an tsoláthair a chinntiú.<br>• Luadh ann gurb amhlaidh, agus úsáideoirí móra fuinnimh á nascadh leis an eangach leictreachais, ba cheart aird a thabhairt ar an tionchar féideartha ar shlándáil an tsoláthair leictreachais agus ar an ngá atá ann leis an eangach leictreachais a dhícharbónú. |
| An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021[38] | • Leis an Acht seo, rinneadh sprioc atá ina ceangal dlí den sprioc atá ag Éirinn bheith neodrach ó thaobh carbóin de tráth nach déanaí ná an bhliain 2050.<br>• Leis an Acht, cuireadh an scor de cheadúnais nua taiscéalaíochta ola agus gáis ar bhonn reachtúil.<br>• Leis an Acht, leabaíodh próiseas na mbuiséad carbóin cúig bliana isteach sa dlí, lena n-áirítear spriocanna meántéarmacha earnála.<br>• Mionsonraíodh ann uasteorainneacha astaíochtaí earnála i ngach earnáil, agus uasteorainn earnála á sonrú le haghaidh astaíochtaí leictreachais a laghdú faoi 75% nó faoi thrí mhilliún tona de choibhéisí $CO_2$ in aghaidh na bliana faoin mbliain 2030 (i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018). |

*ar lean.*

[36] gov.ie - An Ráiteas Beartais maidir le hIompórtáil Gáis Fhraiceáilte (www.gov.ie)

[37] gov.ie - An Ráiteas Beartais maidir le Slándáil an tSoláthair Leictreachais (www.gov.ie)

[38] Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 (irishstatutebook.ie)

| Mór-Ráitis Bheartais 2015-2023 | |
|---|---|
| An Creat Náisiúnta Slándála Fuinnimh 2022[39] | • Leis an gCreat seo, soláthraíodh freagairt do riachtanais slándála fuinnimh na hÉireann i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin.<br>• Díríodh ann ar conas is féidir tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus do ghnólachtaí, go háirithe iad sin is mó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, agus ar conas aistriú na tíre chuig éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh agus chuig córais fuinnimh in-athnuaite dhúchasaigh a bhrostú. Ina theannta sin, iarradh ann go dtacódh an córas pleanála le cur i bhfeidhm méadaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite.<br>• Tugadh leis an gCreat freisin tús áite don athbhreithniú ar shlándáil soláthair leictreachais agus gáis nádúrtha na hÉireann a chríochnú. |
| Ráiteas ón Rialtas maidir le Ról na nIonad Sonraí i Straitéis Fiontraíochta na hÉireann 2022[40] | • Tá sé mar aidhm leis an Ráiteas seo an dá aistriú a éascú, is iad sin dícharbónú agus digitiú shochaí agus gheilleagar na hÉireann.<br>• Luadh ann nach mbeadh forbairtí ionaid 'oileánbhunaithe' sonraí nach bhfuil nasctha leis an eangach leictreachais agus a chumhachtaítear go príomha le giniúint breoslaí iontaise ar an láithreán ag teacht leis an mbeartas náisiúnta.<br>• Cuireadh in iúl ann freisin gurbh é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar aon fhás ar ionaid 'Oileánbhunaithe' sonraí ná go n-aistreofaí an riosca i slándáil an tsoláthair ó sholáthar leictreachais go soláthar gáis, rud a chruthódh dúshlán suntasach mar gheall ar spleáchas na hÉireann ar ghás allmhairithe. |
| An Ráiteas Beartais maidir le Taiscéalaíocht agus Táirgeadh Peitriliam in Éirinn 2022[41] | • Cé gur deimhníodh sa Ráiteas Beartais seo nach ndeonófaí aon údaruithe nua le haghaidh taiscéalaíocht peitriliam nua, deimhníodh ann freisin nach ndéanfadh an t-athrú sin aon difear d'údaruithe atá ann cheana.<br>• Féadfaidh sealbhóirí údaruithe atá ann cheana leanúint le hiarratas a dhéanamh ar dhul trí na gnáthchéimeanna den tsaolré ceadúnúcháin go dtí go dtiocfaidh siad chun deiridh nádúrtha, lena n-áirítear dul in éag an údaraithe, scaradh leis an údarú, nó táirgeadh.<br>• Tá aon iarratais ar údaruithe leantacha agus aon iarratais ar ghníomhaíochtaí amach ón gcósta a ghabháil de láimh faoi údarú faoi réir thoiliú an Aire agus ní mór leanúint le critéir chomhshaoil, theicniúla agus airgeadais a chomhlíonadh iontu, de réir mar is cuí. |
| An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023[42] | • Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, gealladh an sciar de leictreachas in-athnuaite a mhéadú chun astaíochtaí earnála leictreachais a laghdú faoi 75% trí 9 GW de thoilleadh fuinnimh gaoithe ar talamh, 8 GW de thoilleadh grianfhuinnimh agus 5 GW ar a laghad de thoilleadh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a bhaint amach faoin mbliain 2030.<br>• Leagadh amach sa Phlean spriocanna eatramhacha le haghaidh 'foirgnimh níos fearr a thógáil' suas go dtí an bhliain 2025, amhail borradh a chur faoi iarfheistiú chun an choibhéis charbóin de 120,000 teaghais a thabhairt chuig rátáil fuinnimh foirgnimh B2 faoin mbliain 2025, teaschaidéil a shuiteáil i 45,000 áitreabh atá ann cheana agus i 170,000 áitreabh nua faoin mbliain 2025, agus suas le 0.8 TWh de thoilleadh téimh ceantair a ghiniúint faoin mbliain 2025.<br>• Áiríodh leis an bPlean freisin an earnáil dhúchasach bithmheatáin a leathnú trí dhíleá anaeróbach ar mhaithe le 5.7 TWh de thoilleadh bithmheatáin a bhaint amach faoin mbliain 2030. |

*ar lean.*

[39] gov.ie - An Creat Náisiúnta Slándála Fuinnimh (www.gov.ie)
[40] government-statement-on-the-role-of-data-centres-in-irelands-enterprise-strategy.pdf
[41] gov.ie - An Ráiteas Beartais maidir le Taiscéalaíocht agus Táirgeadh Peitriliam in Éirinn (www.gov.ie)
[42] gov.ie - An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (www.gov.ie)

| Mór-Ráitis Bheartais 2015-2023 | |
|---|---|
| An tAcht um Theagmhasacht Éigeandála Ola agus um Fheidhmeanna a bhaineann le Breoslaí Iompair Inathnuaite a Aistriú, 2023[43] | • Leasaítear leis an Acht seo an tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007, chun ceanglas reachtúil a chur ar an Aire plean teagmhais éigeandála ola a tháirgeadh.<br>• Foráiltear leis an Acht do "Chlár Peitriliam" a bhunú, rud lena gcumasófaí aon Orduithe agus Ordacháin riachtanacha ón Aire a eisiúint le linn dianéigeandáil ola chun gur féidir iad a chur in iúl go tapa do gheallsealbhóirí.<br>• Foráiltear leis an Acht freisin d'fhaisnéis mháil a bhaineann le hola mhianra a dhiúscairt trí dhíol laistigh den Stát a aistriú ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig an Aire chun cabhrú le raon gníomhaíochtaí pleanála teagmhais éigeandála ola. |
| Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le hIdirnasc Leictreachais | • I ráiteas beartais na hÉireann maidir le hidirnasc leictreachais 2023, tugtar gealltanas go méadófar toilleadh idirnaisc na hÉireann agus tacaítear go sonrach ann le nasc breise leis an mBreatain Mhór a sholáthar faoin mbliain 2030, lasmuigh d'Idirnascaire Greenlink a chríochnú.<br>• Tugtar gealltanas sa bheartas freisin go ndéanfar aistriú chuig cur chuige níos Stát-treoraithe trí Straitéis bheartaithe um Tharchur Amach ón gCósta, rud ina leagfar riachtanais idirnascaire na hÉireann amach agus lena socrófar forbairtí sa todhchaí i gcomhthéacs réamhphleanáil chomhtháite. |
| An Straitéis Náisiúnta Hidrigine | • Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Hidrigine an fhís straitéiseach maidir leis an ról a imreoidh hidrigin i gcóras fuinnimh na hÉireann, agus aird á tabhairt ar a ról fadtéarmach mar chomhpháirt thábhachtach de gheilleagar atá saor ó charbón. Leagtar amach inti freisin na gníomhartha gearrthéarmacha is gá a sholáthar sna blianta atá le teacht chun forbairt na hearnála hidrigine in Éirinn a chumasú.<br>• Breithnítear sa Straitéis riachtanais an tslabhra luacha hidrigine ar fad, lena n-áirítear táirgeadh, úsáidí deiridh, iompar agus stóráil, sábháilteacht, rialáil, margaí, nuálaíocht, agus scileanna.<br>• Leagtar amach sa straitéis plean na hÉireann chun díriú ar hidrigin "ghlas" in-athnuaite a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as acmhainní suntasacha fuinnimh in-athnuaite na hÉireann chun tacú le dícharbónú agus chun slándáil fuinnimh a neartú. |
| An Plean Gníomhaíochta um Bochtaineacht Fuinnimh | • Le Plean na bliana 2022, tógtar ar an Straitéis chun Tearcrochtain Fuinnimh a Chomhrac, a foilsíodh sa bhliain 2016, agus leagtar amach ann gníomhartha garthéarmacha agus meántéarmacha lena ngabhann tacaíochtaí ioncaim, coimirce sóisialaí agus cosanta tomhaltóirí, chomh maith le cistiú méadaithe le haghaidh uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh sa bhliain 2023 agus ina diaidh chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna le bochtaineacht fuinnimh.<br>• Tá sé mar aidhm leis an bPlean foinse faisnéise soiléire a sholáthar do thomhaltóirí agus do gheallsealbhóirí, ciste €10 milliún a bhunú chun coimirce bhreise a sholáthar do dhaoine atá ag streachailt lena mbillí fuinnimh a íoc, agus reachtaíocht a chur ar aghaidh chun an sainmhíniú ar cad is custaiméir leochaileach ann a leathnú chun leochaileacht ó thaobh an airgeadais de a fholú, rud lena leathnófar ar feadh tréimhse níos faide thar mhíonna an gheimhridh an chosaint ar dhícheangal as mainneachtain cuntas a íoc. |

[43] An tAcht um Theagmhasacht Éigeandála Ola agus um Fheidhmeanna a bhaineann le Breoslaí Iompair Inathnuaite a Aistriú, 2023 (irishstatutebook.ie)

# Aguisín 3: Liosta Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn 1 – Gníomhartha an Phacáiste Slándála Fuinnimh

Liosta iomlán de Ghníomhartha an Phacáiste Slándála Fuinnimh, agus amlínte agus úinéirí ag gabháil leo.

## Iarscríbhinn 2 – Soláthairtí Gáis na hÉireann a Dhaingniú

Tugtar tacaíocht sa doiciméad seo do na moltaí sa Phacáiste Slándála Fuinnimh maidir le soláthairtí gáis na hÉireann a dhaingniú agus cuirtear bonn eolais ann faoi na moltaí sin.

## Iarscríbhinn 3 – Achoimre ar na Freagraí Comhairliúcháin

Achoimre ar na Freagraí ar an gComhairliúchán ar an Athbhreithniú ar Shlándáil Soláthair Fuinnimh Chórais Leictreachais agus Gháis na hÉireann.

## Iarscríbhinn 4 – Anailís Theicniúil

Anailís Theicniúil CEPA agus Anailís Theicniúil Fhorlíontach CEPA ar shlándáil fhisiciúil soláthair chórais leictreachais agus gháis nádúrtha na hÉireann.

## Iarscríbhinn 5 – Athbhreithniú Neamhspleách ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais (Tuarascáil McCarthy)

Tuarascáil ar an Athbhreithniú Neamhspleách ar Shlándáil an tSoláthair Leictreachais.

## Iarscríbhinn 6 – Tuarascáil an Chreata Náisiúnta Slándála Fuinnimh

Tuarascáil Chlabhsúir an Chreata Náisiúnta Slándála Fuinnimh.

www.gov.ie